AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en)

2018/0217 (COD)
LEX 2132

PE-CONS 65/1/21
REV 1

AGRI 396
AGRIFIN 103
AGRISTR 63
AGRILEG 211
AGRIORG 101
EMPL 514
SOC 685
CADREFIN 400
CODEC 1183

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN GCOMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA A MHAOINIÚ, A BHAINISTIÚ AGUS FAIREACHÁN A DHÉANAMH AIR AGUS LENA N-AISGHAIRTEAR RIALACHÁIN (AE) UIMH. 1306/2013

**RIALACHÁN (AE) 2021/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 2 Nollaig 2021**

**maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 43(2) agus 322(1), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

---

1 IO C 41,1.2.2019, lch. 1.
2 IO C 62, 15.2.2019, lch. 214.
3 IO C 86, 7.3.2019, lch. 173.
4 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 2 Nollaig 2021

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Samhain 2017 dar teideal *The Future of Food and Farming* [Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta], cinntear gur cheart go leanfadh an comhbheartas talmhaíochta (CBT) air ag cur dlús leis an gcaoi a dtugann sé faoi dhúshláin agus deiseanna na todhchaí trí bhorradh a chur faoin bhfostaíocht, faoin bhfás agus faoin infheistíocht, trí chomhrac a chur ar an athrú aeráide agus dul in oiriúint dó san am céanna, agus trí shaothar taighde agus nuálaíochta a leathnú amach as na saotharlanna agus a chur chun tairbhe do réimsí agus margaí lasmuigh. Ina theannta sin, ba cheart do CBT díriú ar na ceisteanna atá ag déanamh buartha do na saoránaigh faoi tháirgeadh talmhaíochta atá inbhuanaithe.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart cuspóirí Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear oibleagáidí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus comhar um fhorbairt, a chur san áireamh agus CBT á chur chun feidhme.

(3) Ba cheart samhail seachadta reatha CBT atá dírithe ar an gcomhlíontacht a choigeartú chun a áirithiú go ndíreofar níos fearr ar thorthaí agus ar an bhfeidhmíocht. Dá réir sin, ba cheart don Aontas na bunchuspóirí beartais, cineálacha idirghabhála agus bunriachtanais an Aontais a shocrú agus ba cheart freagracht agus cuntasacht níos mó a bheith ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí sin. Dá thoradh sin, is gá coimhdeacht agus solúbthacht mhéadaithe a áirithiú chun na dálaí agus na riachtanais áitiúla a thabhairt san áireamh ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, faoi shamhail seachadta CBT nua, ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as miondeisiú a dhéanamh ar a n-idirghabhálacha CBT i gcomhréir lena riachtanais shonracha agus le bunriachtanais an Aontais chun rannchuidiú le cuspóirí CBT an Aontais a uasmhéadú. Chun leanúint de chur chuige coiteann agus cothrom na Féinne a áirithiú idir na Ballstáit, ba cheart do na Ballstáit an creat comhlíonta agus rialaithe do thairbhithe a bhunú agus a dhearadh chomh maith, lena n-áirítear comhlíonadh caighdeán maidir le dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil agus ceanglais reachtúla bhainistíochta.

(4) Le CBT cuimsítear idirghabhálacha agus bearta éagsúla agus cumhdaítear roinnt mhaith díobh sin le Pleananna Straitéiseacha CBT dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1+]. Tá roinnt eile fós a leanann an loighic comhlíonta thraidisiúnta. Tá sé tábhachtach maoiniú a chur ar fáil do na hidirghabhálacha agus na bearta uile chun rannchuidiú le cuspóirí CBT a bhaint amach. Tá eilimintí áirithe i gcoiteann ag an dá hidirghabháil agus na bearta araon agus dá bharr sin ba cheart déileáil lena maoiniú sa tacar forálacha céanna. I gcás inar gá, áfach, ba cheart go bhféadfaí déileáil leo ar bhealach difriúil. Tá dhá chiste talmhaíochta Eorpacha á rialú le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó gComhairle[2], eadhon an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta ('CERT') agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ('CETFT'). Ba cheart an dá Chíste sin a choinneáil faoin Rialachán seo. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe reatha CBT, is iomchuí gníomh eile a chur in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

---

1 Rialachán (AE) 2021/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L …, …, lch. …).

+. + IO: Cuir isteach sa téacs le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)) agus san fhonóta lena bhaineann uimhir, dáta glactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin sin.

2 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Rialachán Airgeadais'), go háirithe na forálacha lena rialaítear an bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit, feidhmiú na gcomhlachtaí creidiúnaithe agus na prionsabail bhuiséadacha, maidir leis na hidirghabhálacha agus na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.

(6) Chun cleachtais na mBallstát a chomhchuibhiú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an chlásail force majeure, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí, do dhíolúintí ó rialacha CBT i gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla, agus do liosta neamh-uileghabhálach cásanna force majeure agus foráil a dhéanamh maidir le liosta imthosca eisceachtúla a d'fhéadfadh a bheith ann a bheidh le haithint ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart do na húdaráis inniúla ábhartha cinntí a dhéanamh maidir le force majeure ar bhonn gach cáis ar leith, ar bhonn na fianaise ábhartha.

(7) Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo, do dhíolúintí ó rialacha CBT i gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla, amhail i gcás teagmhas meitéareolaíoch tromchúiseach lena ndéantar dochar mór do ghabháltas an tairbhí ar leibhéal inchomparáide le tubaiste nádúrtha tromchúiseach.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(8) Ba cheart caiteachas CBT a mhaoiniú faoi bhuiséad ginearálta an Aontais (‘buiséad an Aontais’), lena n-áirítear caiteachas ar idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT faoi Theideal III de Rialachán (AE) 2021/…[+,] go díreach faoi CERT agus CETFT nó i gcomhthéacs na bainistíochta comhroinnte leis na Ballstáit. Ba cheart na cineálacha caiteachais is féidir a mhaoiniú leis an dá Chiste sin a shonrú.

(9) Chun cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE a ghnóthú, agus chun cloí le prionsabal na bainistíochta comhroinnte, dá bhforáiltear in Airteagal 63 den Rialachán Airgeadais, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do na córais rialachais is gá. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo, ba cheart foráil a dhéanamh o maidir le comhlachtaí rialachais, eadhon an t-údarás inniúil, an ghníomhaireacht íocaíochta, an comhlacht comhordaithe agus an comhlacht deimhniúcháin a ainmniú.

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(10) Is gá foráil a dhéanamh maidir le creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus maidir le hainmniú agus creidiúnú comhlachtaí comhordaithe ag na Ballstáit, agus maidir le nósanna imeachta a bhunú chun na dearbhuithe bainistíochta, na doiciméid bhliantúla imréiteacha, achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh, agus tuarascálacha feidhmíochta a fháil, agus maidir le deimhniú córas bainistithe agus faireacháin agus córais tuairiscithe a fháil agus ba cheart foráil freisin go ndeimhneodh comhlachtaí neamhspleácha na cuntais bhliantúla. Ina theannta sin, chun trédhearcacht an chórais seiceálacha a bheidh le déanamh ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú, go háirithe maidir le nósanna imeachta údaraithe, bailíochtaithe agus íocaíochta, chun an t-ualach riaracháin agus iniúchta a laghdú don Choimisiún agus do na Ballstáit i gcás inar gá gach gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú, ba cheart líon na n-údarás agus na gcomhlachtaí a dtarmligtear na cúraimí sin chucu a shrianadh, agus forálacha bunreachtúla gach Ballstáit á n-urramú. I gcás ina ndéantar foráil do réigiúin i gcreat bunreachtúil Bhallstáit, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an mBallstát sin gníomhaireachtaí íocaíochta réigiúnacha a chreidiúnú, faoi choinníollacha áirithe.

(11) I gcás ina ndéanfaidh Ballstát níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin a chreidiúnú, ba cheart dó comhlacht poiblí comhordaithe aonair a ainmniú chun comhsheasmhacht a áirithiú i mbainistiú CERT agus CETFT, chun foráil a dhéanamh maidir le hidirchaidreamh a dhéanamh idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe éagsúla agus chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a iarrann an Coimisiún faoi oibríochtaí roinnt gníomhaireachtaí íocaíochta a chur ar fáil go pras. Ba cheart don chomhlacht comhordúcháin sin gníomhaíochtaí a ghlacadh agus a chomhordú d'fhonn aon easnaimh de chineál coiteann a thiocfaidh chun cinn ar an leibhéal náisiúnta a réiteach, an Coimisiún a choinneáil ar an eolas maidir le bearta leantacha, agus ba cheart dó a áirithiú go gcuirfear rialacha an Aontais i bhfeidhm go comhchuibhithe, agus aon teorannú nó srianta i ngeall ar fhorálacha bunreachtúla atá i bhfeidhm á gcur san áireamh.

(12) Is réamhriachtanas ríthábhachtach é na gníomhaireachtaí íocaíochta atá creidiúnaithe ag na Ballstáit a bheith rannpháirteach faoi shamhail seachadta nua CBT maidir le cinnteacht réasúnta a bheith ann go gnóthófar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT ábhartha le hidirghabhálacha a bheidh maoinithe ag buiséad an Aontais. Ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite, mar sin, sa Rialachán seo nach féidir ach caiteachas a dhéanann gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a aisíoc ó bhuiséad an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart aschur comhfhreagrach a theacht as an gcaiteachas a mhaoineoidh an tAontas maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/...[+], aschur i dtaca le ceanglais bhunúsacha an Aontais agus leis na córais rialachais agus ba cheart dó a bheith i gcomhréir leis na ceanglais agus na córais sin freisin.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(13) Chun go mbeidh forléargas aige ar chomhlachtaí deimhniúcháin poiblí agus príobháideacha agus faisnéis atá cothrom le dáta agus orthu siúd atá gníomhach, ba cheart don Choimisiún faisnéis a fháil ó na Ballstáit agus ba cheart dó clár cothrom le dáta de na comhlachtaí sin a choinneáil. Chun go mbeadh faisnéis bheacht agus cothrom le dáta ag Parlaimint na hEorpa chomh maith, tá sé riachtanach go ndéanfaidh an Coimisiún an liosta de na comhlachtaí deimhniúcháin ainmnithe a chur in iúl di gach bliain.

(14) I gcomhthéacs smacht buiséadach a urramú, is gá an uasteorainn bhliantúil don chaiteachas arna maoiniú le CERT a shainiú trí na huasmhéideanna a leagtar síos do CERT faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[1] a thabhairt san áireamh.

(15) Leis an smacht buiséadach ceanglaítear freisin go n-urramófar an uasteorainn bhliantúil arna maoiniú ag CERT i ngach cúinse agus ag gach céim den nós imeachta buiséid agus de chur chun feidhme an bhuiséid. Is gá, dá bhrí sin, go bhféachfar ar an uasteorainn d'íocaíochtaí díreacha do gach Ballstát a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/…[+] mar uasteorainn do na híocaíochtaí díreacha sin i gcás an Bhallstáit lena mbaineann agus go bhfanfaidh aisíoc na n-íocaíochtaí sin laistigh den uasteorainn sin.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(16) D' fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na suimeanna chun CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla, ba cheart an sásra smachta airgeadais a choimeád trína gcoigeartaítear leibhéal na tacaíochta dírí. Ba cheart chúlchiste talmhaíochta a choinneáil chun tacú leis an earnáil talmhaíochta i gcás forbairtí margaidh nó géarchéimeanna a mbeadh tionchar acu ar an táirgeacht talmhaíochta nó ar an dáileadh talmhaíochta. I bpointe (d) d'Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais déantar foráil go bhféadfar leithreasuithe nár gealladh a thabhairt anonn go dtí an chéad bhliain airgeadais eile, de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán Airgeadais ('an bhliain bhuiséadach'), agus chuici sin amháin. Chun an cur chun feidhme a shimpliú go suntasach do thairbhithe agus do riaracháin náisiúnta, ba cheart sásra leantach a úsáid, trí aon mhéideanna den chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta a bhunófar sa bhliain2022 a úsáid. Chun na críche sin, tá gá le maolú ar phointe (d) d'Airteagal 12(2) den Rialachán Airgeadais, lena gceadófar leithreasuithe nár gealladh de chuid an chúlchiste talmhaíochta a thabhairt anonn chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú sna blianta buiséadacha ina dhiaidh sin go dtí an bhliain 2027. Anuas air sin, i dtaca leis an mbliain buiséadach 2022, is gá maolú a dhéanamh toisc gur cheart an méid iomlán den chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta nár úsáideadh a bheidh ar fáil ag deireadh na bliana buiséadaí 2022 a thabhairt anonn don bhliain bhuiséadach 2023 chuig an líne comhfhreagrach den chúlchiste talmhaíochta nua arna bhunú faoin Rialachán seo, gan é a chur ar ais ina iomláine go dtí na línte buiséadacha lena gcumhdófar idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad faoi Phlean Straitéiseach CBT. Mar sin féin, chun na méideanna atá le haisíoc le feirmeoirí sa bhliain bhuiséadach 2023 a uasmhéadú, ba cheart gach infhaighteacht eile faoi fho-uasteorainn CERT don bhliain bhuiséadach 2023 a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 a úsáid ar dtús chun an cúlchiste talmhaíochta nua a bhunú sa bhliain bhuiséadach 2023.

(17) Chun nach gcuirfear ualach róthrom riaracháin ar na riaracháin náisiúnta agus ar fheirmeoirí, chun nósanna imeachta a shimpliú a mhéid is féidir agus chun castacht na bhfoirmeacha iarratais ar chabhair a theorannú, ba cheart nach n-aisíocfar na méideanna a thabharfar anonn ón mbliain airgeadais talmhaíochta roimhe sin ('an bhliain airgeadais') i dtaca leis an smacht airgeadais a chuirfear i bhfeidhm i gcás ina gcuirfear an smacht airgeadais i bhfeidhm don dara bliain ina dhiaidh sin (bliain N+1), nó i gcás inar lú ná 0,2 % den uasteorainn bhliantúil méid iomlán na leithreasuithe nár gealladh.

(18) Ní dhéanann na bearta a dhéantar chun ranníocaíocht airgeadais ó CERT agus CETFT a chinneadh chun uasteorainneacha airgeadais a ríomh difear do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh arna ainmniú le CFAE. Ba cheart na bearta sin, dá bhrí sin, a bheith bunaithe ar na himchlúdaigh airgeadais arna socrú i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[1].

[1] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

(19) Le smacht buiséadach ceanglaítear chomh maith go ndéanfar scrúdú leanúnach ar an staid bhuiséadach mheántéarmach. Ba cheart don Choimisiún, i gcás inar gá, bearta iomchuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093. Anuas air sin, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as a chumhachtaí bainistithe i gcónaí chun a áirithiú go gcomhlíonfar an uasteorainn bhliantúil agus, i gcás inar gá, bearta iomchuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó don Chomhairle amháin, de réir mar is iomchuí, chun an staid bhuiséadach a chur ina ceart. Más rud é, ag deireadh bliana buiséid, nach féidir an uasteorainn bhliantúil a chomhlíonadh de thoradh aisíocaíochtaí a d'iarr na Ballstáit, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann bearta a dhéanamh lena gceadófar na méideanna atá ar fáil a dháileadh go sealadach ar na Ballstáit i gcomhréir lena n-iarrataí ar aisíocaíochtaí nach bhfuil íoctha go fóill, agus lena gceadófar na huasteorann arna socrú don bhliain lena mbaineann a chomhlíonadh. Ba cheart íocaíochtaí don bhliain sin a mhuirearú ar an mbliain bhuiséadach dár gcionn agus ba cheart suim iomlán maoinithe ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit chomh maith le haon chúiteamh atá le déanamh i leith Ballstát a shuíomh go cinntitheach, chun a áirithiú go ndéanfar an tsuim atá socraithe a chomhlíonadh.

(20) Agus an buiséad á chur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin do chaiteachas talmhaíochta a oibriú, sa chaoi go bhféadfaidh an Coimisiún, i gcás ina bhfuil baol ann go sárófar an uasteorainn bhliantúil, bearta iomchuí a dhéanamh chomh luath agus is féidir faoi na cumhachtaí bainistithe atá aige agus bearta eile a mholadh más rud é gur léir nach bhfuil na bearta a rinneadh níos luaithe leordhóthanach. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil thréimhsiúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéanfar comparáid idir éabhlóid an chaiteachais arna dhéanamh go dtí an pointe sin i ndáil leis na próifílí agus ina dtabharfar measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don chuid atá fágtha den bhliain bhuiséadach.

(21) Maidir le CERT, ba cheart don Choimisiún na hacmhainní airgeadais is gá chun an caiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a chumhdach, a chur ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm aisíocaíochtaí in aghaidh gach iontrála caiteachais a dhéanann na gníomhaireachtaí sin agus a chuirtear sa leabhar. Go dtí go n-íocfar na haisíocaíochtaí sin, i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ba cheart do na Ballstáit acmhainní airgeadais a shlógadh i gcomhréir le riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart a leagan síos go sainráite sa Rialachán seo gurb iad na Ballstáit féin agus na tairbhithe féin atá rannpháirteach i gcur chun feidhme CBT a íocfaidh costais riaracháin agus phearsanra CBT.

(22) Chun modhanna a chur ar fáil don Choimisiún, go háirithe, chun na margaí talmhaíochta a bhainistiú, chun faireachán ar chaiteachas talmhaíochta a éascú agus chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear dóibh siúd a bhaineann leis an gcomhshaol agus le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus le dul chun cinn i dtreo spriocanna ábhartha an Aontais, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le córas agraimeitéareolaíoch a úsáid agus sonraí satailíte a fháil agus a fheabhsú.

(23) Ba cheart bealach a chur ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na margaí agus cuspóirí agus gealltanais an Aontais á gcur san áireamh, lena n-áirítear comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt, lena gcuirtear le trédhearcacht na margaí.

(24) Maidir le bainistíocht airgeadais CETFT, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le gealltanais bhuiséadacha, spriocdhátaí íocaíochta, saoradh agus bristeacha. Ba cheart idirghabhálacha forbartha tuaithe a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais ar bhonn gealltanas i dtráthchodanna bliantúla. Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit cistí an Aontais a bhfuil foráil déanta ina leith a úsáid chomh luath agus a dhéanfar pleananna straitéiseacha CBT a fhormheas. Tá gá mar sin le córas réamh-mhaoinithe atá srianta go hiomchuí chun sreabhadh seasta cistí á áirithiú sa chaoi is go ndéanfar íocaíochtaí leis na tairbhithe faoi na hidirghabhálacha ag an tráth iomchuí.

(25) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Is gá freisin rialacha mionsonraithe a leagan síos lena rialófar na híocaíochtaí sin. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibríoch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostú agus cuidiú le bainistiú fónta airgeadais. Leis na rialacha lena rialaítear creataí náisiúnta Ballstát ag a bhfuil idirghabhálacha réigiúnacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/...[+] iad, déantar foráil freisin maidir le huirlis do Bhallstáit chun feidhmiú agus bainistiú fónta airgeadais a áirithiú.

(26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cabhair an Aontais a íoc le tairbhithe in am trátha ionas go bhféadfaidh na tairbhithe í a úsáid go héifeachtúil. Mura gcomhlíonfaidh na Ballstáit na sprioc-amanna íocaíochta a leagtar síos i ndlí an Aontais, d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha teacht as do na tairbhithe agus d'fhéadfadh í buiséadú bliantúil an Aontais a chur i gcontúirt. Dá bhrí sin, ba cheart caiteachas arna dhéanamh gan sprioc-amanna íocaíochta a urramú a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, áfach, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón riail ghinearálta seo i dtaca le CERT agus CETFT.

(27) Agus a fhreagrachtaí maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais á bhfeidhmiú aige, ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), a chomhlíonadh. Ina theannta sin, is gá leis na socruithe maidir le cur chun feidhme agus úsáid CERT agus CETFT, go gcomhlíonfar prionsabal sin na comhréireachta agus go gcuirfear san áireamh leo an aidhm fhoriomlán an t-ualach riaracháin ar chomhlachtaí a bhfuil baint acu i mbainistiú agus rialú na gclár a laghdú.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(28) I gcomhréir le bonnstruchtúr agus tréithe tábhachtacha na samhla seachadta nua CBT, ba cheart nach mbeadh incháilitheacht na n-íocaíochta a dhéanann na Ballstáit as maoiniú ón Aontas ag brath a thuilleadh ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí le tairbhithe aonair. Ina ionad sin, i dtaca leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/…+, agus gan dochar do na rialacha sonracha incháilitheachta maidir leis an íocaíocht i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis a leagtar amach sa Rialachán sin, ba cheart íocaíochtaí na mBallstát a bheith incháilithe más ionann iad agus aschur comhfhreagrach agus má chomhlíonann siad bunriachtanais infheidhme an Aontais.

(29) Le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 déantar foráil maidir le laghduithe agus fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha chun críche tacú le rialú maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht. I comhthéacs shamhla seachadta nua CBT, ba cheart na huirlisí sin a úsáid chun tacú le seachadadh atá bunaithe ar fheidhmíocht. Ba cheart an difríocht idir laghduithe agus fionraí a shoiléiriú freisin.

(30) Ba cheart an nós imeachta maidir le híocaíochtaí CERT i leith neamhchomhlíonta a laghdú trí uasteorainneacha airgeadais atá socraithe ag dlí an Aontais a chuíchóiriú agus a ailíniú leis an nós imeachta a úsáidtear le haghaidh íocaíochtaí CETFT sa chomhthéacs seo.

+, + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(31) Ba cheart do na Ballstáit na cuntais bhliantúla, tuarascáil feidhmíochta bhliantúil maidir le cur chun feidhme Phlean Straitéiseach CBT, achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus an dearbhú bainistíochta a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin 15 Feabhra gach bliain. I gcás nach seoltar na doiciméid sin, agus ar an gcaoi sin ina gcuirtear cosc ar an gCoimisiún na cuntais a imréiteach don ghníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann nó incháilitheacht an chaiteachais i ndáil le haschuir thuairiscithe, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann íocaíochtaí míosúla a chur ar fionraí agus briseadh a chur ar an aisíocaíocht ráithiúil go dtí go bhfaighfear na doiciméid nár cuireadh isteach.

(32) Ba cheart foirm fionraí íocaíochta nua a thabhairt isteach do staideanna ina mbeidh aschuir thar a bheith íseal. I gcás ina bhfuil na haschuir a tuairiscíodh ar leibhéal thar a bheith íseal i gcomparáid leis an gcaiteachas a dearbhaíodh, agus i gcás nach féidir leis na Ballstáit cúiseanna a bhfuil bonn cirt leo a thabhairt ar an staid sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, i dteannta a bheith in ann an caiteachas don bhliain airgeadais N-1 a laghdú, caiteachas a dhéanfar sa todhchaí i ndáil leis an idirghabháil a bhfuil aschur thar a bheith íseal ag baint leis a chur ar fionraí. Ba cheart fionraí den sórt sin a bheith faoi réir a deimhnithe sa chinneadh bliantúil maidir le himréiteach feidhmíochta.

(33) I dtaca leis an bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann íocaíochtaí a chur ar fionraí. Dá réir sin, i gcásanna ina gcuirfear moill ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna, nó nach ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach, mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach CBT de chuid Ballstáit i gcás nach féidir leis an mBallstát cúiseanna a bhfuil bonn cirt leo a thabhairt, ba cheart an Choimisiún a bheith in ann iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a dhéanamh i gcomhréir le plean gníomhaíochta a bheidh le bunú i gcomhairle leis an gCoimisiún agus ina mbeidh táscairí dul chun cinn soiléire mar aon leis an tréimhse ama a bhfuil an dul chun cinn le déanamh lena linn. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát an plean gníomhaíochta a thíolacadh nó a chur chun feidhme, nó inar léir nach bhfuil an plean gníomhaíochta leordhóthanach chun an cás a leigheas, nó i gcás nár leasaíodh é i gcomhréir le hiarratas i scríbhinn ón gCoimisiún, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha a chur ar fionraí. Ba cheart don Choimisiún na méideanna curtha ar fionraí a aisíoc nuair, de bhonn an athbhreithnithe feidhmíochta nó de bhonn an fhógra dheonaigh a thug an Ballstát le linn na bliana buiséadaí maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun cinn agus leis an ngníomh ceartaitheach a rinneadh chun an t-easnamh a leigheas, a dhéanfar dul chun cinn sásúil i dtreo spriocanna.

(34) I bhfianaise an aistrithe is gá i dtreo samhail feidhmíochta bunaithe ar thorthaí, níor cheart, roimh an athbhreithniú feidhmíochta don bhliain airgeadais 2026, go mbeidh íocacíochtaí curtha ar fionraí mar thoradh ar an iarratas ar phlean gníomhaíochta ón gCoimisiún don bhliain airgeadais 2021.

(35) Faoi mar a dhéantar faoi Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann íocaíochtaí a chur ar fionraí i gcásanna inarb ann d'easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú cuí na gcóras rialachais, lena n-áirítear neamhchomhlíonadh cheanglais bhunúsacha an Aontais agus neamhiontaofacht tuairiscithe. Ní mór, áfach, athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le híocaíochtaí a fhionraí chun an sásraí a dhéanamh níos éifeachtúla. Ba cheart iarmhairtí deireanacha fionraí den sórt sin a chinneadh ar bhonn nós imeachta comhlíonta ad hoc.

(36) Ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta na híocaíochtaí iomlána CBT dá bhforáiltear i ndlí an Aontais a dhéanamh leis na tairbhithe.

(37) Ionas gur féidir cineálacha áirithe d'ioncam a bhaineann le CBT a athúsáid chun críocha CBT, ba cheart iad a cháiliú mar ioncam sannta. Ba cheart an liosta suimeanna atá in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a leasú agus ba cheart na forálacha sin a chomhchuibhiú agus a nascadh leis na forálacha maidir le hioncam sannta atá ann cheana.

(38) Tá liosta i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 de bhearta faisnéise a bhaineann le CBT agus dá gcuspóirí agus socraítear ann na rialacha maidir lena maoiniú agus maidir le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach. Ba cheart na forálacha sonracha a bhaineann leis na cuspóirí agus leis na cineálacha bearta faisnéise a bheidh le maoiniú a thabhairt anonn chuig an Rialachán seo.

(39) Tá maoiniú beart agus idirghabhálacha faoi CBT faoi réir phrionsabal na bainistíochta comhroinnte den chuid is mó. Chun a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a bhainistiú go fónta, ba cheart don Choimisiún seiceálacha a dhéanamh ar bhainistiú na gcistí ag na húdaráis Bhallstáit atá freagrach as íocaíochtaí a dhéanamh. Is iomchuí cineál na seiceálacha atá le cur i gcrích ag an gCoimisiún a shainiú, téarmaí a fhreagrachtaí maidir leis an buiséad an Aontais a chur chun feidhme a shonrú agus oibleagáidí comhair na mBallstát a shoiléiriú.

(40) Chun go gcuirfear ar a chumas don Choimisiún a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le seiceáil go bhfuil córais bhainistithe agus chigireachta do chaiteachas an Aontais sna Ballstáit ann agus go bhfuil siad ag feidhmiú go cuí, ba cheart foráil a dhéanamh, gan aird ar an gcigireacht a dhéanann na Ballstáit féin, maidir le seiceálacha a bheidh le déanamh ag daoine arna a dtarmligean ag an gCoimisiún ar ceart dóibh bheith in ann cúnamh a iarraidh ó na Ballstáit ina gcuid oibre.

(41) Ní foláir teicneolaíocht faisnéise a úsáid a mhéad is féidir chun go gcuirfear ar fáil an fhaisnéis atá le cur chuig an gCoimisiún. Agus seiceálacha á ndéanamh aige, ba cheart rochtain iomlán agus láithreach a bheith ag an gCoimisiún ar fhaisnéis faoi chaiteachas arna taifeadadh i bhfoirm páipéir agus i bhfoirm leictreonach araon.

(42) Chun ceanglais an Rialacháin Airgeadais i ndáil leis an trasiontaoibh ar iniúchóireachtaí a chur i bhfeidhm, chun an baol forluí idir iniúchóireacht a dhéanfaidh na hinstitiúidí éagsúla, agus chun costas na rialuithe agus an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe agus ar na Ballstáit a íoslaghdú, ní mór rialacha a leagan amach maidir leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair, agus foráil maidir le deiseanna don Choimisiún muinín a chur in obair comhlachtaí deimhniúcháin iontaofa, agus prionsabail na hiniúchóireachta aonair agus na comhréireachta i ndáil leis an leibhéal riosca do bhuiséad an Aontais á gcur san áireamh.

(43) A mhéid a bhaineann leis an gcur chuige iniúchóireachta aonair a chur chun feidhme, cé gur cheart don Choimisiún de ghnáth dearbhú a fháil ó obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin, agus a mheasúnú riosca féin ar an ngá atá le seiceálacha gur cheart dó a dhéanamh sa Bhallstát lena mbaineann á chur san áireamh, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann seiceálacha a dhéanamh i gcás inar chuir sé in iúl don Bhallstát lena mbaineann nach féidir leis brath ar obair an chomhlachta deimhniúcháin. Thairis sin, ba cheart ann Coimisiún a bheith in ann, d'fhonn a fhreagrachtaí faoi Airteagal 317 CFAE a chomhlíonadh, seiceálacha a dhéanamh i gcás ina bhféadfadh easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú cuí na gcóras rialachais a bheith ann, ar easnaimh iad nach ndéanann an Ballstát sin iad a fhiosrú ina dhiaidh sin.

(44) Chun an caidreamh airgeadais idir na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus buiséad an Aontais a bhunú, ba cheart don Choimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta a imréiteach gach bliain faoi chuimsiú imréiteach airgeadais na gcuntas. Ba cheart an cinneadh a bhaineann le himréiteach na gcuntas a bheith teoranta d'iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas a chumhdach ach gan comhréireacht an chaiteachais le dlí an Aontais a chumhdach.

(45) I gcomhréir le samhail seachadta nua CBT, ba cheart imréiteach feidhmíochta bliantúil a bhunú chun incháilitheacht an chaiteachais a sheiceáil i ndáil le haschuir thuairiscithe. Chun dul i ngleic le cásanna nach bhfuil aschuir thuairiscithe chomhfhreagracha ag gabháil le caiteachas a dearbhaíodh agus nach féidir leis na Ballstáit bonn cirt a chur leis an diall sin, ba cheart sásra um íocaíochtaí a laghdú a bhunú.

(46) Tá an Coimisiún freagrach as buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an caiteachas a dhéanann na Ballstáit dlí an Aontais. Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit bonn údair a thabhairt lena gcinntí íocaíochtaí a dhéanamh agus a bheith de cheart acu dul ar iontaoibh idir-réitigh i gcás nach bhfuil aon chomhthoil idir iad féin agus an Coimisiún. Chun urrúis dlí agus airgeadais a thabhairt do na Ballstáit maidir le caiteachas a rinneadh san am atá thart, ba cheart tréimhse teorann a shocrú lena gcinnfidh an Coimisiún na hiarmhairtí airgeadais a thiocfadh as neamh-chomhlíonadh lena linn.

(47) Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/…[+,] a bPleananna Straitéiseacha CBT a chur chun feidhme, arna bhformheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 118 agus 119 den Rialachán sin. Ós rud é gur buncheanglas de chuid an Aontais í an oibleagáid sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann, i gcás ina mbraitear easnaimh thromchúiseacha i gcur chun feidhme a Phlean Straitéisigh CBT ag Ballstát, cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid faoi riosca, a ndéanann na heasnaimh sin difear dó, a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas.

---

+, + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(48) Chun leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint, ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú chun a áirithiú go bhfuil idirghabhálacha a mhaoinítear le CERT agus CETFT á ndéanamh agus á gcur i gcrích i gceart agus san am céanna an creat daingean maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a choinneáil. Ba cheart go n-áireofaí sna córais sin seiceálacha ar thairbhithe trí mheasúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta agus coinníollacha eile, mar aon le hoibleagáidí a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT agus i rialacha infheidhme an Aontais.

(49) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95[2], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[3] agus (AE) 2017/1939[4] ón gComhairle, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhithín bhearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

2 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

3 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

4 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuíomh ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme Cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

(50) Ba cheart do na Ballstáit córais a bhunú lenar féidir leo tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún, chun a chur ar chumas OLAF a chumhachtaí a fheidhmiú agus anailís éifeachtúil ar chásanna neamhrialtachta a áirithiú, i gcás neamhrialtachtaí a bhraitear agus i gcásanna eile nach gcomhlíontar na coinníollacha arna mbunú ag na Ballstáit i bPleananna Straitéiseacha CBT, lena n-áirítear calaois, agus bearta leantacha ina dtaobh, mar aon le bearta leantacha i dtaobh imscrúduithe OLAF. Chun scrúdú éifeachtach ar ghearáin maidir le CERT agus CETFT a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na socruithe iomchuí a chur i bhfeidhm.

---

[1] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

(51) I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, go scrúdódh na Ballstáit gearáin a thíolactar chuig an gCoimisiún agus a thagann faoi raon feidhme a gcuid Plean Straitéiseach CBT agus ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thorthaí na scrúduithe sin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar ghearáin a thaiscfear go díreach leis, i gcomhréir leis an gcumhacht lánroghnach atá ag an gCoimisiún agus na cásanna a leanfar leo á gcinneadh aige[1].

(52) Chun cabhrú leis na Ballstáit cosaint éifeachtach do leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún uirlis mianadóireachta sonraí a chur ar fáil dóibh chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil ar úsáid na huirlise aonair mianadóireachta sonraí agus ar idir-inoibritheacht na huirlise sin d'fhonn go bhféadfadh na Ballstáit í a úsáid, a thíolacadh faoin bhliain 2025, a mbeadh, dá mba ghá, tograí iomchuí ag gabháil léi.

---

1 Féach go háirithe: breithiúnas an 6 Nollaig 1989 i gCás C-329/88, Coimisiún na gComhphobal Eorpach v an Phoblacht Heilléanach, ECLI:EUC:1989:618; Breithiúnas na Cúirtean 1 Meitheamh 1994 i gCás C-317/92, Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, ECLI:EU:C:1994:212, breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 6 Deireadh Fómhair 2009 i gCás C-562/07, Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Ríocht na Spáinne, ECLI:EU:C:2009:614; Breithiúnas na CúirteCéadchéime (an Dara Dlísheomra) an 14 Meán Fómhair 1995 i gCás T-571/93, , Lefebvre frères et sœurs, GIE Fructifruit, Association des Mûrisseurs Indépendants agus Star fruits Cie v Coimisiún na gComhphobal Eorpach ECLI:EU:T:1995:163; breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 19 Bealtaine 2009 i gCás C-531/06, Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Poblacht na hIodáile, ECLI:EU:C:2009:315.

(53) Tá feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Sa Rialachán Airgeadais a leagtar síos na rialacha sin agus is iad a chinneann, go háirithe, an nós imeachta le haghaidh an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus foráiltear iontu do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Na rialacha a ghlactar ar bhonn Airteagal 322 CFAE, baineann siad freisin le cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, ós rud é gur réamhchoinníoll riachtanach é go n-urramófaí an smacht reachta ó thaobh bainistíocht fhónta airgeadais agus chistiú éifeachtach an Aontais Eorpaigh de.

(54) Maidir le diúltú d'íocaíochtaí nó aisghabháil íocaíochtaí mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí, is iomchuí a áirithiú go léireofar leo tromchúis an neamh-chomhlíonta sin agus go n-urramófar leo prionsabal na comhréireachta, mar a chuirtear in iúl, mar shampla, sna treoirlínte ábhartha arna mbunú ag an gCoimisiún le haghaidh ceartuithe airgeadais a dhéanfar ar chaiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcás neamh-chomhlíonadh na rialacha sin. Is iomchuí freisin a shoiléiriú gur faoin méid suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach mbeidh le híoc nó a bheidh le tarraingt siar, agus faoin méid sin amháin, a dhéanann neamh-chomhlíonadh den sórt sin difear do dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart.

(55) I bhforálacha áirithe de reachtaíocht talmhaíochta ceanglaítear go dtaiscfear urrús chun a áirithiú go n-íocfar suim atá dlite mura gcomhlíonfar oibleagáid. Ba cheart feidhm a bheith ag riail chothrománach aonair maidir leis na forálacha sin go léir chun go neartófar an creat le haghaidh urrús.

(56) Ba cheart do na Ballstáit córas riaracháin agus rialaithe comhtháite ('an córas comhtháite') a bhunú agus a oibriú le haghaidh idirghabhálacha áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/…[+] agus le haghaidh na mbearta dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Chun éifeachtacht thacaíocht an Aontais agus faireachán uirthi a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a údarú úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite sin freisin i gcás idirghabhálacha eile de chuid an Aontais.

(57) Chun cothrom na Féinne a áirithiú idir tairbhithe sna Ballstáit éagsúla, ba cheart rialacha ginearálta áirithe maidir le rialuithe agus pionóis a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

[1] Rialachán (AE) Uimh 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach níos lú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

(58) Ba cheart príomheilimintí an chórais chomhtháite sin atá ann cheana agus, go háirithe, na forálacha maidir le bunachar sonraí ríomhairithe, córas chun dáileachtaí talmhaíochta a aithint, córas iarratais geo-spásúil agus ainmhí-bhunaithe, córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, córas chun taifeadadh a dhéanamh ar chéannacht gach tairbhí agus córas rialaithe agus pionós, ba cheart an méid sin a choinneáil. Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'úsáid a bhaint as sonraí nó táirgí faisnéise arna soláthar ag clár Copernicus, mar aon le teicneolaíochtaí amhail Galileo agus EGNOS, chun a áirithiú go mbeidh sonraí cuimsitheacha inchomparáide ar fáil ar fud an Aontais chun críocha faireachán a dhéanamh ar an mbeartas talmhaíochta, lena n-áirítear tionchar, feidhmíocht chomhshaoil agus dul chun cinn CBT i dtreo spriocanna an Aontais, agus chun críocha borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as sonraí agus faisnéis, iomlán, saor agus oscailte, arna gceapadh ag satailítí agus seirbhísí Sentinel chlár Copernicus. Chuige sin, ba cheart gurbh é córas faireacháin limistéir a bheadh sa chóras comhtháite.

(59) Ba cheart a áirithiú leis an gcóras comhtháite, ina cháil mar chuid de na córais rialachais is ceart a bheith i bhfeidhm chun CBT a chur chun feidhme, go mbeidh na sonraí comhiomlána a chuirtear ar fáil sa tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht iontaofa agus infhíoraithe. I bhfianaise a thábhachtaí atá córas comhtháite atá ag feidhmiú go cuí a bheith ann ní mór ceanglais cháilíochta a shocrú. Ba cheart do na Ballstáit measúnú cáilíochta bliantúil a dhéanamh ar an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas iarratais ar chúnamh geo-spásúil agus an córas faireacháin limistéir. Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh agus, ar a iarraidh sin don Choimisiún, plean gníomhaíochta a bhunú.

(60) Sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal 'Todhchaí an Bhia agus na Feirmeoireachta', 'An Comhaontú Glas don Eoraip' agus an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc - le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol' agus 'Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais le haghaidh 2030 - An Dúlra a thabhairt ar ais inár Saol', leagtar amach mar threo straitéiseach do CBT amach anseo go ndéanfaí cúram an chomhshaoil agus an gníomhú ar son na haeráide a neartú agus go rannchuideofaí le cuspóirí agus spriocanna an Aontais a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a ghnóthú. Dá bhrí sin, ní foláir sonraí a thagann as an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talaimh agus as an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe a roinnt chun críocha comhshaoil agus aeráide ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na sonraí a bhailítear tríd an gcóras comhtháite, atá ábhartha chun críocha comhshaoil agus aeráide, a roinnt le húdaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Chun go dtiocfaidh méadú ar éifeachtúlacht úsáid na sonraí atá ar fáil ag údaráis phoiblí éagsúla le haghaidh an staidrimh Eorpaigh a thairgeadh, ba cheart foráil a dhéanamh freisin go mbeidh sonraí ón gcóras comhtháite le cur ar fáil chun críocha staidrimh do chomhlachtaí ar cuid den Chóras Staidrimh Eorpach iad.

(61) Is féidir faireachán an-éifeachtach a dhéanamh ar idirbhearta atá ina gcuid de chóras maoinithe CERT ach grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála gnóthas a bhfuil íocaíochtaí á nglacadh acu nó á ndéanamh acu. Tríd an iniúchadh sin forlíontar na seiceálacha eile atá déanta ag na Ballstáit cheana. Thairis sin, ba cheart le forálacha náisiúnta maidir le hiniúchadh go bhféadfaí dul níos faide ná mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais.

(62) Ba cheart na doiciméid ar cheart iad a úsáid mar bhonn grinnscrúdaithe dá leithéid a roghnú sa chaoi is gur féidir grinnscrúdú iomlán a chur i gcrích. Ba cheart na gnóthais atá le grinnscrúdú a roghnú ar bhonn chineál na n-idirbheart arna ndéanamh faoina bhfreagracht agus ar bhonn miondealaithe ar na gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí in aghaidh na hearnála a roghnú de réir a dtábhachta i gcóras maoinithe CERT.

(63) Ba cheart sainordú na n-oifigeach atá freagrach as grinnscrúdú a dhéanamh agus na hoibleagáidí atá ar ghnóthais doiciméid tráchtála a chur ar fáil d'oifigigh den sórt sin ar feadh tréimhse sonraithe a leagan amach, chomh maith leis an oibleagáid aon fhaisnéis a iarrann siad a sholáthar. Ba cheart go bhféadfaí doiciméid tráchtála a urghabháil i gcásanna áirithe freisin.

(64) Ag féachaint do struchtúr idirnáisiúnta na trádála talmhaíochta agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, is gá comhar a eagrú idir na Ballstáit. Is gá freisin córas láraithe doiciméadachta a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le gnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí.

(65) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcláir ghrinnscrúdaithe a ghlacadh, ní mór na cláir sin a chur in iúl don Choimisiún ionas gur féidir leis a ról maoirseachta agus comhordúcháin a ghlacadh chuige féin, chun a áirithiú go nglacfar na cláir ar bhonn critéar iomchuí agus chun a ráthú go mbeidh an grinnscrúdú dírithe ar earnálacha nó ar ghnóthais ina mbeidh baol mór calaoise. Tá sé fíor-riachtanach go n-ainmneoidh gach Ballstát comhlacht nó comhlachtaí a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar ghrinnscrúdú doiciméad tráchtála agus as an ngrinnscrúdú sin a chomhordú. Ba cheart na comhlachtaí ainmnithe sin a eagrú gan spleáchas ar na ranna a dhéanann grinnscrúdú roimh íocaíocht a fháil. Ba cheart faisnéis a bhailítear le linn an ghrinnscrúdaithe sin a chosaint le rúndacht ghairmiúil.

(66) Leis an gcoinníollacht áirithítear go gcuireann na híocaíochtaí leibhéal ard inbhuanaithe chun cinn agus go n-áirithíonn siad cothrom na Féinne d’fheirmeoirí laistigh de na Ballstáit agus laistigh den Aontas, agus is gné thábhachtach de CBT í go háirithe i dtaca lena eilimintí sóisialta CBT, comhshaoil agus aeráide ach freisin i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus leas ainmhithe. Tugann sin le fios gur cheart rialuithe a dhéanamh agus, i gcás inar gá, gur cheart pionóis a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht an chórais coinníollachta a áirithiú. Chun a áirithiú go mbeidh cothrom sin na Féinne ann idir tairbhithe sna Ballstáit éagsúla, ba cheart rialacha ginearálta áirithe maidir le coinníollacht, agus rialuithe agus pionóis a bhaineann le neamhchomhlíonadh a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais.

(67) Chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit an choinníollacht a fhorfheidhmiú ar bhealach comhchuibhithe, is gá foráil a dhéanamh maidir le ráta rialaithe íosta ar leibhéal an Aontais agus san am céanna ba cheart eagrú na gcomhlachtaí rialaithe inniúla agus na rialuithe a fhágáil faoi rogha na mBallstát.

(68) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit mionsonraí na bpionós sin a leagan amach agus ba cheart na pionóis sin a bheith comhréireach éifeachtach athchomhairleach agus ba cheart iad a bheith gan dochar do phionóis eile a leagtar síos faoi dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. Chun comhréireacht, éifeachtacht agus éifeacht athchomhairleach na bpionós a áirithiú, is iomchuí na rialacha a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm agus ríomh na bpionós sin. Agus breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh(‘An Chúirt Bhreithiúnais’), i gcás C-361/19[1], á chur san áireamh, ba cheart a leagan síos, mar riail ghinearálta, chun an nasc idir iompar an fheirmeora agus an pionós a áirithiú, gur cheart ríomh an phionóis a ríomh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó atá le deonú sa bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh. Mar sin féin, nuair nach féidir a shuí, de bharr chineál an chinnidh, an bhliain inar tharla an neamhchomhlíonadh, is gá, chun éifeachtacht an chórais pionóis a áirithiú, a shuíomh sna cásanna sin gur cheart ríomh an phionóis a ríomh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar sa bhliain féilire inar braitheadh an neamhchomhlíonadh. Chun cur chuige éifeachtach comhleanúnach ó na Ballstáit a áirithiú, ní mór foráil a dhéanamh maidir le ráta pionóis íosta ar leibhéal an Aontais do neamhchomhlíonadh. Ba cheart na rátaí íosta sin a chur i bhfeidhm ag na Ballstáit de réir déine, forleithne, buaine, atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta a braitheadh.. Chun comhréireacht na bpionós a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gcuirfear aon phionóis i bhfeidhm i gcás nach bhfuil iarmhairtí ag an neamhchomhlíonadh nó nach bhfuil ach iarmhairtí neamhshuntasacha aige ar chuspóir an chaighdeáin nó an cheanglais lena mbaineann a bhaint amach, agus ba cheart do na Ballstáit sásra feasachta a bhunú chun a áirithiú go cuirtear na tairbhithe ar an eolas faoin neamhchonlíonadh a braitheadh agus faoi na bearta leasúcháin a d’fhéadfadh a bheith le déanamh.

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Breithiúnais an 27 Eanáir 2021, De Ruiter vof v Minister van Landbouw, Natuur en Voedselkwaliteit, C-361/19, ECLI:EU:C:2021:71.

(69) Ba cheart an sásra coinníollachta sóisialta a bheith bunaithe ar na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin a dhéanann na húdaráis nó na comhlachtaí forfheidhmithe inniúla atá freagrach as rialuithe ar dhálaí oibre agus fostaíochta agus as na caighdeáin saothair is infheidhme. D’fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith ag na nósanna imeachta forfheidhmithe sin ag brath ar an gcóras náisiúnta. Ba cheart toradh na rialuithe agus an nós imeachta forfheidhmiúcháin a chur in iúl do na gníomhaireachtaí íocaíochta mar aon le measúnú rangaithe ar thromchúis an tsáraithe ar an reachtaíocht ábhartha.

(70) Agus an sásra coinníollachta sóisialta á cur i bhfeidhm i bPleananna Straitéiseacha CBT agus sna comhaontuithe faoi seach idir na gníomhaireachtaí íocaíochta agus na húdaráis nó na comhlachtaí atá freagrach as reachtaíocht sóisialta agus fostaíochta agus na caighdeáin saothair is infheidhme a fhorfheidhmiú, ba cheart a bheith an-airdeallach go ndéanfar neamhspleáchas na n-údarás nó na gcomhlachtaí forfheidhmiúcháin sin a urramú chomh maith leis an mbealach sonrach a ndéantar an reachtaíocht shóisialta agus fostaíochta agus na caighdeáin saothair is infheidhme a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú i ngach Ballstát ar leith. Ba cheart don sásra sin a bheith neamhspleách ar shamhail shóisialta ar leith gach Ballstáit agus níor cheart dó aon tionchar a imirt ar fheidhmiú na samhla sin ná aon éifeacht a bheith aige ar bhealach ar bith ar neamhspleáchas na mbreithiúna. Chuige sin, ba cheart deighilt shoiléir freagrachtaí a áirithiú idir na húdaráis nó na comhlachtaí atá freagrach as reachtaíocht fostaíochta agus shóisialta agus na caighdeáin saothair is infheidhme ar thaobh amháin agus na gníomhaireachtaí íocaíochta talmhaíochta ar an taobh eile a fhorfheidhmiú, arb é an ról atá ag an dara grúpa sin íocaíochtaí a dhéanamh agus pionóis a chur i bhfeidhm. Ba cheart neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta mar aon lena gceart comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil agus a thabhairt i gcrích, a urramú go hiomlán. Ba cheart a neamhspleáchas a urramú freisin i gcás ina bhfuil comhpháirtithe sóisialta freagrach as rialuithe a dhéanamh ar dhálaí oibre.

(71) Chun comhar comhchuí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le maoiniú chaiteachas CBT a áirithiú agus, go háirithe, chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar bhainistiú airgeadais sna Ballstáit agus cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, ní foláir do na Ballstáit faisnéis shonrach a choinneáil agus a chur in iúl don Choimisiún.

(72) Chun sonraí a thiomsú atá le cur chuig an gCoimisiún, agus chun go bhféadfaidh an Coimisiún rochtain láithreach a fháil ar shonraí caiteachais i bhfoirm páipéir agus go leictreonach, ní foláir rialacha iomchuí maidir le tíolacadh agus tarchur sonraí, lena n-áirítear teorainneacha ama, a leagan síos.

(73) Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag cur i bhfeidhm na gcóras rialaithe náisiúnta agus an imréitigh comhréireachta ar shonraí pearsanta nó fáisnéis íogair ghnó, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún rúndacht na faisnéise a gheofaí sa chomhthéacs sin a áirithiú.

(74) Ar mhaithe le bainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus ar mhaithe le hionramháil neamhchlaonta ar leibhéal na mBallstát agus na dtairbhithe, ba cheart rialacha maidir le húsáid an euro a leagan síos.

(75) Féadfaidh ráta malartaithe an euro san airgeadra náisiúnta athrú le linn na tréimhse ina gcuirtear an oibríocht i gcrích. Ba cheart, dá bhrí sin, an ráta is infheidhme maidir leis na suimeanna lena mbaineann a chinneadh agus an imeacht trína ngnóthaítear cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta a chur san áireamh. Ba cheart gurb é an ráta malartaithe a chuirfear i bhfeidhm an ráta a bheidh ann an dáta ar a dtarlóidh an imeacht seo. Ní foláir an t-imeacht oibríochtúil sin nó tarscaoileadh chur i bhfeidhm an imeachta oibríochtiúil a shonrú, ag urramú critéar áirithe agus go háirithe an luas lena gcuirtear gluaiseachtaí airgeadra ar aghaidh. Ba cheart rialacha ar leith a leagan síos chun déileáil le cásanna eisceachtúla airgeadaíochta a thiocfaidh chun cinn laistigh den Aontas nó ar an margadh domhanda agus a éileoidh beart láithreach chun a áirithiú go n-oibreoidh na socruithe a bhunaítear faoi CBT go héifeachtach.

(76) Ba cheart go mbeadh an rogha ag na Ballstáit nár ghlac leis an euro íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachas a thig as reachtaíocht CBT in euro seachas san airgeadra náisiúnta. Tá gá le rialacha sonracha chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon bhuntáiste éagórach as an rogha seo do pháirtithe a bhfuil íocaíocht á fáil nó á déanamh acu.

(77) Ba cheart dlí an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679[1] agus (AE) 2018/1725[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bheith infheidhme maidir le sonraí pearsanta a bhailiú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún chun críocha a n-oibleagáidí bainistíochta, rialaithe, iniúchta agus faireacháin agus meastóireachta a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

(78) Le foilsiú ainmneacha thairbhithe CERT agus CETFT, cuirtear bealach ar fáil chun an rialú poiblí ar úsáid na gcistí sin a neartú agus atá riachtanach chun leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do leas airgeadais an Aontais. Baintear an méid sin amach go páirteach trí éifeacht choisctheach agus dhíspreagthach an fhoilsithe sin, rud a chuirfidh thairbhithe aonair ó iompar neamhrialta, agus ag an am céanna, trí fhreagracht phearsanta na bhfeirmeoirí a athneartú maidir le húsáid a bhaint as na cistí poiblí a fhaightear. Tá foilsiú na faisnéise ábhartha comhleanúnach le cásdlí a tháinig le déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais agus leis an gcur chuige mar a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(79) Sa chomhthéacs sin, ba cheart an t-aitheantas ceart a thabhairt don ról atá ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear na meáin agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an méid a dhéanann siad le creat rialaithe na riarachán a neartú i gcoinne calaoise agus aon mhí-úsáide i ndáil leis na cistí poiblí.

(80) Le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar síos rialacha lena bhforáiltear do thrédhearcacht i ndáil le cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa a chur chun feidhme agus le cláir a chur in iúl faoi na cistí. Chun comhleanúnachas a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeadh feidhm ag na Rialacha sin maidir le tairbhithe idirghabhálacha de chuid CERT agus CETFT, i gcás inarb ábhartha.

(81) An cuspóir maidir le rialú poiblí ar úsáid an airgid ó CERT agus ó CETFT, ní féidir é a bhaint amach ach trína áirithiú go gcuirfear méid áirithe faisnéise ar a súile don phobal. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin sonraí maidir le céannacht an tairbhí, an méid a deonaíodh dó, an ciste ónar deonaíodh é, agus cuspóir agus cuspóir sonrach na hoibríochta atá i dtrácht. Ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhealach nach gcuirfeadh isteach ró-mhór ar cheart na dtairbhithe maidir le hurraim don saol príobháideach, agus maidir lena sonraí pearsanta a chosaint. Is cearta iad sin araon atá aitheanta in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

1 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(82) I bhfianaise an ghá atá le trédhearcacht níos fearr maidir le dáileadh chistí le haghaidh CBT ó CERT agus ó CETFT, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le struchtúir úinéireachta atá nasctha le tairbhithe CBT, ba cheart, leis an liosta de thairbhithe chistí CBT arna fhoilsiú ex-post ag na Ballstáit, go bhféadfaí grúpaí gnóthas a shainaithint. Chuideodh sé sin go mór le faireachán a dhéanamh ar struchtúir úinéireachta agus d'éascódh sé imscrúdú a dhéanamh ar aon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistí de chuid an Aontais, coinbhleachtaí leasa agus éilliú.

(83) Dá bhfoilseofaí sonraí faoin oibríocht faoina bhfuil an feirmeoir i dteideal cabhair a fháil, agus faoin gcuspóir agus faoi chuspóir sonrach na cabhrach, thabharfaí faisnéis nithiúil don phobal i dtaobh na gníomhaíochta fóirdheontais agus an chuspóra dár deonaíodh an chabhair. Bheadh éifeacht choisctheach agus dhíspreagthach ag an maoirseacht dá gcuirfí ar fáil don phobal é agus chuideodh sé le leas airgeadais an Aontais a chosaint.

(84) Tríd an bhfaisnéis sin a fhoilsiú mar aon leis an bhfaisnéis ghinearálta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cuirtear feabhas ar thrédhearcacht maidir le cistí an Aontais a úsáid i CBT agus ar an gcaoi sin cuirtear le infheictheacht an bhirt sin agus le tuiscint níos fearr air. Cuireann sé ar chumas saoránach páirt níos mó a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus áirithítear leis go mbíonn an riarachán níos dlisteanaí, níos éifeachtaí agus níos freagraí don saoránach. Bheadh sé ina chabhair freisin do shaoránaigh samplaí nithiúla a fheiceáil "d'earraí poiblí" a bheith á soláthar ag earnáil na feirmeoireachta, agus bheadh sé ina bhunús le dlisteanacht na tacaíochta náisiúnta agus de chuid an Aontais d'earnáil na talmhaíochta.

(85) Tuigtear, dá bharr sin, nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach i sochaí dhaonlathach i bhfianaise an ghá atá ann leas airgeadais an Aontais a chosaint trí fhoráil a dhéanamh maidir le foilsiú ginearálta na faisnéise ábhartha agus cuspóir sáraitheach an rialaithe phoiblí ar úsáid an airgid ó CERT agus ó CETFT.

(86) Chun na ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ba cheart tairbhithe CERT agus CETFT a chur ar an eolas sula bhfoilseofar a sonraí go ndéanfar a sonraí a fhoilsiú. Ba cheart a chur in iúl dóibh freisin go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchta agus imscrúdúcháin an Aontais agus na mBallstát na sonraí sin a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Thairis sin, ba cheart na tairbhithe a chur ar an eolas faoina gcearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.

(87) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(88) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar dea-fheidhmiú ar na gníomhaireachtaí íocaíochta agus ar na comhlachtaí comhordúcháin, ar an maoiniú a dhéanfar le CERT ar an gcaiteachas idirghabhála poiblí, agus ar dhea-bhainistiú na leithreasuithe a iontrálfar i mbuiséad an Aontais do CERT, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na coinníollacha íosta le haghaidh chreidiúnú na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus le haghaidh ainmniú agus creidiúniú comhlachtaí comhordaithe, oibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta i ndáil le hidirghabháil phoiblí, na rialacha maidir lena bhfuil i bhfreagrachtaí bainistithe agus rialaithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta. Thairis sin, chun cur i bhfeidhm soiléir na smachta airgeadais sna Ballstáit a áirithiú, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na rialacha maidir leis an smacht airgeadais atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ar fheirmeoirí a ríomh. Chun bainistíocht chuí an chaiteachais idirghabhála poiblí, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na cineálacha beart atá le maoiniú le buiséad an Aontais faoi idirghabháil phoiblí agus na coinníollacha maidir le haisíocaíocht, na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha bunaithe ar an bhfaisnéis arna breathnú go hiarbhír ag na gníomhaireachtaí íocaíochta, ar rátaí comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó bunaithe ar mhéideanna comhréidhe nó neamh-chomhréidhe a bhfuil foráil déanta maidir leo sa reachtaíocht talmhaíochta in earnálacha áirithe, luacháil na n-oibríochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí, na bearta a bheidh le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna a bheidh le maoiniú a chinneadh.

(89) Chun a chur ar chumas an Choimisiúin caiteachas a dhéanamh incháilithe i gcomhair maoiniú ón Aontas, ar caiteachas é a dhéanfar roimh an dáta íocaíochta is luaithe dár féidir nó i ndiaidh an dáta is déanaí dár féidir, agus an tionchar airgeadais á theorannú ag an am céanna, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin maoluithe ar neamhcháilitheacht i gcomhair íocaíochtaí a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhithe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir nó tar éis an dáta íocaíochta is déanaí dár féidir. Ina theannta sin, chun rialacha agus coinníollacha soiléire a bheith ann do na Ballstáit, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin ráta fhionraíocht na n-íocaíochtaí i ndáil leis na himréitigh bhliantúla, mar aon leis an ráta agus fad fionraíochta na n-íocaíochtaí agus an coinníoll maidir leis na méideanna sin a aisíoc nó a laghdú faoin bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil. Ba cheart a chumhdach freisin leis an tarmligean cumhachta sin na hidirghabhálacha nó na bearta a bhféadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh ina leith, agus é mar aidhm leis leanúnachas leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus sna gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a áirithiú, agus teorainneacha airgeadais Airteagal 11(2), pointe (b) den Rialachán Airgeadais á n-urramú. Chun ioncam arna bhailiú ag gníomhaireachtaí íocaíochta do bhuiséad an Aontais agus íocaíochtaí á ndéanamh acu ar bhonn na ndearbhuithe caiteachais a thíolaic Ballstáit a chur san áireamh, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin freisin na coinníollacha faoina bhfuil cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoi CERT agus CETFT le cúiteamh. Thairis sin, agus d'fhonn na leithreasaí atá ar fáil a leithdháileadh go cothrom i measc na mBallstát, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na modhanna is infheidhme maidir leis na gealltanais agus íocaíocht na suimeanna i gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha ag tús na bliana buiséadaí nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na réamhghealltanas an tairseach a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán Airgeadais.

(90) Thairis sin, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtach na forálacha a bhaineann le seiceálacha ar an láthair agus le rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit i dtaca le seiceálacha agus rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, na critéir le haghaidh na réasúnuithe ó na Ballstáit, agus an mhodheolaíocht agus na critéir chun laghduithe a chur i bhfeidhm i dtaca leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil, mar aon leis na critéir agus an mhodheolaíocht chun ceartúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an nós imeachta imréitigh comhréireachta.

(91) Thairis sin, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtúil na seiceálacha agus go ndéanfar comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a fhíorú ar bhealach éifeachtúil comhtháite agus neamh-idirdhealaitheach lena gcosnófar leas airgeadais an Aontais, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin, i gcás ina dteastaíonn sin chun an córas a bhainistiú go cuí, rialacha maidir le ceanglais bhreise i dtaca le nósanna imeachta custaim, agus go háirithe i dtaca leis na ceanglais sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Chun cóir neamhidirdhealaitheach, cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta a áirithiú agus urrús á thaisceadh, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin rialacha maidir le hurrúis, lena sonrófar an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid, lena leagfar síos na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh, na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir, na coinníollacha maidir leis an urrús sin a thaisceadh agus a scaoileadh, na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh i ndáil le réamhíocaíochtaí, agus na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dár taisceadh urrús a leagan amach.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(92) Ina theannta sin, i dtaca leis an gcóras comhtháite, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin rialacha maidir le measúnú ar cháilíocht an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas iarratais ar chúnamh geo-spásúil agus an córas faireacháin limistéir, agus rialacha maidir leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas chun tairbhithe a aithint agus an córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú.

(93) Thairis sin, d’fhonn freagairt d'athruithe sa reachtaíocht talmhaíochta a bhaineann le hearnálacha sonracha agus chun éifeachtúlacht sa chóras rialuithe ex post a áirithiú, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin liosta de na hidirghabhálacha a eisiatar ón ngrinnscrúdú ar idirbhearta. Chun cothrom na Féinne a áirithiú do gach Ballstát agus chun éifeachtúlacht, comhréireacht agus éifeacht athchomhairleach na gcóras pionóis faoi choinníollacht agus faoi choinníollacht shóisialta a áirithiú, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme agus ríomh na bpionós sin.

(94) Anuas air sin, d'fhonn an teagmhas oibríochtúil a shonrú nó é a shocrú ar chúiseanna atá sonrach don eagraíocht margaidh nó don mhéid atá i gceist, agus ionas nach gcuirfidh na Ballstáit sin nach bhfuil an euro glactha acu rátaí malairte éagsúla i bhfeidhm i gcuntais ina bhfuil ioncam a fhaigheann tairbhithe nó cabhair a íocadh leo in airgeadra seachas an euro, ar láimh amháin, agus sa dearbhú caiteachais arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta ar an láimh eile, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin na rialacha maidir leis an imeacht feidhme agus an ráta malartaithe atá le húsáid ag na Ballstáit nach n-úsáideann an euro, agus maidir leis an ráta malairte is infheidhme nuair a tharraingítear suas dearbhuithe caiteachais ag an ngníomhaireacht íocaíochta agus nuair a thaifeadtar oibríochtaí stórála poiblí i gcuntais na gníomhaíochta íocaíochta, agus maidir le bearta a glacadh d'fhonn cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a choimirciú más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta. Chun cosc a chur le cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann le hairgeada náisiúnta lena gcuirtear cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i mbaol, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin maoluithe a thabhairt ar na rialacha maidir le húsáid an euro a leagtar síos sa Rialachán seo

(95) Chun aistriú rianúil a áirithiú idir na rialacha a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus na rialacha a leagtar síos leis an Rialachán seo, ba cheart a chumhdach leis an tarmligean cumhachta sin forálacha idirthréimhseacha a leagan síos.

(96) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(97) Ba cheart go mbainfeadh cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin leis na rialacha maidir leis an méid seo: na nósanna imeachta chun an creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta agus ainmniú agus creidiúnú na gcomhlachtaí comhordaithe a eisiúint agus a aistarraingt agus athbhreithniú a dhéanamh air, agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta; na socruithe agus na nósanna imeachta do na seiceálacha atá mar bhunús le dearbhú bainistithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta, mar aon lena struchtúr agus a fhormáid; feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus an comhlacht comhordaithe sin fógra a thabhairt i dtaobh faisnéise don Choimisiún, maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha atá le déanamh agus na comhlachtaí atá faoi réir na seiceálacha sin, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin.

(98) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin na prionsabail iniúchóireachta a bhfuil tuairimí na gcomhlachta deimhniúcháin bunaithe orthu, lena n-áirítear measúnú rioscaí, rialú inmheánach agus an leibhéal d'fhianaise iniúchóireachta a bhfuil gá leis, na modhanna iniúchóireachta a bheidh le húsáid ag na comhlachtaí deimhniúcháin, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht, chun a dtuairim a thabhairt.

(99) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin, i gcomhthéacs an nós imeachta le haghaidh smacht airgeadais, ráta coigeartaithe maidir le hidirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha mar aon lena oiriúnú chomh maith leis na méideanna do leithreasaí nár gealladh arna dtabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais chun na hidirghabhálacha sin a mhaoiniú; agus i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le smacht buiséadach, socrú sealadach mhéid na n-íocaíochtaí agus dáileadh sealadach an bhuiséid atá ar fáil ar na Ballstáit agus socrú mhéid iomlán mhaoiniú an Aontais arna bhriseadh síos de réir Ballstáit.

(100) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin socrú na méideanna a bhaineann le bearta a mhaoiniú faoin idirghabháil phoiblí, rialacha a bhaineann le maoiniú maidir le fáil an Choimisiúin ar na híomhánna satailíte atá riachtanach don chóras faireacháin limistéir agus na gníomhartha a dhéanann an Coimisiún trí bhíthin feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear don fhaireacháin ar acmhainní talmhaíochta limistéir, an nós imeachta maidir leis an gCoimisiún fáil a bheith aige ar na sonraí satailíte sin agus an faireacháin acmhainní talmhaíochta, an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid na sonraí satailíte agus na sonraí meitéareolaíocha, agus na sprioc-amanna is infheidhme.

(101) Thairis sin, ba cheart a chumhdach freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin tréimhsí ama a leagan síos faoina mbeidh ar na gníomhaireachtaí íocaíochta dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann le cláir forbartha tuaithe a bhunú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún mar aon le rialacha maidir leis an nós imeachta agus socruithe praiticiúla eile a bhaineann le dea-fheidhmiú an tsásra um sprioc-amanna íocaíochta; fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis na Ballstáit mar aon leis an cur ar fionraí sin a chur ar leataobh chomh maith leis na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha a laghdú, mar aon leis na rialacha maidir le struchtúr na bpleananna gníomhaíochta agus an cur chuige chun iad a bhunú. Ba cheart go gcumhdófaí leis na cumhachtaí cur chun feidhme chomh maith rialacha breise maidir le cuntais faoi leith a bheith á gcoinneáil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta agus coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a choinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta; rialacha atá riachtanach agus a mbeidh údar leo i gcás éigeandála chun fadhbanna sonracha a réiteach maidir le tréimhsí íocaíochta agus réamhíocaíochtaí; rialacha maidir le maoiniú agus cuntasaíocht beart idirghabhála i bhfoirm stórála poiblí, agus caiteachas eile a mhaoinítear le CERT agus CETFT, agus na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch.

(102) Thairis sin, ba cheart a chumhdach freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin na coinníollacha faoina gceanglaítear go gcoimeádfar doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochta arna ndéanamh; na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na seiceálacha a dhéanfaidh an Coimisiún agus rochtain ar fhaisnéis; an t-imréiteach airgeadais bliantúil lena n-áirítear na rialacha maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun críocha glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha cur chun feidhme sin, an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil lena n-áirítear na rialacha maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun críocha glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha tarmligthe sin, agus an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna a bheidh le comhlíonadh, an nós imeachta imréitigh lena n-áirítear na rialacha maidir leis na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun críocha glacadh agus cur chun feidhme na gníomhartha tarmligthe sin, an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, na sprioc-amanna a bheidh le hurramú agus na nós imeachta idir-réitigh; na rialacha maidir le suimeanna a eascraíonn as íocaíochtaí neamhdhlite arna aisghabháil a fhritháireamh agus suimeanna arna ngearradh ar bhuiséad an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais agus na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún maidir le haisghabhálacha neamhchomhlíonta.

(103) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach oibleagáidí na mBallstát i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, na rialacha is gá a ghlacadh chun go gcuirfear seiceálacha i bhfeidhm go haonfhoirmeach san Aontas.

(104) Thairis sin, ba cheart a chumhdach freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin an cineál urrús atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis na hurrúis a thaisceadh, maidir le glacadh leo, agus maidir le hurrúis nua a chur in ionad na mbunurrús; na nósanna imeachta a bhaineann le hurrúis a scaoileadh; agus an fógra a thabharfaidh Ballstáit nó an Coimisiún i gcomhthéacs urrús.

(105) Ba cheart go gcumhdófaí freisin le cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin rialacha maidir le foirm, inneachar agus socruithe na dtuarascálacha measúnuithe ar cháilíocht an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an chórais iarratais geo-spásúil agus an chórais faireacháin limistéir a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó, agus ar na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le cur chun feidhme ag na Ballstáit i ndáil le heasnaimh a nochtfar sna córais sin, mar aon le gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir le córas na n-iarratas ar chabhair agus leis an gcóras faireacháin limistéir.

(106) Ba cheart a chumhdach freisin, le cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin, na rialacha is gá chun na rialacha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Ba cheart a chumhdach leo freisin rialacha a bhaineann le Ballstáit a chuireann faisnéis in iúl don gCoimisiún agus bearta maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a chosaint más dealraitheach go gcuirfeadh cleachtais airgeadaíochta eisceachtúla i ndáil le hairgeadra náisiúnta an méid sin i mbaol.

(107) Thairis sin, ba cheart a chumhdach le cumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin rialacha maidir le foirm agus amscála tairbhithe CERT agus CETFT a fhoilsiú, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na hoibleagáide na tairbhithe a chur ar an eolas go ndéanfar sonraí a bhaineann leo a phoibliú agus an comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcomhthéacs phoibliú liosta tairbhithe CERT agus CETFT.

(108) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme áirithe a ghlacadh. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann ríomh na suimeanna a dhéanann an Coimisiún, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus díríonn sé ar éifeachtúlacht mhéadaithe, intuarthacht agus luas, agus na teorainneacha ama agus na nósanna imeachta buiséadacha á gcomhlíonadh. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme laistigh de chreat na n-íocaíochtaí a dhéantar leis na Ballstáit agus maidir le hoibriú an nós imeachta um imréiteach cuntas agus an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus as cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta náisiúnta a fhíorú d'fhonn glacadh leis na cuntais sin nó, i gcás caiteachais nár tabhaíodh i gcomhréir le rialacha an Aontais, an caiteachas sin a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na gníomhartha cur chun feidhme eile a ghlacadh.

(109) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir leis an nglan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas CERT a shocrú, a chur i bhfeidhm, agus maidir leis na híocaíochtaí breise nó asbhaintí ba cheart dóibh a dhéanamh ar bhonn an dearbhaithe caiteachais ó na Ballstáit agus cinneadh na n-íocaíochtaí forlíontacha nó na n-asbhaintí faoi chuimsiú an nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla.

(110) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a aisghairm.

(111) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir an Rialachán seo agus ionstraimí eile CBT agus na srianta ar acmhainní airgeadais na mBallstát, agus, de bharr ráthaíocht ilbhliantúil maoinithe ón Aontas agus trí dhíriú isteach ar thosaíochtaí an Aontais, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(112) D'fhonn cur chun feidhme rianúil na mbeart a bheartaítear a áirithiú agus mar ábhar práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

*Raon Feidhme*

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) maoiniú an chaiteachais faoi CBT;

(b) na córais bhainistíochta agus rialaithe atá le cur ar bun ag na Ballstáit;

(c) nósanna imeachta imréitigh agus comhréireachta.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'neamhrialtacht' neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95;

(b) ciallaíonn 'córais rialachais' comhlachtaí rialachais dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal II den Rialachán seo agus na ceanglais bhunúsacha de chuid an Aontais, lena n-áirítear oibleagáidí na mBallstát i ndáil le leasanna airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 59 den Rialachán seo a chosaint go héifeachtach, chomh maith le cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/…[+], a bPlean Straitéiseach CBT arna fhormheas ag an gCoimisiún agus an córas tuairiscithe arna chur ar bun chun críocha na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 134 den Rialachán sin;

(c) ciallaíonn 'ceanglais bhunúsacha de chuid an Aontais' na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/...+ agus sa Rialachán seo, sa Rialachán Airgeadais agus i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(d) ciallaíonn 'easnaimh thromchúiseacha i bhfeidhmiú cuí na gcóras rialachais' laige shistéamach a bheith ann, agus atarlú, tromchúis, agus éifeacht na laige ar dhearbhú ceart an chaiteachais, an tuairisciú ar fheidhmíocht, nó urramú dhlí an Aontais á gcur san áireamh;

(e) ciallaíonn 'táscaire aschuir' táscaire aschuir dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/...[+];

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

[1] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(f) ciallaíonn 'táscaire toraidh' táscaire toraidh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(1), de Rialachán (AE) 2021/...+;

(g) ciallaíonn 'plean gníomhaíochta', chun críocha Airteagal 41 agus 42 den Rialachán seo, plean arna bhunú ag Ballstát, arna iarraidh sin ón gCoimisiún agus i gcomhairle leis, i gcás ina sainaithnítear easnaimh thromchúiseacha ar fheidhmiú cuí chórais rialachais an Bhallstáit sin nó sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 135 de Rialachán (AE) 2021/…[+], ar phlean é ina bhfuil na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a dhéanamh agus an tráthchlár ábhartha chun é a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagail 41 agus 42 den Rialachán seo.

*Airteagal 3*

*Díolúintí i gcásanna force majeure agus in imthosca eisceachtúla*

1. Chun críocha CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, féadfar force majeure agus imthosca eisceachtúla a aithint, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

   (a) tubaiste thromchúiseach nádúrtha nó tarlú tromchúiseach meitéareolaíoch a dhéanann dochar mór don ghabháltas;

   (b) scrios foirgneamh beostoic ar an ngabháltas trí thimpiste;

   (c) ráig galair eipeasótaigh, ráig galair plandaí nó lotnaid plandaí a bheith ann a dhéanann difear do chuid de bheostoc an tairbhí nó don bheostoc ar fad nó dá bharraí;

   (d) díshealbhú an ghabháltais go léir nó cuid mhór de más rud é nárbh fhéidir a bheith ag súil leis an díshealbhú sin ar an lá a taisceadh an t-iarratas;

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(e) bás an tairbhí;

(f) éagumas gairmiúil fadtéarmach an tairbhí.

2. I gcás ina ndéanann tubaiste thromchúiseach nádúrtha nó tarlú tromchúiseach meitéareolaíoch dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), dochar mór do limistéar dea-chinnte, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a mheas go bhfuil dochar mór déanta don limistéar iomlán ag an tubaiste nó an tarlú sin.

# TEIDEAL II
# FORÁLACHA GINEARÁLTA
# MAIDIR LE CISTÍ TALMHAÍOCHTA

## CAIBIDIL I
## Cistí talmhaíochta

*Airteagal 4*

*Cistí lena maoinítear caiteachas talmhaíochta*

Déanfar na hidirghabhálacha agus bearta éagsúla a thagann faoi CBT a mhaoiniú ó bhuiséad ginearálta an Aontais ('buiséad an Aontais') leis na cistí seo a leanas:

(a) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT);

(b) an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

*Airteagal 5*

*Caiteachas CERT*

1. Cuirfear CERT chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte idir na Ballstáit agus an tAontas i gcomhréir le mír 2, nó faoi bhainistíocht dhíreach, i gcomhréir le mír 3.

2. Le CERT, déanfar an caiteachas seo a leanas a mhaoiniú faoi bhainistíocht chomhroinnte:

(a) bearta lena rialaítear margaí talmhaíochta nó lena dtacaítear leo, a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(b) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le hidirghabhálacha in earnálacha áirithe dá dtagraítear i gCaibidil III de Theideal III de Rialachán (AE) 2021/...[+;]

(c) idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/...+;

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

+; + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le bearta faisnéise agus cur chun cinn do tháirgí talmhaíochta ar mhargadh inmheánach an Aontais agus i dtríú tíortha, arna gcur i gcrích ag Ballstáit agus arna roghnú ag an gCoimisiún;

(e) ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus leis na bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán Aeigéach is lú a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

3. Le CERT, déanfar an caiteachas seo a leanas a mhaoiniú faoi bhainistíocht dhíreach:

(a) cur chun cinn táirgí talmhaíochta, ag an gCoimisiún go díreach nó trí eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(b) bearta a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais chun caomhnú, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht a áirithiú;

(c) bunú agus cothabháil córas faisnéise cuntasaíochta talmhaíochta;

(d) córais suirbhéanna talmhaíochta, lena n-áirítear suirbhéanna ar struchtúr gabháltas talmhaíochta.

*Airteagal 6*

*Caiteachas CETFT*

Déanfar CETFT a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte idir na Ballstáit agus an tAontas. Maoineofar leis ranníocaíocht airgeadais an Aontais le hidirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear i gCaibidil IV de Theideal III de Rialachán (AE) 2021/...+ mar a shonraítear i bPleananna Straitéiseacha CBT agus le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 125 den Rialachán sin.

*Airteagal 7*

*Caiteachas eile, lena n-áirítear cúnamh teicniúil*

Féadfar le CERT agus CETFT, ar thionscnamh an Choimisiúin nó thar a cheann, maoiniú díreach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus tacaíochta teicniúla, agus ar an meastóireacht, iniúchóireacht agus cigireacht, is gá chun CBT a chur chun feidhme. Áirítear leis sin, go háirithe:

(a) bearta a bhfuil gá leo chun anailís, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar CBT, chun faisnéis ina thaobh a mhalartú agus chun CBT a chur chun feidhme, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na tionchair atá aige, ar a fheidhmíocht chomhshaoil agus ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna an Aontais, chomh maith le bearta a bhaineann le cur chun feidhme córas rialaithe agus le cúnamh teicniúil agus riaracháin;

(b) fáil an Choimisiúin ar shonraí satailíte a bhfuil gá leo maidir leis an gcóras faireacháin limistéir i gcomhréir le hAirteagal 24;

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(c) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún trí fheidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 25;

(d) bearta a bhfuil gá leo chun modhanna agus bealaí teicniúla a chothabháil agus a fhorbairt ar mhaithe le faisnéis i leith bhainistíocht airgeadais na gcistí a úsáidtear chun CBT a mhaoiniú, ar mhaithe le hidirnascadh na bainistíochta sin, faireachán uirthi agus rialú na bainistíochta sin;

(e) soláthar faisnéise maidir le CBT i gcomhréir le hAirteagal 46;

(f) staidéir ar CBT agus meastóireachtaí ar bhearta arna maoiniú ag CERT agus CETFT, lena n-áirítear feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise maidir le dea-chleachtais faoi CBT agus comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha, chomh maith le staidéir arna ndéanamh in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI);

(g) i gcás inarb ábhartha, ranníocaíocht le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin arna gcur ar bun i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle[1] agus a ghníomhaíonn i ndáil le CBT;

(h) ranníocaíocht le bearta a bhaineann le scaipeadh faisnéise, ardú feasachta, cur chun cinn comhair agus malartú taithí leis na geallsealbhóirí ábhartha ar leibhéal an Aontais, agus a dhéantar i gcomhthéacs idirghabhálacha forbartha tuaithe, lena n-áirítear líonrú na bpáirtithe lena mbaineann;

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

(i) líonraí teicneolaíochta faisnéise arb é is fócas dóibh próiseáil agus malartú faisnéise, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha a bhfuil gá leo i ndáil le bainistíocht CBT;

(j) bearta a bhfuil gá leo chun lógónna a fhorbairt, a chlárú agus a chosaint faoi chreatscéimeanna cháilíochta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus chun cearta maoine intleachtúla a bhfuil baint acu leis a chosaint, agus ar mhaithe leis na forbairtí is gá i dteicneolaíocht na faisnéise.

# CAIBIDIL II
# Comhlachtaí rialachais

*Airteagal 8*
*Údarás inniúil*

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil ar leibhéal na n-airí a bheidh freagrach as an méid seo a leanas:

   (a) creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 9(2), a eisiúint, a aistarraingt agus athbhreithniú a dhéanamh air;

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

(b) ainmniú an chomhlachta chomhordaithe, dá dtagraítear in Airteagal (10), agus creidiúnú an chomhlachta chomhordaithe a eisiúint, a aistarraingt agus athbhreithniú a dhéanamh air;

(c) comhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12 a ainmniú agus an t-ainmniú sin a aistarraingt, agus a áirithiú gurb ann i gcónaí do chomhlacht deimhniúcháin a atá ainmnithe;

(d) na cúraimí a shanntar don údarás inniúil faoin gCaibidil seo a chomhlíonadh.

2. Ar bhonn scrúdú ar na coinníollacha íosta atá le glacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11(1), pointe (a), déanfaidh an t-údarás inniúil, trí bhíthin gníomh foirmiúil, cinneadh ar chreidiúnú na gníomhaireachta íocaíochta a eisiúint nó, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, a aistarraingt, agus ar ainmniú agus creidiúnú an chomhlachta chomhordaithe agus ar chreidiúnú an chomhlachta chomhordaithe a aistarraingt.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil, trí bhíthin gníomh foirmiúil, cinneadh ar ainmniú an chomhlachta deimhniúcháin agus ar an ainmniú sin a aistarraingt, agus a áirithiú gurb ann i gcónaí do chomhlacht deimhniúcháin atá ainmnithe.

4. Cuirfidh an t-údarás inniúil an Coimisiún ar an eolas faoi chreidiúnuithe uile agus faoi aistarraingtí creidiúnaithe uile na gníomhaireachta íocaíochta agus faoi ainmnithe agus creidiúnú agus faoi aistarraingt creidiúnaithe an chomhlachta chomhordaithe gan mhoill, chomh maith le hainmniú an chomhlachta deimhniúcháin agus le haistarraingt an ainmnithe sin.

*Airteagal 9*

*Gníomhaireachtaí íocaíochta*

1. Is é a bheidh sna gníomhaireachtaí íocaíochta ranna nó comhlachtaí de chuid na mBallstát agus, i gcás inarb infheidhme, dá gcuid réigiún atá freagrach as bainistiú agus rialú an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6.

   Cé is moite d'íocaíocht a dhéanamh, féadfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta déanamh na cúraimí sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharmligean.

2. Déanfaidh na Ballstáit na ranna nó na comhlachtaí sin, a bhfuil eagrúchán riaracháin agus córas rialaithe inmheánaigh acu lena soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha go bhfuil na híocaíochtaí dleathach agus rialta agus go dtugtar cuntas ceart orthu, a chreidiúnú mar ghníomhaireachtaí íocaíochta. Chuige sin, cloífidh gníomhaireachtaí íocaíochta leis na coinníollacha íosta le haghaidh an chreidiúnaithe maidir leis an timpeallacht inmheánach, gníomhaíochtaí rialaithe, faisnéis agus cumarsáid, agus faireachán arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 11(1), pointe (a).

   Agus a chuid forálacha bunreachtúla á gcur san áireamh aige, déanfaidh gach Ballstát líon a ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a theorannú:

   (a) go dtí gníomhaireacht íocaíochta amháin ar an leibhéal náisiúnta nó, i gcás inarb infheidhme, gníomhaireacht amháin in aghaidh an réigiúin; agus

   (b) go dtí gníomhaireacht íocaíochta amháin chun caiteachas CERT agus CETFT araon a bhainistiú i gcás nach ann do ghníomhaireachtaí íocaíochta ach ar an leibhéal náisiúnta.

I gcás, ina mbunófar gníomhaireachtaí íocaíochta ar an leibhéal réigiúnach, déanfaidh na Ballstáit gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú freisin ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh scéimeanna cabhrach nach mór, de bharr chineál na scéimeanna, iad a bhainistiú ar an leibhéal náisiúnta, nó cuirfidh siad bainistiú na scéimeanna sin de chúram ar a ngníomhaireachtaí íocaíochtaí réigiúnacha.

De mhaolú ar an dara fomhír den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit na gníomhaireachtaí íocaíochta sin a creidiúnaíodh roimh an 15 Deireadh Fómhair 2020 a choimeád ar bun, ar choinníoll go ndeimhníonn an t-údarás inniúil, trí bhíthin an chinnidh dá dtagraítear in Airteagal 8(2), go gcomhlíonann siad na critéir íosta le haghaidh creidiúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

Bainfear a gcreidiúnú de na gníomhaireachtaí íocaíochta sin nach mbeidh caiteachas CERT ná CEFTF bainistithe acu ar feadh trí bliana ar a laghad.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit aon ghníomhaireacht íocaíochta nua bhreise a chreidiúnú tar éis ….[dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ], cé is moite de na cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír, pointe (a), ina bhféadfadh sé, agus na forálacha bunreachtúla á gcur san áireamh, gur gá gníomhaireachtaí íocaíochtaí réigiúnacha breise.

3. Chun críocha Airteagal 63(5) agus (6) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an duine atá i gceannas ar an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe, faoin 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais talmhaíochta ('an bhliain airgeadais') lena mbaineann, na nithe seo a leanas a tharraingt suas agus a chur ar fáil don Choimisiún:

(a) na cuntais bhliantúla i leith an chaiteachais a tabhaíodh i gcur i bhfeidhmiú na gcúramaí a cuireadh ar iontaoibh ar an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe sin, dá bhforáiltear in Airteagal 63(5), pointe (a), den Rialachán Airgeadais, mar aon leis an bhfaisnéis is gá don imréiteach i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán seo;

(b) an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, dá dtagraítear in Airteagal 54(1) den Rialachán seo agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/…+ ina léirítear go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán seo;

(c) achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus na rialuithe a dhéantar, anailís ar chineál agus ar mhéid na n-earráidí agus na laigí arna sainaithint sna córais rialachais, mar aon le gníomhaíocht cheartaitheach a glacadh nó a bheartaítear a dhéanamh, dá bhforáiltear in Airteagal 63(5), pointe (b), den Rialachán Airgeadais;

(d) dearbhú bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais, maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) an fíoras go dtíolactar an fhaisnéis i gceart agus gur faisnéis iomlán chruinn atá inti dá bhforáiltear in Airteagal 63(6), bpointe (a), den Rialachán Airgeadais,

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(ii) dea-fheidhmiú na gcóras rialachais arna gcur ar bun, cé is moite den údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8, den chomhlacht comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 10 agus den chomhlacht deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, á áirithiú go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán seo, dá bhforáiltear in Airteagal 63(6), pointí (b) agus (c), den Rialachán Airgeadais.

Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh an Coimisiún síneadh go dtí an 1 Márta a chur le sprioc-am an 15 Feabhra dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, arna chur sin in iúl ag an mBallstát lena mbaineann, dá bhforáiltear in Airteagal 63(7), an dara fomhír, den Rialachán Airgeadais.

4. I gcás nach gcomhlíonfaidh gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha íosta do chreidiúnú dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, nó nach gcomhlíonfaidh sí na critéir sin a thuilleadh, aistarraingeoidh an Ballstát lena mbaineann, ag gníomhú dó ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón gCoimisiún, creidiúnú an ghníomhaireacht íocaíochta sin mura ndéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta na hathruithe is gá laistigh de thréimhse a bheidh le cinneadh ag údarás inniúil an Bhallstáit sin de réir thromchúis na faidhbe.

5. Déanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta rialú na n-oibríochtaí a bhfuil baint acu le hidirghabháil phoiblí, ar oibríochtaí iad a bhfuil siad freagrach astu, a bhainistiú agus a áirithiú agus coinneoidh siad freagracht fhoriomlán sa réimse sin.

I gcás ina gcuirfear tacaíocht ar fáil trí ionstraim airgeadais a gcuireann BEI nó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir chun feidhme, cuirfidh an ghníomhaireacht íocaíochta muinín i dtuarascáil ar rialú lena dtacaítear leis na hiarratais ar íocaíocht a cuirfear isteach.Cuirfidh na hinstitiúidí sin an tuarascáil ar rialú ar fáil do na Ballstáit.

6. Chun críocha Airteagal 33, i gcás chaiteachas CETFT, soláthrófar tuarascáil bhreise ar fheidhmíocht faoin 30 Meitheamh 2030, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus le hAirteagal 10(3), lena gcumhdófar an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2029.

*Airteagal 10*

*Comhlachtaí comhordaithe*

1. I gcás ina gcreidiúnófar níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin i mBallstát, déanfaidh an Ballstát sin comhlacht poiblí comhordaithe a ainmniú, dá sannfaidh siad na cúraimí seo a leanas:

(a) an fhaisnéis atá le soláthar don Choimisiún a bhailiú agus an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an gCoimisiún;

(b) an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 54(1) den Rialachán seo agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/…+ a sholáthar don Choimisiún;

(c) gníomhaíochtaí a ghlacadh nó a chomhordú d’fhonn aon easnaimh de chineál coiteann a réiteach agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon obair leantach;

(d) cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha an Aontais a chur chun cinn, agus i gcás inar féidir, a áirithiú.

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Maidir le próiseáil na faisnéise airgeadais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), beidh an comhlacht comhordaithe faoi réir creidiúnú sonrach ag an mBallstát.

3. Beidh an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), den Airteagal seo cumhdaithe faoi raon feidhme na tuairime dá dtagraítear in Airteagal 12(2) agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í in éineacht le dearbhú bainistíochta, lena gcumhdófar tiomsú na tuarascála iomláine.

*Airteagal 11*

*Cumhachtaí an Choimisiúin a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun feidhmiú fónta na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus na gcomhlachtaí comhordaithe dá bhforáiltear in Airteagail 9 agus 10 a áirithiú, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na coinníollacha íosta maidir leis na gníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9(2), an chéad fhomhír, a chreidiúnú, agus leis na comhlachtaí comhordaithe dá dtagraítear in Airteagal 10, a ainmniú agus a chreidiúnú;

(b) oibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta maidir le hidirghabháil phoiblí, chomh maith leis na rialacha maidir lena bhfuil ina bhfreagrachtaí bainistithe agus rialaithe.

2. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta chun creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta a eisiúint, a aistarraingt agus a athbhreithniú, agus chun creidiúnú comhlachtaí comhordaithe a ainmniú agus a eisiúint, a aistarraingt agus a athbhreithniú, chomh maith leis na nósanna imeachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta;

(b) na socruithe agus na nósanna imeachta le haghaidh na seiceálacha atá mar bhunús le dearbhú bainistíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (d), chomh maith lena struchtúr agus lena fhormáid;

(c) feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus faisnéis a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 12*

*Comhlachtaí deimhniúcháin*

1. Is é a bheidh sa chomhlacht deimhniúcháin comhlacht iniúchóireachta poiblí nó príobháideach a n-ainmneoidh an Ballstát é ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad, gan dochar don dlí náisiúnta. I gcás inarb é comhlacht iniúchóireachta príobháideach a bheidh i gceist, agus i gcás ina n-éileofar é faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta is infheidhme, is é an Ballstát a roghnóidh é trí bhíthin nós imeachta tairisceana poiblí.

Féadfaidh Ballstát a ainmneoidh níos mó ná comhlacht deimhniúcháin amháin comhlacht deimhniúcháin poiblí a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta freisin agus beidh an comhlacht sin freagrach as an gcomhordú.

2. Chun críoch na chéad fhomhíre d'Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuairim, arna tarraingt suas i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta, lena suífear an méid seo a leanas:

(a) cibé acu an dtugann na cuntais seasamh fíor agus cothrom nó nach dtugann;

(b) cibé acu an bhfuil córais rialachais na mBallstát a cuireadh ar bun ag feidhmiú i gceart nó nach bhfuil, go háirithe:

(i) na comhlachtaí rialachais dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 10 den Rialachán seo agus in Airteagal 123 de Rialachán (AE) 2021/…[+].

(ii) buncheanglais an Aontais;

(iii) an córas tuairiscithe a cuireadh ar bun chun críocha na tuarascála bliantúla ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/...+;

(c) cibé acu an bhfuil an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí aschuir chun críocha an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán seo agus an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí toraidh le haghaidh an fhaireacháin feidhmíochta ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/...+, lena léirítear go gcomhlíontar Airteagal 37 den Rialachán seo, ceart, nó nach bhfuil;

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(d) cibé acu an bhfuil an caiteachas ar na bearta a leagtar síos i Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] as a bhfuil aisíocaíocht iarrtha ar an gCoimisiún, dlíthiúil agus rialta, nó nach bhfuil.

Luafar sa tuairim freisin cibé acu an gceistítear leis an scrúdú na dearbhuithe a dhéantar sa dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (d), nó nach gceistítear. Cumhdófar freisin sa scrúdú anailís ar chineál agus méid na n-earráidí agus na laigí arna sainaithint i gcórais rialachais trí bhíthin iniúchóireachta agus rialuithe, mar aon le gníomhaíocht cheartaitheach a ghlac an ghníomhaireacht íocaíochta nó atá beartaithe aici, dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (c).

I gcás ina gcuirfear tacaíocht ar fáil trí ionstraim airgeadais a gcuireann BEI nó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir chun feidhme, cuirfidh an comhlacht deimhniúcháin muinín sa tuarascáil bhliantúil ar iniúchóireacht arna tarraingt suas ag iniúchóirí seachtracha na n-institiúidí sin. Cuirfidh na hinstitiúidí sin an tuarascáil bhliantúil ar iniúchóireacht ar fáil do na Ballstáit.

---

1 Rialachán (AE) Uimh 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle (IO L 317, 4.11.2014, lch. 56).

3. Beidh an saineolas teicniúil is gá, chomh maith le heolas faoi CBT ag an gcomhlacht deimhniúcháin. Beidh sé neamhspleách go hoibríochtúil ar an ngníomhaireacht íocaíochta agus ar an gcomhlacht comhordaithe lena mbaineann agus ar an údarás inniúil a chreidiúnaigh an ghníomhaireacht íocaíochta sin agus ar na comhlachtaí atá freagrach as CBT a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí deimhniúcháin, lena n-áirítear na seiceálacha atá le déanamh agus na comhlachtaí atá faoi réir na seiceálacha sin, agus maidir leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin.

Leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme freisin:

(a) na prionsabail iniúchóireachta ar a bhfuil tuairimí na gcomhlachtaí deimhniúcháin bunaithe, lena n-áirítear measúnú rioscaí, seiceálacha inmheánacha agus an leibhéal d'fhianaise iniúchóireachta a bhfuil gá leis;

(b) na modhanna iniúchóireachta atá le húsáid ag na comhlachtaí deimhniúcháin, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta, chun a dtuairimí a thabhairt.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 13*

*Dea-chleachtais a mhalartú*

Cuirfidh an Coimisiún malartú dea-chleachtais chun cinn idir na Ballstáit, go háirithe i ndáil le hobair na gcomhlachtaí rialachais faoin gCaibidil seo.

# TEIDEAL III
# BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS
# CERT AGUS CETFT

## CAIBIDIL I
## CERT

### ROINN 1
### SMACHT BUISÉADACH

*Airteagal 14*

*Uasteorainn bhuiséadach*

1. Is iad na huasmhéideanna atá socruithe ina leith faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 a bheidh san uasteorainn bhliantúil do chaiteachas CERT.

2. I gcás ina ndéantar foráil i ndlí an Aontais maidir le suimeanna a chur leis na méideanna dá dtagraítear i mír 1 nó a bhaint de na méideanna sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 103 a chur i bhfeidhm, lena socrófar an glan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas CERT ar bhonn na sonraí dá dtagraítear i ndlí an Aontais.

*Airteagal 15*

*Comhlíonadh na huasteorann*

1. I gcás ina ndéanfar foráil i ndlí an Aontais maidir le huasteorainn airgeadais in euro do chaiteachas talmhaíochta i ndáil le Ballstát, aisíocfar an caiteachas sin faoi réir na huasteorann sin, agus, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagail 39 go 42, déanfar aon choigeartú is gá.

2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, is uasteorainneacha in euro iad leithdháiltí na mBallstát le haghaidh idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 87 de Rialachán (AE) 2021/... [+], arna gceartú ag na coigeartuithe a leagtar síos in Airteagal 17 den Rialachán seo.

[+], [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 16*

*Cúlchiste talmhaíochta*

1. Bunófar cúlchiste talmhaíochta de chuid an Aontais ('an cúlchiste') ag tús gach bliana in CERT chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta chun críocha bainistiú nó cobhsú margaidh agus chun freagairt go pras i gcás géarchéimeanna a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta.

   Déanfar na leithreasuithe le haghaidh an chúlchiste a iontráil go díreach isteach i mbuiséad an Aontais. Cuirfear cistí ón gcúlchiste ar fáil, sa bhliain airgeadais nó sna blianta airgeadais a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil ina leith, le haghaidh na mbeart seo a leanas:

   (a) bearta chun na margaí talmhaíochta a chobhsú faoi Airteagail 8 go 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

   (b) bearta eisceachtúla faoi Airteagail 219, 220 agus 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. EUR 450 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh i méid an chúlchiste ag tús gach bliana sa tréimhse 2023 -2027, ach amháin má dhéantar méid níos airde a shocrú i mbuiséad an Aontais. Féadfaidh an Coimisiún méid an chúlchiste a choigeartú le linn na bliana, nuair is iomchuí, i bhfianaise forbairtí nó peirspictíochtaí margaidh sa bhliain reatha nó sa bhliain ina dhiaidh sin agus na leithreasuithe atá ar fáil faoi fho-uasteorainn CERT á gcur san áireamh.

Más rud é nach leor na leithreasuithe sin atá ar fáil, féadfar smacht airgeadais a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo, mar rogha dheireanach, chun an cúlchiste a chistiú go dtí an méid tosaigh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.

De mhaolú ar Airteagal 12(2), an tríú fomhír, den Rialachán Airgeadais, déanfar na leithreasuithe sin den chúlchiste nár gealladh a thabhairt anonn chun an cúlchiste a mhaoiniú sna blianta buiséadacha ina dhiaidh sin go dtí an bhliain 2027.

Thairis sin, de mhaolú ar Airteagal 12(2), an tríú fomhír, den Rialachán Airgeadais, tabharfar an méid iomlán nár úsáideadh den chúlchiste do ghéarchéimeanna san earnáil talmhaíochta, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh 1306/2013, a bheidh ar fáil ag deireadh na bliana 2022 anonn chuig 2023 gan é a chur ar ais ina iomláine go dtí na línte buiséadacha lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán seo agus cuirfear ar fáil é a mhéid is gá chun an cúlchiste a bhunaítear leis an Airteagal seo a mhaoiniú tar éis na leithreasuithe atá ar fáil faoi fho-uasteorainn CERT a chur san áireamh. Aon leithreasuithe ón gcúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta a bheidh ar fáil fós tar éis an cúlchiste arna bhunú leis an Rialachán seo a mhaoiniú, cuirfear ar ais iad chuig na línte buiséadacha lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán seo.

*Airteagal 17*

*Smacht airgeadais*

1. Is é an Coimisiún a chinnfidh ráta coigeartaithe d'idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán seo agus do ranníocaíocht airgeadais an Aontais le híocaíochtaí díreacha faoi Chaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir leis na bearta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (e), den Rialachán seo, ('an ráta coigeartaithe') i gcás ina léireofar sna réamhaisnéisí do mhaoiniú na n-idirghabhálacha agus na mbeart arna maoiniú faoin bhfo-uasteorainn chomhfhreagrach le haghaidh bliain bhuiséadach áirithe go sárófar na huasteorainneacha bliantúla is infheidhme.

Beidh feidhm ag an ráta coigeartaithe maidir le híocaíochtaí atá le deonú d'fheirmeoirí i gcás na n-idirghabhálacha agus na mbeart sonrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar mó iad ná EUR 2 000 don bhliain chomhfhreagrach féilire. Chun críocha na fomhíre seo, beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2021/...[+].

Faoin 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar an ráta coigeartaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

---

[+]. [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Go dtí an 1 Nollaig den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an ráta coigeartaithe ina leith, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéis nua, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-oiriúnófar an ráta coigeartaithe arna shocrú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

3. I gcás ina mbeidh smacht airgeadais curtha i bhfeidhm, úsáidfear na leithreasuithe a thugtar anonn i gcomhréir le hAirteagal 12(2), pointe (d), den Rialachán Airgeadais chun caiteachas airgeadais faoi Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán seo a mhaoiniú, a mhéid is gá chun a sheachaint go gcuirfear smacht airgeadais i bhfeidhm arís agus arís eile.

I gcás ina mbeidh leithreasuithe atá le tabhairt anonn i gcomhréir leis an gcéad fhomhír fós ar fáil agus inarb ionann méid iomlán na leithreasuithe nár gealladh agus atá ar fáil le haghaidh aisíocaíochta agus 0,2 % ar a laghad den uasteorainn bhliantúil le haghaidh chaiteachas CERT, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach, in aghaidh an Bhallstáit, méideanna na leithreasuithe nár gealladh atá le haisíoc leis na tairbhithe deiridh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

4. Aisíocfaidh na Ballstáit na méideanna atá socraithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 3 leis na tairbhithe deiridh i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha. Féadfaidh na Ballstáit tairseach íosta i dtaca le méideanna aisíocaíochta in aghaidh an tairbhí deiridh a chur i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag an aisíocaíocht sin ach amháin maidir le tairbhithe deiridh sna Ballstáit sin ina raibh feidhm ag smacht airgeadais sa bhliain airgeadais roimhe sin.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102, ar gníomhartha iad atá riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear an smacht airgeadais i bhfeidhm go comhleanúnach sna Ballstáit, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ríomh an smachta airgeadais atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le feirmeoirí.

*Airteagal 18*

*Nós imeachta maidir le smacht buiséadach*

1. I gcás ina ndealróidh sé, agus an dréachtbhuiséad do bhliain bhuiséadach N á tharraingt suas, go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo do bhliain bhuiséadach N, molfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun comhlíonadh an méid sin a áirithiú. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na bearta sin i gcás inarb é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha nó glacfaidh an Chomhairle iad i gcás inarb é Airteagal 43(3) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha.

2. Má mheasann an Coimisiún aon tráth go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo agus nach féidir leis bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun an scéal a leigheas, molfaidh sé bearta eile chun comhlíonadh an méid sin a áirithiú. Tá na bearta sin le glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i gcás inarb é Airteagal 43(2) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha nó glacfaidh an Chomhairle iad i gcás inarb é Airteagal 43(3) CFAE an bunús dlí leis an mbeart ábhartha.

3. Más rud é, ag deireadh bhliain bhuiséadach N, go sáraíonn iarratais ar aisíocaíochtaí ó na Ballstáit an méid dá dtagraítear in Airteagal 14, nó más dóchúil go sáróidh siad an méid sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) na hiarratais a chuirfidh na Ballstáit isteach a bhreithniú ar bhonn pro rata faoi réir an bhuiséid atá ar fáil, agus glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar go sealadach méid na n-íocaíochtaí don mhí lena mbaineann;

(b) a chinneadh, i gcás gach Ballstáit, an 28 Feabhra de bhliain bhuiséadach N + 1 nó roimhe, cén staid ina bhfuil sé maidir le maoiniú ón Aontas do bhliain bhuiséadach N;

(c) gníomhartha chur chun feidhme a ghlacadh lena socrófar méid iomlán an mhaoinithe ón Aontas arna mhiondealú de réir Ballstáit, ar bhonn ráta aonair, laistigh de theorainn an mhéid a bhí ar fáil do na híocaíochtaí míosúla;

(d) aon chúiteamh atá le déanamh i leith na mBallstát, nuair a dhéantar na híocaíochtaí míosúla do mhí an Mhárta i mbliain buiséadach N+1 ar a dhéanaí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

*Airteagal 19*

*Córas luathrabhaidh agus faireacháin*

Chun a áirithiú nach sárófar an uasteorainn bhuiséadach dá dtagraítear in Airteagal 14, déanfaidh an Coimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin a chur chun feidhme i dtaobh chaiteachas CERT.

Chun na críche sin, ag tús gach bliana buiséadaí, déanfaidh an Coimisiún próifílí míosúla caiteachais a chinneadh, próifílí a bheidh bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar an meánchaiteachas míosúil sna trí bliana roimhe sin.

Ó am go chéile, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar forbairt an chaiteachais arna dhéanamh i ndáil leis na próifílí agus ina mbeidh measúnú ar an gcur chun feidhme tuartha don bhliain bhuiséadach reatha.

## ROINN 2

## CAITEACHAS A MHAOINIÚ

*Airteagal 20*

*Íocaíochtaí míosúla*

1. Cuirfidh an Coimisiún na leithreasuithe is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ar bhonn an chaiteachais arna dhéanamh ag na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith tréimhse thagartha.

2. Go dtí go n-aistreoidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla, is iad na Ballstáit a dhéanfaidh na hacmhainní is gá chun caiteachas a dhéanamh a shlógadh de réir riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

*Airteagal 21*

*Nós imeachta maidir le híocaíochtaí míosúla*

1. Gan dochar d’Airteagail 53, 54 agus 55, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla do chaiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith na míosa tagartha.

2. Déanfar íocaíochtaí míosúla le gach Ballstát ar an tríú lá oibre den dara mí tar éis na míosa ina ndéantar an caiteachas, nó roimhe sin, agus na laghduithe nó fionraíochtaí ag a bhfuil feidhm faoi Airteagail 39 go 42 nó aon cheartúcháin eile á gcur san áireamh. Measfar gur i mí Dheireadh Fómhair a dhéanfar caiteachas arna dhéanamh ag na Ballstáit idir an 1 agus an 15 Deireadh Fómhair. Measfar gur i mí na Samhna a dhéanfar caiteachas arna ndéanamh idir an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear na híocaíochtaí míosúla a dhéanann sé ar bhonn dearbhú caiteachais ó na Ballstáit agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 90(1). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 103 a chur i bhfeidhm.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinntear íocaíochtaí nó asbhaintí breise lena gcoigeartófar na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le mír 3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 103 a chur i bhfeidhm.

5. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas láithreach i gcás ina sáróidh an Ballstát na huasteorainneacha airgeadais.

*Airteagal 22*

*Costais riaracháin agus phearsanra*

Ní sheasfaidh CERT caiteachas a bhaineann le costais riaracháin agus phearsanra arna ndéanamh ag na Ballstáit agus ag tairbhithe na cabhrach ó CERT.

*Airteagal 23*

*Caiteachas idirghabhála poiblí*

1. Nuair, faoi chuimsiú chomheagrú na margaí, nach bhfuil suim in aghaidh an aonaid cinntithe maidir le hidirghabháil phoiblí, is le CERT a mhaoineofar an beart lena mbaineann ar bhonn méideanna caighdeánacha aonfhoirmeacha, go háirithe i dtaca le cistí ó na Ballstáit a úsáidtear chun táirgí a cheannach isteach, le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, chun na táirgí atá incháilithe d'idirghabháil phoiblí a phróiseáil dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

    (a) cineál na mbeart atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontais agus na coinníollacha aisíocaíochta;

(b) na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha bunaithe ar an bhfaisnéis arna breathnú go hiarbhír ag na gníomhaireachtaí íocaíochta, ar rátaí comhréidhe arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó ar mhéideanna comhréidhe nó neamh-chomhréidhe dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta in earnálacha sonracha;

(c) oibríochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí a luacháil, na bearta atá le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus na méideanna atá le maoiniú a chinneadh.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena socrófar na méideanna dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

*Airteagal 24*

*Sonraí satailíte a fháil*

Aontóidh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcomhréir leis an tsonraíocht arna hullmhú ag gach Ballstát, liosta na sonraí satailíte is gá le haghaidh an chórais faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 66(1), pointe (c).

I gcomhréir le h'Airteagal 7, bpointe (b), soláthróidh an Coimisiún na sonraí satailíte saor in aisce do na húdaráis atá inniúil don chóras faireacháin limistéir nó do sholáthraithe seirbhísí atá údaraithe ag na húdaráis sin chun ionadaíocht a dhéanamh orthu.

Is faoi úinéireacht an Choimisiún a fhanfaidh na sonraí satailíte.

Féadfaidh an Coimisiún cúram a chur ar chomhlachtaí speisialaithe cúraimí a dhéanamh a bhaineann le teicnící nó modhanna oibre i ndáil leis an gcóras faireachháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 66(1), pointe (c).

*Airteagal 25*

*Faireachán ar acmhainní talmhaíochta*

1. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí arna maoiniú de bhun Airteagal 7, pointe (c), cur ar chumas an Choimisiúin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) margaí talmhaíochta an Aontais a bhainistiú i gcomhthéacs domhanda;

(b) faireachán agranamaíoch agus agra-chomhshaoil-aeráide ar úsáid talún talmhaíochta agus ar athrú ar an úsáid talún talmhaíochta, lena n-áirítear agrafhoraoiseacht, a áirithiú, chomh maith le faireachán ar bhail na hithreach, na mbarr na dtírdhreach agus na talún talmhaíochta a áirithiú chun gur féidir meastacháin a dhéanamh, go háirithe maidir le táirgeacht agus táirgeadh talmhaíochta agus na tionchair thalmhaíochta a bhaineann le himthosca eisceachtúla, agus chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar athléimneacht na gcóras talmhaíochta agus ar an dul chun cinn i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ábhartha na Náisiúin Aontaithe a bhaint amach;

(c) rochtain ar na meastacháin dá dtagraítear i bpointe (b) a roinnt i gcomhthéacs idirnáisiúnta, amhail na tionscnaimh arna gcomhordú ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear fardail maidir le gás ceaptha teasa a bhunú faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, nó ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile;

(d) rannchuidiú le bearta sonracha lena méadaítear trédhearcacht margaí domhanda agus cuspóirí agus gealltanais an Aontais á gcur san áireamh;

(e) obair leantach theicneolaíoch an gcóras agraimeitéareolaíoch a áirithiú.

2. De bhun Airteagal 7, pointe (c), maoineoidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) bailiú nó ceannach na sonraí is gá chun CBT a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear sonraí satailíte, sonraí geo-spásúla agus sonraí meitéareolaíocha;

(b) infreastruchtúr sonraí spásúla agus suíomh gréasáin a chur ar bun;

(c) staidéir shonracha ar dhálaí aeráide a dhéanamh;

(d) cianbhraiteacht a úsáidtear chun cabhrú le faireachán a dhéanamh ar an athrú ar úsáid talún talmhaíochta, sláinte ithreach; agus

(e) samhlacha agraimeitéareolaíocha agus eacnaiméadracha a nuashonrú.

I gcás inar gá, déanfar na bearta sin i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, an tIonad Comhpháirteach Taighde, saotharlanna agus comhlachtaí náisiúnta nó le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí.

*Airteagal 26*

*Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagail 24 agus 25*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis an maoiniú de bhun Airteagal 7, pointí (b) agus (c);

(b) an nós imeachta faoina ndéanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagail 24 agus 25 chun na cuspóirí sannta a bhaint amach;

(c) an creat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid sonraí satailíte agus sonraí meitéareolaíocha, agus na sprioc-amanna is infheidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL II
# CETFT

## ROINN 1
## FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CETFT

*Airteagal 27*

*Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht*

1. Ní rachaidh íocaíochtaí an Choimisiúin maidir leis an ranníocaíocht CETFT dá dtagraítear in Airteagal 6 thar na gealltanais bhuiséadacha.

   Gan dochar d'Airteagal 34(1), sannfar na híocaíochtaí sin don ghealltanas buiséadach is luaithe a bheidh oscailte.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais.

## ROINN 2
## MAOINIÚ CEFTF FAOIN bPLEAN STRAITÉISEACH CBT

*Airteagal 28*

*Ranníocaíocht airgeadais ó CETFT*

Déanfar an ranníocaíocht airgeadais ó CETFT le caiteachas faoi Phleananna Straitéiseacha CBT a chinneadh maidir le gach Plean Straitéiseach CBT laistigh de na huasteorainneacha arna mbunú ag dlí an Aontais maidir le tacaíocht ó CETFT d'idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT.

*Airteagal 29*

*Gealltanais bhuiséadacha*

1. Is é a bheidh sa chinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún lena bhformheastar Plean Straitéiseach CBT cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal 110(1) den Rialachán Airgeadais agus, nuair a thabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann, gealltanas dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin sin. Leis an gcinneadh cur chun feidhme, sonrófar an ranníocaíocht in aghaidh na bliana.

2. Is i dtráthchodanna bliantúla idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027 a dhéanfar gealltanais bhuiséadacha an Aontais i leith gach Plean Straitéiseach CBT. De mhaolú ar Airteagal 111(2) den Rialachán Airgeadais, maidir le gach Plean Straitéiseach CBT, déanfar na gealltanais bhuiséadacha don chéad tráthchuid tar éis don Choimisiún Plean Straitéiseach CBT a fhormheas agus tar éis dó fógra a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann ina leith sin. Na gealltanais bhuiséadacha do thráthchodanna ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún iad roimh an 1 Bealtaine gach bliain, ar bhonn an chinnidh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 16 den Rialachán Airgeadais.

## ROINN 3
## RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS LE HIDIRGHABHÁLACHA FORBARTHA TUAITHE

*Airteagal 30*

*Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le híocaíochtaí le hidirghabhálacha forbartha tuaithe*

1. Cuirfear na leithreasuithe is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 6 a mhaoiniú ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm réamh-mhaoinithe, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéid, mar a thuairiscítear sa Roinn seo.

2. Ní rachaidh comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eatramhacha thar 95 % de ranníocaíocht CETFT le gach Plean Straitéiseach CBT.

Nuair a shroichfear uasteorainn 95 %, leanfaidh na Ballstáit de bheith ag tarchur iarratais ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 31*

*Socruithe réamhmhaoinithe*

1. I ndiaidh chinneadh cur chun feidhme an Choimisiúin maidir le Plean Straitéiseach CBT a fhormheas, íocfaidh sé méid réamh-mhaoinithe tosaigh leis an mBallstát le haghaidh thréimhse iomlán Phlean Straitéiseach CBT. Íocfar an méid réamh-mhaoinithe tosaigh sin i dtráthchodanna mar a leanas:

(a) in 2023: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh CBT;

(b) in 2024: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh CBT;

(c) in 2025: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh CBT.

Más rud á go ndéanfar Plean Straitéiseach CBT a fhormheas in 2024 nó níos déanaí, íocfar na tráthchodanna ó na bliana roimhe gan mhoill tar éis an fhormheasa sin.

2. Aisíocfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú leis an gCoimisiún mura ndéanfar aon chaiteachas agus mura seolfar aon dearbhú caiteachais don Phlean Straitéiseach CBT laistigh de 24 mhí ón dáta a íocann an Coimisiún an chéad tráthchuid den mhéid réamh-mhaoinithe. Déanfar an réamh-mhaoiniú sin a fhritháireamh i gcoinne an chaiteachais is luaithe a dhearbhófar don Phlean Straitéiseach CBT.

3. Ní íocfar ná ní ghnóthófar aon réamh-mhaoiniú breise más rud é go ndéanfar aistriú go CETFT nó ó CETFT i gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/...[+.]

4. Úsáidfear ús arna ghiniúint ar an réamh-mhaoiniú don Phlean Straitéiseach CBT lena mbaineann agus asbhainfear é ó mhéid an chaiteachais phoiblí arna shonrú ar an dearbhú caiteachais deiridh.

5. Imréiteofar an méid iomlán réamh-mhaoinithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 53 sula ndúnfar an Plean Straitéiseach CBT.

*Airteagal 32*

*Íocaíochtaí eatramhacha*

1. Déanfar íocaíochtaí eatramhacha do gach Plean Straitéiseach CBT. Déanfar iad a ríomh tríd an ráta ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2021/...[+] a chur i bhfeidhm ar an gcaiteachas poiblí arna dhéanamh do gach cineál idirghabhála, cé is moite d'íocaíochtaí sin a dhéantar ón maoiniú náisiúnta breise dá dtagraítear in Airteagal 115(5) den Rialachán sin.

---

[+.] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin sa dhoiciméid PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

Áireofar le híocaíochtaí eatramhacha freisin na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 94(2) de Rialachán (AE) 2021/…+.

2. Ag brath ar na hacmhainní a bheidh ar fáil, déanfaidh an Coimisiún, agus laghduithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagail 39 go 42 á gcur san áireamh, íocaíochtaí eatramhacha chun an caiteachas arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i gcur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT a aisíoc.

3. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar sa dearbhú caiteachais na méideanna iomlána arna n-eisíoc ag an údarás bainistíochta nó, i gcás ráthaíochtaí, arna gcur i leataobh ag an údarás bainistíochta, le haghaidh conarthaí ráthaíochta, nó chun tairbhe na bhfaighteoirí deiridh dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír, d'Airteagal 80(5) de Rialachán (AE) 2021/...+.

4. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 59(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas a chuirfear isteach na dearbhuithe caiteachais a chuimsíonn caiteachas le haghaidh ionstraimí airgeadais:

(a) beidh an méid a áirítear sa chéad dearbhú caiteachais íoctha cheana leis an ionstraim airgeadais agus is féidir suas le 30 % de mhéid iomlán den chaiteachas poiblí incháilithe geallta do na hionstraimí airgeadais faoin gconradh cistiúcháin ábhartha a bheith ann;

---

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(b) áireofar an caiteachas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 80(5) den Rialachán sin sa mhéid a áirítear i ndearbhuithe caiteachais a chuirfear isteach ina dhiaidh sin le linn na tréimhse incháilitheachta mar a shainmhínítear in Airteagal 86(4) de Rialachán (AE) 2021/...+.

5. Measfar méideanna arna n-íoc i gcomhréir le pointe (a) de mhír 4 den Airteagal seo mar réamhíocaíochtaí chun críche Airteagal 37(2). Imréiteofar an méid a áirítear sa chéad dearbhú caiteachais, dá dtagraítear i bpointe (a), de mhír 4 den Airteagal seo, ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná sna cuntais bhliantúla don bhliain dheireanach chur chun feidhme le haghaidh Phlean Straitéiseach ábhartha CBT.

6. Déanfar an Coimisiún gach íocaíocht eatramhach, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas seo a leanas:

(a) dearbhú caiteachais arna shíniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le pointe (c), d'Airteagal 90(1);

(b) gan aon sárú a bheith ann ar ranníocaíocht iomlán CETFT le gach cineál idirghabhála don tréimhse iomlán atá cumhdaithe ag an bPlean Straitéiseach CBT lena mbaineann;

(c) na doiciméid atá le tíolacadh, i gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus Airteagal 12(2), a tharchur chuig an gCoimisiún.

7. I gcás nach gcomhlíonfar aon cheann de na ceanglais a leagtar síos i mír 6, cuirfidh an Coimisiún an ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó an comhlacht comhordaithe, i gcás inar ainmníodh ceann, ar an eolas láithreach. I gcás nach gcomhlíonfar aon cheann amháin de na ceanglais a leagtar síos i bpointe (a) nó pointe (c), de mhír 6, measfar an dearbhú caiteachais a bheith doghlactha.

8. Gan dochar d'Airteagail 53, 54 agus 55, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 45 lá tar éis do dhearbhú caiteachais, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 6 den Airteagal seo, a bheith cláraithe.

9. Suífidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe dearbhuithe caiteachais eatramhacha a bhaineann le Pleananna Straitéiseacha CBT agus seolfaidh siad iad seo chuig an gCoimisiún, go díreach nó tríd an gcomhlacht comhordaithe, i gcás inar ainmníodh ceann, laistigh de thréimhsí atá le socrú ag an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na tréimhsí sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

Le dearbhuithe caiteachais, cumhdófar caiteachas a rinne na gníomhaireachtaí íocaíochta le linn gach ceann de na tréimhsí lena mbaineann. Cumhdóidh siad freisin na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 94(2) de Rialachán (AE) 2021/…[+]. Mar sin féin, mura féidir caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 86(3) den Rialachán sin a dhearbhú leis an gCoimisiún sa tréimhse lena mbaineann de bhrí go bhfuiltear ag feitheamh ar fhormheas ón gCoimisiún maidir le leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 119(10) den Rialachán sin, féadfar an caiteachas sin a dhearbhú i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

Déanfar dearbhuithe caiteachais eatramhacha maidir le caiteachas a dhéanfar ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh a chlárú faoi bhuiséad na bliana ina dhiaidh sin.

10. I gcás ina mbeidh fíorú breise ag teastáil ón oifigeach údarúcháin trí fhotharmligean, de bharr gur soláthraíodh faisnéis neamhiomlán nó dhoiléir nó mar gheall ar easaontas, difríochtaí léirmhínithe nó aon neamhréireacht eile a bhaineann le dearbhú caiteachais do thréimhse thagartha, a thagann chun cinn go háirithe mar nár cuireadh in iúl an fhaisnéis is gá faoi Rialachán (AE) 2021/...[+] agus faoi ghníomhartha de chuid an Choimisiúin a glacadh de bhun an Rialacháin sin, soláthróidh an Ballstát lena mbaineann, ar iarratas ón oifigeach údarúcháin trí fhotharmligean, faisnéis bhreise laistigh de thréimhse ama a shocrófar san iarratas sin de réir thromchúis na faidhbe.

Féadfar an teorainn ama d'íocaíochtaí eatramhacha a leagtar síos i mír 8 a bhriseadh le haghaidh an méid iomláin a n-éilítear íocaíocht ina leith nó le haghaidh cuid den mhéid sin, ar feadh uastréimhse sé mhí, ón dáta a sheoltar an t-iarratas ar íocaíocht agus go dtí go bhfaightear an fhaisnéis iarrtha a mheastar a bheith sásúil. Féadfaidh an Ballstát aontú tréimhse an bhriste a shíneadh ar feadh thréimhse 3 mhí eile.

I gcás nach bhfreagróidh an Ballstát lena mbaineann an t-iarratas ar fhaisnéis bhreise laistigh den tréimhse arna socrú san iarratas sin nó ina measfar nach bhfuil an freagra sásúil nó ina gcuirfidh an Ballstát in iúl nár comhlíonadh na rialacha is infheidhme nó gur baineadh úsáid mhíchuí as Cistí an Aontais, féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí nó a laghdú i gcomhréir le hAirteagail 39 go 42.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 33*

*An iarmhéid a íoc agus idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPlean Straitéiseach CBT a dhúnadh*

1. Tar éis dó an tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht a fháil maidir le Plean Straitéiseach CBT a chur chun feidhme, íocfaidh an Coimisiún, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm ag leibhéal na gcineálacha idirghabhála de chuid CETFT, iarmhéid na gcuntas bliantúil don bhliain dheireanach de chur chun feidhme Phlean Straitéiseach CBT agus iarmhéid na gcinntí comhfhreagracha maidir le himréiteach. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá bhforáiltear in Airteagal 86(4) de Rialachán (AE) 2021/...[+] agus cumhdófar sna cuntais sin an caiteachas arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.

2. Íocfar an t-iarmhéid tráth nach déanaí ná 6 mhí ón dáta a mheas an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo inghlactha agus a imréitíodh an tsraith deiridh de na cuntais bhliantúla. Gan dochar d'Airteagal 34(5), saorfaidh an Coimisiún, laistigh de thréimhse sé mhí, na méideanna a bhfuil gealltanas fós déanta ina leith tar éis an t-iarmhéid a íoc.

3. Más rud é, faoin teorainn ama a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, nach mbeidh an tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht agus na doiciméid is gá chun na cuntais bhliantúla don bhliain dheireanach de chur chun feidhme Phlean Straitéiseach CBT a imréiteach faighte ag an gCoimisiún, déanfar an t-iarmhéid a shaoradh go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 34.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 34*

*Saoradh uathoibríoch i bPleananna Straitéiseacha CBT*

1. Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid de ghealltanas buiséadach d'idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPlean Straitéiseach CBT nár úsáideadh chun críocha íocaíochtaí eatramhacha a réamh-mhaoiniú nó a dhéanamh, nó aon chuid nach bhfuil aon dearbhú caiteachais faighte aige ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 32(6), pointí (a) agus (c), maidir le caiteachas arna dhéanamh faoin 31 Nollaig sa dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.

2. An chuid sin de ghealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 86(4) de Rialachán (AE) 2021/...[+,] agus nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith laistigh de 6 mhí ón dáta sin, déanfar í a shaoradh go huathoibríoch.

3. I gcás imeachtaí dlíthiúla nó i gcás achomharc riaracháin ag a mbeidh éifeacht fionraíochta, brisfear an tréimhse um shaoradh uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 nó 2, i leith an méid a bhaineann leis na hoibríochtaí i gceist, ar feadh fhad na n-imeachtaí sin nó ar feadh fhad an achomhairc riaracháin sin, ar choinníoll go bhfaighidh an Coimisiún fógra réasúnaithe ón mBallstát faoin 31 Eanáir de bhliain N + 3.

---

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

4. Déanfar neamhaird den mhéid seo a leanas agus an saoradh uathoibríoch á ríomh:

(a) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha a ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith ach ar laghdaigh an Coimisiún a haisíocaíocht nó ar chuir sé ar fionraí í an 31 Nollaig i mbliain N + 2;

(b) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha nach raibh gníomhaireacht íocaíochta in ann a íoc amach ar chúiseanna force majeure, rud a bhfuil tionchar tromchúiseach aige ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh CBT. Taispeánfaidh na húdaráis náisiúnta sin a mhaíonn force majeure na hiarmhairtí díreacha ar chur chun feidhme na n-idirghabhálacha forbartha tuaithe uile, nó cuid díobh, atá i bPleananna Straitéiseacha CBT.

Faoin 31 Eanáir gach bliain, seolfaidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún i dtaobh na n-eisceachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na méideanna a dearbhaíodh faoi dheireadh na bliana roimhe sin.

5. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas in am trátha má tá riosca saortha uathoibríoch ann. Cuirfidh sé ar an eolas iad faoin méid atá i gceist mar a shonraítear san fhaisnéis atá ina sheilbh. Beidh dhá mhí ag na Ballstáit ón dáta a bhfaighidh siad an fhaisnéis sin chun aontú leis an méid atá i gceist nó chun barúlacha a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún an saoradh uathoibríoch tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis dhul in éag an sprioc-ama dheireanaí dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3.

6. I gcás saoradh uathoibríoch, déanfar ranníocaíocht CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT lena mbaineann a laghdú, don bhliain atá i gceist, bunaithe ar an méid a saoradh go huathoibríoch. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann plean maoinithe athbhreithnithe lena roinnfear laghdú na cabhrach idir na cineálacha idirghabhála a bheidh le formheas ag an gCoimisiún. Mura ndéanfaidh an Ballstát amhlaidh, laghdóidh an Coimisiún na méideanna a leithdháiltear le haghaidh gach cineál idirghabhála ar bhonn pro rata.

# CAIBIDIL III

# Forálacha Coiteanna

*Airteagal 35*

*An bhliain airgeadais talmhaíochta*

Gan dochar do na forálacha speisialta maidir le dearbhuithe caiteachais agus ioncaim a bhaineann le hidirghabháil phoiblí arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 47(2), cumhdófar leis an mbliain airgeadais caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcuntais CERT agus CETFT i leith na bliana airgeadais “N” dar tús an 16 Deireadh Fómhair den bhliain N-1 agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain N.

*Airteagal 36*

*Cosc ar chistiú dúbailte*

Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfuil caiteachas arna mhaoiniú faoi CERT nó faoi CETFT faoi réir aon mhaoiniú eile ó bhuiséad an Aontais.

Faoi CETFT, ní thabharfar foirmeacha éagsúla tacaíochta d'oibríocht ó Phleananna Straitéiseach CBT agus ó na cistí eile dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó ó ionstraimí eile de chuid an Aontais ach amháin i gcás nach mó an méid iomlán cabhrach carnaí a dheonaítear faoi na foirmeacha éagsúla tacaíochta an déine cabhrach ná an méid cabhrach is airde is infheidhme maidir leis an gcineál idirghabhála sin dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/…[+]. I gcásanna sin den sórt, ní dhearbhóidh na Ballstáit an caiteachas céanna leis an gCoimisiún i leith tacaíocht:

(a) ó chiste eile dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó ó ionstraim eile de chuid an Aontais; nó

(b) ón bPlean Straitéiseach céanna CBT.

Féadfar méid an chaiteachais atá le hiontráil sa dearbhú caiteachais a ríomh ar bhonn pro rata, i gcomhréir leis an doiciméad lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

---

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i doiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 37*

*Incháilitheacht caiteachais arna chur i gcrích ag na gníomhaireachtaí íocaíochta*

1. Ní fhéadfaidh maoiniú ón Aontas an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 a chumhdach ach amháin i gcás go ndearna gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe an caiteachas sin agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

   (a) rinneadh é i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais; nó

   (b) maidir leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/...[+,]

      (i) meaitseáiltear é le haschur tuairiscithe comhlántach, agus

      (ii) má rinneadh é i gcomhréir leis na córais is infheidhme de chuid an Aontais, nach gcuimsítear leo na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh tairbhithe aonair a leagtar síos i bPleananna Straitéiseacha ábhartha CBT.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (b)(i) maidir le réamhíocaíochtaí arna n-íoc le tairbhithe faoi chineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/...+.

---

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 38*

*Comhlíonadh sprioc-amanna íocaíochta*

1. I gcás ina mbeidh sprioc-amanna íocaíochta leagtha síos ag dlí an Aontais, aon íocaíocht a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta le tairbhí roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir nó tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, ní bheidh sí incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na cúinsí agus coinníollacha inar féidir na híocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mheas a bheith incháilithe, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.

*Airteagal 39*

*Íocaíochtaí míosúla agus eatramhacha a laghdú*

1. I gcás ina suífidh an Coimisiún ó dhearbhuithe caiteachais nó ón bhfaisnéis, ó na dearbhuithe agus ó na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 90 gur sáraíodh uasteorainneacha airgeadais arna socrú ag dlí an Aontais, laghdóidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann faoi chuimsiú na ngníomhartha cur chun feidhme maidir leis na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó i gcreat na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32.

2. I gcás ina suífidh an Coimisiún ó dhearbhuithe caiteachais nó ón bhfaisnéis, ó na dearbhuithe agus ó na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 90 nár comhlíonadh na sprioc-amanna íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 38, tabharfar an fhaisnéis don Bhallstát lena mbaineann agus tabharfaidh sé an deis dó a bharúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá. I gcás nach gcuirfidh an Ballstát a bharúlacha isteach laistigh den tréimhse sin nó i gcás gur chinn an Coimisiún gur léir nach bhfuil an freagra sin leordhóthanach, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú i gcreat na ngníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó i gcreat na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32.

3. Beidh na laghduithe faoin Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 53.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha breise maidir leis an nós imeachta agus le socruithe praiticiúla eile i dtaca le feidhmiú cuí an tsásra dá bhforáiltear in Airteagal 38. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 40*

*Íocaíochtaí maidir leis an imréiteach bliantúil a chur ar fionraí*

1. I gcás nach gcuirfidh na Ballstáit na doiciméid dá dtagraítear in Airteagail 9(3) agus 12(2) isteach faoi na sprioc-amanna dá bhforáiltear in Airteagal 9(3), féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear méid iomlán na n-íocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) ar fionraí. Aisíocfaidh an Coimisiún na méideanna a cuireadh ar fionraí nuair a gheobhaidh sé na doiciméid ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, ar choinníoll nach bhfuil an dáta fála níos déanaí ná sé mhí tar éis an sprioc-ama lena mbaineann.

   Maidir leis na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32, measfar dearbhuithe caiteachais a bheith doghlactha i gcomhréir le mír 7 den Airteagal sin.

2. I gcás, i gcreat an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 54, go suífidh an Coimisiún go bhfuil an éagsúlacht idir an caiteachas a deimhníodh agus an méid a bhaineann leis an aschur tuairiscithe ábhartha níos mó ná 50 % agus nach féidir leis an mBallstát cúiseanna cuí-réasúnaithe a thabhairt, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32 ar fionraí.

Cuirfear an fhionraíocht i bhfeidhm ar an gcaiteachas ábhartha i dtaca leis na hidirghabhálacha ar a ndearnadh an laghdú dá dtagraítear in Airteagal 54(2) agus ní sháróidh an méid atá le cur ar fionraí an céatadán a chomhfhreagraíonn don laghdú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 54(2). Aisíocfaidh an Coimisiún leis na Ballstáit na méideanna a cuireadh ar fionraí nó laghdófar iad go buan, ar a dhéanaí, trí bhíthin an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 54 a bhaineann leis an mbliain ar ina leith a fionraíodh na híocaíochtaí. Mar sin féin, má léiríonn na Ballstáit go ndearnadh na bearta ceartaitheacha is gá, féadfaidh an Coimisiún an fionraí a fhoirceannadh níos luaithe i ngníomh cur chun feidhme ar leith.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ráta fionraíochta na n-íocaíochtaí.

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Sula nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus sa chéad fhomhír de mhír 2, den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse nach giorra ná 30 lá.

5. Sna gníomhartha cur chun feidhme lena socrófar na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32, cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Airteagal seo san áireamh.

*Airteagal 41*

*Íocaíochtaí maidir leis an bhfaireachán ilbhliantúil ar fheidhmíocht a chur ar fionraí*

1. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 135(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/...[+,] ar an mBallstát lena mbaineann plean gníomhaíochta a thíolacadh, suífidh an Ballstát sin plean gníomhaíochta den sórt sin, i gcomhairle leis an gCoimisiún. Áireofar sa phlean gníomhaíochta na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheartaítear agus táscairí dul chun cinn soiléire mar aon leis an tréimhse ama ina gcaithfear an dul chun cinn a dhéanamh. Féadfar an tréimhse ama sin a fhadú thar bhliain airgeadais amháin.

Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann freagra laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis don Choimisiún plean gníomhaíochta a iarraidh.

Laistigh de thréimhse 2 mhí ón bplean gníomhaíochta a fháil ón mBallstát lena mbaineann, cuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, an Ballstát sin ar an eolas i scríbhinn maidir lena agóidí i gcoinne an phlean gníomhaíochta a tíolacadh agus iarrfaidh sé lena mhodhnú. Comhlíonfaidh an Ballstát lena mbaineann an plean gníomhaíochta, mar a thoiligh an Coimisiún, laistigh den tréimhse a bhfuiltear ag súil leis chun é a chur i gcrích.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos breis rialacha maidir le struchtúr na bpleananna gníomhaíochta agus an nós imeachta chun na pleananna gníomhaíochta a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

---

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 den Airteagal seo a thíolacadh nó a chur chun feidhme, nó i gcás inar soiléir nach bhfuil an plean gníomhaíochta sin leordhóthanach chun an cás a leigheas, nó i gcás nár modhnaíodh an plean arna iarraidh sin don Choimisiún i scríbhinn dá dtagraítear sa mhír sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32 ar fionraí.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, an iarraidh ar phlean gníomhaíochta ón gCoimisiún don bhliain airgeadais 2025, ní chuirfear íocaíochtaí ar fionraí roimh an athbhreithniú feidhmíochta don bhliain airgeadais 2026, dá bhforáiltear in Airteagal 135(3) de Rialachán (AE)2021/...[+.]

Cuirfear fionraíocht na n-íocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ó thaobh an chaiteachais ábhartha a bhaineann leis na hidirghabhálacha a bhí le bheith cumhdaithe ag an bplean gníomhaíochta sin.

Aisíocfaidh an Coimisiún na méideanna a cuireadh ar fionraí nuair, de bhonn an athbhreithnithe feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 135 de Rialachán (AE) 2021/...+ nó de bhonn an fhógra dheonaigh a thug an Ballstát lena mbaineann le linn na bliana airgeadais maidir leis an bplean gníomhaíochta a chur chun cinn agus leis an ngníomh ceartaitheach a rinneadh chun an t-easnamh a leigheas, a dhéanfar dul chun cinn sásúil i dtreo spriocanna.

---

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

Mura leigheasfar an cás roimh dheireadh na tréimhse 2 mhí dhéag ó chuirtear na híocaíochtaí ar fionraí, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena laghdaítear go deifnídeach an méid curtha ar fionraí le haghaidh an Bhallstáit lena mbaineann.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa mhír seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Roimh don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh, cuirfidh sé an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air freagra a thabhairt laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir le ráta agus fad fionraíochta na n-íocaíochtaí agus an coinníoll maidir leis na méideanna sin a aisíoc nó a laghdú faoin bhfaireachán feidhmíochta ilbhliantúil.

*Airteagal 42*

*Íocaíochtaí maidir le heasnaimh i gcórais rialachais a chur ar fionraí*

1. I gcás ina mbeidh easnaimh thromchúiseacha ar fheidhmiú cuí na gcóras rialachais, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann plean gníomhaíochta a thíolacadh lena n-áirítear na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá agus táscairí dul chun cinn soiléire. Bunófar an plean gníomhaíochta sin i gcomhairle leis an gCoimisiún. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann freagra laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis iarraidh an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le plean gníomhaíochta.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le struchtúr na bpleananna gníomhaíochta agus an nós imeachta chun na pleananna gníomhaíochta a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

2. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát an plean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 den Airteagal seo a thíolacadh nó a chur chun feidhme, nó i gcás inar léir nach bhfuil an plean gníomhaíochta sin leordhóthanach chun an cás a leigheas nó i gcás nár cuireadh an plean chun feidhme arna iarraidh sin don Choimisiún i scríbhinn dá dtagraítear sa mhír sin, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32 ar fionraí.

Cuirfear an fhionraíocht i bhfeidhm de réir phrionsabal na comhréireachta ó thaobh an chaiteachais ábhartha arna dhéanamh ag an mBallstát ina bhfuil na heasnaimh, ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar tréimhse í nach faide ná 12 mhí. Má leantar de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir leis an bhfionraíocht, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear síneadh leis an tréimhse sin ar feadh tréimhsí eile nach faide ná 12 mhí ar an iomlán. Agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 55 á nglacadh aige, cuirfidh an Coimisiún na méideanna a cuireadh ar fionraí san áireamh.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 2 i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Roimh dó gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air freagra a thabhairt laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoi mhír 2 den Airteagal seo a chur san áireamh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 21(3) nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 32.

*Airteagal 43*

*Cuntais ar leith a choinneáil*

1. Coinneoidh gach gníomhaireacht íocaíochta tacar cuntas ar leith do na leithreasuithe a iontrálfar i mbuiséad an Aontais do CERT agus CETFT.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos breis rialacha maidir leis an oibleagáid a leagtar síos san Airteagal seo agus na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a gcoinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta iad. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 44*

*Íocaíocht le tairbhithe*

1. Mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite i ndlí an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar íocaíochtaí a bhaineann leis an maoiniú dá bhforáiltear sa Rialachán seo a íoc leis na tairbhithe ina n-iomláine.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na híocaíochtaí faoi na hidirghabhálacha agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 65(2) tráth nach luaithe ná an 1 Nollaig agus tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain féilire ina dhiaidh sin.

D'ainneoin na chéad fomhíre, féadfaidh na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

(a) roimh an 1 Nollaig, ach ní roimh an 16 Deireadh Fómhair, réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith idirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus i leith na mbeart dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013;

(b) roimh an 1 Nollaig, réamhíocaíochtaí suas le 75 % a dhéanamh i leith na tacaíochta arna deonú faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(2).

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh faoi na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagail 73 agus 77 de Rialachán (AE) 2021/...[+.]

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 lena leasaítear an tAirteagal seo trí rialacha a chur leis lena cheadófar do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2021/...+ agus maidir leis na bearta lena rialaítear nó lena dtugtar tacaíocht do mhargaí talmhaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 chun a áirithiú go n-íocfar na réamhíocaíochtaí sin go comhsheasmhach agus go neamh-idirdhealaitheach.

---

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí choinníollacha sonracha a bhunú d'íocaíocht na réamhíocaíochtaí, chun a áirithiú go n-íocfar na réamhíocaíochtaí sin go comhsheasmhach agus go neamh-idirdhealaitheach.

6. Arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcás éigeandála, agus faoi theorainneacha phointe (b) d'Airteagal 11(2) den Rialachán Airgeadais, glacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le cur i bhfeidhm an Airteagail seo. D'fhéadfadh maolú ar mhír 2 den Airteagal seo a bheith i gceist leis na gníomhartha cur chun feidhme sin, ach ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach a mhéid agus ar feadh tréimhse atá fíor-riachtanach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 45*

*Ioncam a shannadh*

1. Measfar gur ioncam sannta a bheidh sa mhéid seo a leanas de réir bhrí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais:

   (a) maidir le caiteachas faoi CERT agus CETFT araon, suimeanna faoi Airteagail 38, 54 agus 55 den Rialachán seo agus Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 104 den Rialachán seo agus, maidir le caiteachas faoi CERT, suimeanna faoi Airteagail 53 agus 56 den Rialachán seo, atá le híoc isteach i mbuiséad an Aontais, mar aon le hús ar na nithe seo a leanas;

(b) méideanna ar pionóis iad arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/...+, a mhéid a bhaineann le caiteachas faoi CERT;

(c) aon urrús, taisce nó ráthaíocht arna soláthar de bhun dhlí an Aontais arna glacadh faoi chreat CBT, lena n-eisiatar idirghabhálacha forbartha tuaithe, agus a forghéilleadh ina dhiaidh sin; coimeádfaidh na Ballstáit, áfach, na hurrúis forghéillte arna dtaisceadh agus ceadúnais onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin á n-eisiúint nó faoi nós imeachta tairisceana chun a áirithiú go gcuireann tairgeoirí tairiscintí dáiríre isteach agus chuige sin amháin;

(d) suimeanna arna laghdú go deifnídeach i gcomhréir le hAirteagal 41(2).

2. Íocfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 1 isteach i mbuiséad an Aontais agus, i gcás ina n-athúsáidfear iad, úsáidfear iad chun caiteachas CERT agus CETFT amháin a mhaoiniú.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo mutatis mutandis maidir le hioncam sannta dá dtagraítear i mír 1.

4. Maidir le CERT, beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 113 den Rialachán Airgeadais maidir le cuntais ar ioncam sannta dá dtagraítear sa Rialachán seo a choinneáil.

---

+, + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 46*

*Bearta faisnéise*

1. Is í an aidhm a bheidh le soláthar faisnéise a mhaoineofar de bhun phointe (e) d'Airteagal 7, go háirithe, cuidiú le CBT a mhíniú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt agus feasacht an phobail ar a ábhar agus ar a chuspóirí a ardú, lena n-áirítear an bhaint atá aige leis an aeráid, an comhshaol agus leas ainmhithe. Déantar é sin chun na saoránaigh a chur ar an eolas faoi na dúshláin atá roimh earnáil na talmhaíochta agus an bhia, chun feirmeoirí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas, chun muinín na dtomhaltóirí a athbhunú tar éis géarchéimeanna trí fheachtais faisnéise, chun daoine eile atá gníomhach i gceantair thuaithe a chur ar an eolas agus chun múnla talmhaíochta níos inbhuanaithe de chuid an Aontais a chur chun cinn, chomh maith le cuidiú le saoránaigh é a thuiscint.

   Soláthrófar faisnéis chomhtháite, fhianaisebhunaithe, oibiachtúil chuimsitheach, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, agus leagfar amach ann na gníomhaíochtaí cumarsáide atá beartaithe i bplean straitéiseach ilbhliantúil an Choimisiúin don talmhaíocht agus d'fhorbairt tuaithe.

2. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith sna bearta dá dtagraítear i mír 1:

   (a) cláir bhliantúla oibre nó bearta sonracha eile arna gcur i láthair ag tríú páirtithe;

   (b) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin.

   Eisiafar na bearta sin a cheanglaítear le dlí nó na bearta sin a fhaigheann maoiniú cheana faoi ghníomh eile de chuid an Aontais.

Agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír á gcur chun feidhme, féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún.

Rannchuideoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin le cumarsáid chorparáideach a áirithiú maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a mhéid is go mbaineann na tosaíochtaí sin le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

3. Foilseoidh an Coimisiún glao ar thairiscintí uair sa bliain lena n-urramaítear na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais.

4. Tabharfar fógra don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 103(1) i leith beart a bheartaítear agus a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 2 bhliain.

*Airteagal 47*

*Cumhachtaí eile de chuid an Choimisiúin a bhaineann leis an gCaibidil seo*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na coinníollacha faoina bhfuil cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoi CERT agus CETFT le cúiteamh.

I gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha faoi thús na bliana buiséadaí nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na ngealltanas an tairseach a leagtar síos in Airteagal 11(2) den Rialachán Airgeadais, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an modh is infheidhme i dtaca leis na gealltanais agus na méideanna a íoc.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) maoiniú agus cuntasaíocht beart idirghabhála i bhfoirm stóráil phoiblí, agus caiteachas eile arna mhaoiniú ag CERT agus CETFT;

(b) na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL IV

# Imréiteach cuntas

## Roinn 1

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 48*

*Cur chuige iniúchóireachta aonair*

I gcomhréir le hAirteagal 127 den Rialachán Airgeadais, cuirfidh an Coimisiún muinín in obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, ach amháin má chuireann sé in iúl don Bhallstát lena mbaineann nach féidir leis muinín a chur in obair an chomhlachta deimhniúcháin do bhliain airgeadais áirithe, agus cuirfidh sé san áireamh sa mheasúnú riosca an gá le hiniúchtaí de chuid an Choimisiúin a dhéanamh sa Bhallstát sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát sin ar an eolas faoi na cúiseanna nach féidir leis brath ar obair an chomhlachta deimhniúcháin lena mbaineann.

*Airteagal 49*

*Seiceálacha ag an gCoimisiún*

1. Gan dochar do na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit faoi dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta nó faoi Airteagal 287 CFAE, d'aon seiceáil a eagraítear faoi Airteagal 322 CFAE nó bunaithe ar Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 nó d'Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún seiceálacha a eagrú sna Ballstáit d'fhonn an méid seo a leanas, go háirithe, a fhíorú, cibé acu:

(a) an gcomhlíonfar nó nach gcomhlíonfar leis na cleachtais riaracháin rialacha an Aontais;

(b) atá nó nach bhfuil aschur comhfhreagrach, mar a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht, ag caiteachas a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 den Rialachán seo agus atá i gcomhréir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/...+;

(c) an ndearnadh nó nach ndearnadh an caiteachas a chomhfhreagraíonn do na bearta a leagtar síos i Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013, (AE) Uimh. 1308/2013, agus (AE) Uimh. 1144/2014 agus an ndearnadh é a sheiceáil i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme;

(d) an ndéanfar nó nach ndéanfar obair an chomhlachta deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 12 agus chun críocha Roinn 2 den Chaibidil seo;

---

+; + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(e) an gcomhlíonfaidh nó nach gcomhlíonfaidh gníomhaireacht íocaíochta na coinníollacha íosta maidir le creidiúnú a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus cibé acu an gcuirfidh nó nach gcuirfidh an Ballstát Airteagal 9(4) i bhfeidhm i gceart;

(f) an gcuirfidh nó nach gcuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Plean Straitéiseach CBT chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/..[+;]

(g) atá nó nach bhfuil na pleananna gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 42 curtha chun feidhme i gceart.

Na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun seiceálacha a dhéanamh thar a cheann, nó na gníomhairí de chuid an Choimisiúin atá ag feidhmiú laistigh de raon feidhme na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh, beidh rochtain acu ar na leabhair agus ar na doiciméid ar fad eile, lena n-áirítear doiciméid agus meiteashonraí arna dtarraingt suas nó arna bhfáil agus arna dtaifeadadh ar mheán leictreonach, a bhaineann le caiteachas a mhaoinítear faoi CERT nó CETFT.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí maidir le seiceálacha difear do chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta lena gcoimeádtar gníomhartha áirithe le haghaidh gníomhairí arna n-ainmniú go sonrach sa dlí náisiúnta. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, ní ghlacfaidh na daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun gníomhú thar a cheann páirt, inter alia, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine ar bhonn dhlí an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu, áfach, ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin.

[+;] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Tabharfaidh an Coimisiún réamhfhógra leordhóthanach maidir le seiceáil don Bhallstát lena mbaineann nó don Bhallstát a bhfuil an tseiceáil le déanamh ar a chríoch, agus an tionchar riaracháin ar ghníomhaireachtaí íocaíochta á chur san áireamh agus seiceálacha á n-eagrú. Féadfaidh gníomhairí ón mBallstát lena mbaineann páirt a ghlacadh sna seiceálacha sin.

Ar iarratas ón gCoimisiún agus le comhaontú ón mBallstát, déanfaidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit sin seiceálacha breise nó fiosrúcháin faoi na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh gníomhairí an Choimisiúin nó daoine atá údaraithe ag an gCoimisiún chun gníomhú thar a cheann páirt a ghlacadh sna seiceálacha sin.

Chun na seiceálacha a fheabhsú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cúnamh a iarraidh ó údaráis na mBallstát sin le haghaidh seiceálacha nó fiosrúcháin áirithe.

*Airteagal 50*

*Rochtain ar fhaisnéis*

1. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis ar fad is gá le haghaidh fheidhmiú rianúil CERT agus CETFT, agus déanfaidh siad na bearta iomchuí ar fad is gá chun go n-éascófar na seiceálacha a mheasann an Coimisiún atá oiriúnach i ndáil le maoiniú an Aontais a bhainistiú.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar iarratas uaidh, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a ghlac siad chun gníomhartha dlíthiúla an Aontais a bhaineann le CBT a chur chun feidhme, agus a mbeidh tionchar airgeadais acu ar CERT nó ar CETFT.

3. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún faisnéis faoi neamhrialtachtaí de réir bhrí Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus faoi chásanna eile neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, faoi chalaois amhrasta a braitheadh, agus faoi na bearta a glacadh de bhun Roinn 3 den Chaibidil seo chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil i ndáil leis na neamhrialtachtaí agus na calaoisí sin. Déanfaidh an Coimisiún achoimre ar an bhfaisnéis sin agus foilseoidh sé gach bliain í, agus cuirfidh sé in iúl do Pharlaimint na hEorpa í.

*Airteagal 51*

*Rochtain ar dhoiciméid*

1. Coinneoidh na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochtaí a dhéantar agus doiciméid a bhaineann le feidhmiú na seiceálacha a cheanglaítear le dlí an Aontais, agus cuirfidh siad na doiciméid agus an fhaisnéis sin a bhaineann leis ar fáil don Choimisiún.

Féadfar na doiciméid agus an fhaisnéis sin a choinneáil i bhfoirm leictreonach faoi na coinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún de bhun mhír 3.

I gcás ina gcoinneoidh údarás, atá ag gníomhú faoi tharmligean ó ghníomhaireacht íocaíochta agus atá freagrach as caiteachas a údarú, na doiciméid sin agus an fhaisnéis sin, cuirfidh an t-údarás sin tuarascálacha chuig an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe maidir le líon na seiceálacha a rinneadh, ábhar na seiceálacha agus na bearta a glacadh i bhfianaise thorthaí na seiceálacha sin.

2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo mutatis mutandis maidir leis na comhlachtaí deimhniúcháin.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na coinníollacha faoina gcoinneofar na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraitear san Airteagal seo, lena n-áirítear foirm na ndoiciméad agus na faisnéise agus an tréimhse ama a stórálfar iad. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 52*

*Cumhachtaí an Choimisiúin maidir le seiceálacha agus le doiciméid agus le faisnéis agus an oibleagáid maidir le comhoibriú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102, ar gníomhartha iad atá riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtach na forálacha a bhaineann le seiceálacha agus le rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis a leagtar amach sa Chaibidil seo, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le hoibleagáidí sonracha atá le comhlíonadh ag na Ballstáit faoin gCaibidil seo agus le rialacha maidir leis na critéir chun na cásanna neamhrialtachta a chinneadh de réir bhrí Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, agus cásanna eile maidir le neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit sna Pleananna Straitéiseacha CBT atá le tuairisciú agus maidir leis na sonraí atá le cur ar fáil sa chomhthéacs seo.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann leis na hoibleagáidí comhair atá le comhlíonadh ag na Ballstáit chun Airteagal 49 agus Airteagal 50 a chur chun feidhme; Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

## **ROINN 2**
## **IMRÉITEACH**

*Airteagal 53*
*Imréiteach airgeadais bliantúil*

1. Roimh an 31 Bealtaine sa bhliain tar éis na bliana buiséadaí agus ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (d), glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina mbeidh a chinneadh maidir le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, le haghaidh an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Cumhdófar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas bliantúil a thíolacfar agus beidh siad gan dochar d'ábhar na ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar ina dhiaidh sin de bhun Airteagail 54 agus 55.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir leis na bearta is gá chun críocha na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na rialacha maidir leis an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na sprioc-amanna atá le comhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 54*

*Imréiteach feidhmíochta bliantúil*

1. I gcás nach mbeidh aschur comhfhreagrach, mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagail 9(3) agus 10 den Rialachán seo agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/...[+] ag an gcaiteachas dá dtagraítear in Airteagail 5(2) agus 6 den Rialachán seo agus atá i gcomhréir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/... [+], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme roimh an 15 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana buiséadaí lena gcinnfear na méideanna atá le laghdú ó mhaoiniú an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Beidh na gníomhartha cur chun feidhme sin gan dochar d'ábhar na ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 55 den Rialachán seo.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na méideanna atá le laghdú ar bhonn na héagsúlachta idir an caiteachas bliantúil a dearbhaíodh le haghaidh idirghabhála agus an méid a chomhfhreagraíonn leis an aschur tuairiscithe ábhartha i gcomhréir le Plean Straitéiseach CBT agus aird á tabhairt ar na cúiseanna arna dtabhairt ag an Ballstát sna tuarascálacha feidhmíochta bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 134(8) de Rialachán (AE)2021/…+.

3. Sula nglacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Coimisiún deis don Bhallstát lena mbaineann a bharúlacha a chur isteach agus aon éagsúlacht a dhlisteanú laistigh de thréimhse nach giorra ná 30 lá, i gcás ina bhfuil na doiciméid dá dtagraítear in Airteagail 9(3), 10 agus 12 (2) curtha isteach faoin sprioc-am.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na critéir le haghaidh na réasúnuithe ón mBallstát lena mbaineann agus leis an modheolaíocht agus na critéir le haghaidh laghduithe a chur i bhfeidhm.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir leis na bearta is gá chun críocha na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na rialacha maidir le malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na sprioc-amanna atá le comhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 55*

*Nós imeachta comhréireachta*

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach nach ndearnadh an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 i gcomhréir le dlí an Aontais, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na méideanna atá le heisiamh ó mhaoiniú an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

   Mar sin féin, maidir leis na cineálacha idirghabhálacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/...[+], ní bheidh feidhm ag na heisiaimh ó mhaoiniú an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin i gcás ina mbeidh easnaimh thromchúiseacha ar fheidhmiú cuí chórais rialachais na mBallstát.

   Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le cásanna neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta le haghaidh tairbhithe aonair a leagtar síos i bPleananna Straitéiseacha CBT agus sna rialacha náisiúnta.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na méideanna atá le heisiamh ar bhonn thromchúis na n-easnamh a fhaightear. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh sé aird chuí ar chineál na n-easnamh agus an dochar airgeadais arna dtabhú ag an Aontas.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

3. Sula nglacfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1, déanfar torthaí an Choimisiúin agus barúlacha an Bhallstáit lena mbaineann maidir leis na torthaí sin a chur in iúl i scríbhinn idir an dá pháirtí agus, ina dhiaidh sin, féachfaidh an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú i leith na ngníomhaíochta atá le déanamh. Tabharfar an deis don Bhallstát lena mbaineann a léiriú gur lú ná an measúnú ón gCoimisiún méid iarbhír an neamhchomhlíonta.

   Mura dtiocfar ar chomhaontú, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh go dtionscnófar nós imeachta atá dírithe ar sheasamh an dá pháirtí a thabhairt chun réitigh laistigh de thréimhse 4 mhí. Is comhlacht idir-réitigh a chuirfidh an nós imeachta i gcrích. Cuirfear tuarascáil ar thoradh an nós imeachta sin faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh moltaí na tuarascála sula gcinnfidh sé an maoiniú a dhiúltú agus tabharfaidh sé bonn cirt má chinneann sé gan na moltaí sin a leanúint.

4. Ní dhiúltófar maoiniú i gcás na nithe seo a leanas:

   (a) an caiteachas atá léirithe in Airteagal 5(2) a dhéantar níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí;

   (b) caiteachas ar idirghabhálacha ilbhliantúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(2) nó faoi raon feidhme na n-idirghabhálacha forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 6, i gcás ina gcuirfear an oibleagáid dheireanach ar an tairbhí níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí;

(c) caiteachas ar idirghabhálacha forbartha tuaithe, dá dtagraítear in Airteagal 6, seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, i gcás ina ndéanfar an íocaíocht, nó de réir mar a bheidh, an íocaíocht dheireanach, ag an ngníomhaireacht íocaíochta, níos mó ná 24 mhí roimh don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhallstát faoina thorthaí.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) cabhracha arna ndeonú ag Ballstát a bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún leis an nós imeachta ina leith a leagtar síos in Airteagal 108(2) CFAE;

(b) sáruithe a bhfuil fógra ina leith tugtha ag an gCoimisiún don Bhallstát lena mbaineann, trí bhíthin tuairim réasúnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 258 CFAE;

(c) sáruithe na mBallstát ar a n-oibleagáidí faoi Chaibidil III de Theideal IV den Rialachán seo, ar choinníoll go dtugann an Coimisiún fógra i scríbhinn don Bhallstát faoina thorthaí laistigh de 12 mhí ón uair a fhaigheann sé tuarascáil an Bhallstáit maidir le torthaí na seiceálacha ar an gcaiteachas lena mbaineann.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na critéir agus modheolaíocht le haghaidh ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm.

7. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na bearta is gá chun críocha na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na rialacha maidir leis an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit, maidir leis na sprioc-amanna atá le hurramú agus an nós imeachta idir-réitigh dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo, agus maidir le bunú, cúraimí, comhdhéanamh agus socruithe oibre an chomhlachta idir-réitigh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

## ROINN 3

## AISGHABHÁLACHA I GCÁS NEAMHCHOMHLÍONADH

*Airteagal 56*

*Forálacha a bhaineann go sonrach le CERT*

1. Íocfar na suimeanna a aisghabhfaidh na Ballstáit tar éis do neamhrialtachtaí tarlú nó do chásanna eile neamhchomhlíonta ag tairbhithe i leith choinníollacha na n-idirghabhálacha dá dtagraítear i bPleananna Straitéiseacha CBT tarlú, agus íocfar an t-ús ar na suimeanna sin leis an ngníomhaireacht íocaíochta agus cláróidh an ghníomhaireacht iad mar ioncam arna shannadh do CERT sa mhí chéanna a fuarthas na suimeanna go hiarbhír.

2. Féadfaidh na Ballstáit, gan dochar do mhír 1, treoir a thabhairt don ghníomhaireacht íocaíochta, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as aisghabháil fiachais, aon fhiacha atá gan íoc agus atá dlite de thairbhí a asbhaint ó íocaíochtaí a dhéanfar leis an tairbhí amach anseo.

3. Nuair a chuirfear buiséad an Aontais chun sochair dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann 20 % de na méideanna comhfhreagracha a choinneáil mar chostais aisghabhála ar ráta comhréidh, ach amháin i gcás neamhchomhlíonadh arb iad a údaráis riaracháin nó comhlachtaí oifigiúla eile is cúis leis.

*Airteagal 57*

*Forálacha a bhaineann go sonrach le CETFT*

1. I gcásanna ina mbraithfear neamhrialtachtaí agus i gcásanna eile nach ndéanann tairbhithe, agus a mhéid a bhaineann le hionstraimí airgeadais freisin nach ndéantar, le cistí sonracha faoi chistí sealbhaíochta, nó nach ndéanann faighteoirí deiridh, coinníollacha na n-idirghabhálacha forbartha tuaithe a shainítear i bPleananna Straitéiseacha CBT a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit coigeartuithe airgeadais tríd an maoiniú ón Aontas lena mbaineann a chur ar ceal i bpáirt nó, nuair atá údar leis, ina iomláine. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh cineál agus tromchúis an neamhchomhlíonta a bhraitear agus leibhéal an chaillteanais airgeadais do CETFT.

Déanfar na méideanna de mhaoiniú an Aontais faoi CETFT a chuirtear ar ceal agus na méideanna a aisghabhtar, agus an t-ús ar na méideanna sin, a athdháileadh ar oibríochtaí forbartha tuaithe eile i bPlean Straitéiseach CBT. Mar sin féin, ní fhéadfaidh Ballstáit na cistí ón Aontas a cuireadh ar ceal nó a aisghabhadh a athúsáid ina n-iomláine ach amháin le haghaidh oibríocht forbartha tuaithe faoina bPleananna Straitéiseacha CBT agus ní fhéadfaidh siad iad a ath-leithdháileadh ar oibríochtaí forbartha tuaithe a bhí faoi réir coigeartú airgeadais.

Déanfaidh na Ballstáit aon suimeanna a íocadh go míchuí mar thoradh ar neamhrialtacht atá gan íoc ag tairbhí, i gcomhréir leis an Airteagal seo, a asbhaint ó aon íocaíochtaí a dhéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta amach anseo leis an tairbhí.

2. De mhaolú ar mhír 1, an dara fomhír, maidir le hidirghabhálacha forbartha tuaithe a fhaigheann cabhair ó ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar ranníocaíocht a cuireadh ar ceal mar thoradh ar neamhchomhlíonadh aonair, a athúsáid laistigh den ionstraim airgeadais chéanna, mar a leanas:

(a) más ar leibhéal an fhaighteora deiridh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2021/1060 a bhraitear an neamhchomhlíonadh is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a athúsáid ach amháin d’fhaighteoirí deiridh eile laistigh den ionstraim airgeadais chéanna amháin;

(b) más ar leibhéal an chiste shonraigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (21), de Rialachán (AE) 2021/1060 laistigh de chiste sealbhaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (20) den Rialachán sin a bhraitear an neamhchomhlíonadh is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a athúsáid ach amháin le haghaidh cistí sonracha eile.

*Airteagal 58*

*Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le frithháireamh féideartha na méideanna agus le cineálacha fógra*

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le frithháireamh féideartha na méideanna a eascraíonn as aisghabháil íocaíochtaí neamhdhlite agus maidir leis na cineálacha fógra agus cumarsáide a bheidh le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún i dtaca leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Roinn seo.Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# TEIDEAL IV
# CÓRAIS RIALAITHE AGUS PIONÓIS

## CAIBIDIL I
## Rialacha ginearálta

*Airteagal 59*

*Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint*

1. Glacfaidh na Ballstáit, faoi chreat CBT, agus na córais rialachais infheidhme á n-urramú acu, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin ar fad agus déanfaidh siad aon bheart eile is gá chun cosaint éifeachtach a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais lena n-áirítear cur i bhfeidhm éifeachtach na gcritéar maidir le hincháilitheacht caiteachais a leagtar síos in Airteagal 37. Bainfidh na gníomhartha agus na bearta sin leis na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-oibríochtaí a mhaoinítear faoi CERT agus CETFT a sheiceáil, lena n-áirítear ar leibhéal na dtairbhithe agus mar a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT;

(b) cosaint éifeachtach ar chalaois a áirithiú, go háirithe sna réimsí a mbaineann leibhéal níos airde riosca leo, ar díspreagadh í an chosaint sin, ag féachaint do na costais agus do na sochair agus do chomhréireacht na mbeart;

(c) neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú;

(d) pionóis a fhorchur atá éifeachtach comhréireach agus athchomhairleach i gcomhréir le dlí an Aontais, nó ina éagmais sin, leis an dlí náisiúnta, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin, de réir mar is gá;

(e) íocaíochtaí neamhdhlite móide ús a aisghabháil, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin de réir mar is gá, lena n-áirítear le haghaidh neamhrialtachtaí de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95.

2. Bunóidh na Ballstáit córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe d'fhonn comhlíonadh reachtaíocht an Aontais lena rialaítear idirghabhálacha an Aontais a áirithiú.

Déanfaidh na Ballstáit na gníomhaíochtaí is gá chun feidhmiú cuí a gcóras bainistíochta agus rialaithe a áirithiú agus dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais arna dhearbhú don Choimisiún a áirithiú.

Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit i ndáil leis an méid sin, cuirfidh an Coimisiún uirlis mianadóireachta sonraí ar fáil do na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le tionscadail, tairbhithe, conraitheoirí agus conarthaí agus ualach riaracháin íosta agus cosaint éifeachtach ar leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú ag an am céanna. Féadfar an uirlis mianadóireachta sonraí sin a úsáid chun nach mbeifear ag dul timpeall ar na rialacha faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 62. Faoi 2025, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar úsáid na huirlise aonair mianadóireachta sonraí agus ar idir-inoibritheacht na huirlise sin d'fhonn úsáid ghinearálaithe a bheith á baint aisti ag na Ballstáit.

3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht agus iontaofacht an chórais tuairiscithe agus na sonraí faoi tháscairí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh tairbhithe CERT agus CETFT an fhaisnéis is gá chun iad a shainaithint a sholáthar dóibh, agus, i gcás inarb infheidhme, chun an grúpa ina bhfuil siad rannpháirteach a shainaithint, faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

5. Glacfaidh na Ballstáit réamhchúraimí cuí lena n-áirithítear go mbeidh na pionóis arna gcur i bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), comhréireach agus céimnithe i gcomhréir le déine, méid, buaine nó atarlú an neamhchomhlíonta a fhaightear.

   Áiritheofar, go háirithe, leis na socruithe arna leagan amach ag na Ballstáit nach bhforchuirtear pionóis sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh force majeure nó imthosca eisceachtúla i gcomhréir le hAirteagal 3;

   (b) i gcás inarb é is cúis leis an neamhchomhlíonadh earráid a rinne an t-údarás inniúil nó údarás eile, agus i gcás nach raibh ar chumas an duine lena mbaineann an pionós riaracháin an earráid a bhrath go réasúnach;

---

[1] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

(c) i gcás inar féidir leis an duine lena mbaineann a léiriú go sásúil don údarás inniúil nach bhfuil locht air maidir le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó ina mbeidh an t-údarás inniúil sásta ar bhealach eile nach bhfuil locht ar an duine lena mbaineann.

I gcás inarb é force majeure nó imthosca eisceachtúla i gcomhréir le hAirteagal 3 is cúis le neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha faoina ndeonaítear an chabhair, coinneoidh an tairbhí an ceart chun cabhair a fháil.

6. Féadfaidh na Ballstáit an rogha a áireamh ina gcórais bainistithe agus rialaithe go bhféadfaí iarrataí ar íocaíocht a cheartú tar éis iad a chur isteach gan aon éifeacht a bheith aige sin ar an gceart chun cabhair a fháil, ar choinníoll go n-aithneoidh an t-údarás inniúil, gur de mheon macánta arbh ann d'eilimintí nó d'easnaimh atá le ceartú nó le hathrú; agus go ndéanfar an ceartú sula gcuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi bheith roghnaithe le haghaidh seiceáil ar an láthair nó sula mbeidh cinneadh déanta ag an údarás inniúil i ndáil leis an iarratas.

7. Tabharfaidh na Ballstáit socruithe isteach chun scrúdúchán éifeachtach na ngearán a bhaineann le CERT agus CETFT a áirithiú agus, ar iarratas ón gCoimisiún, scrúdóidh siad gearáin arna dtíolacadh don Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme a bPleananna Straitéiseacha CBT. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi thorthaí na scrúduithe sin. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar obair leantach leordhóthanach ar ghearáin a thaiscfear go díreach leis. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún gearán ar aghaidh chuig Ballstát agus ina mainneoidh an Ballstát sin obair leantach a dhéanamh maidir leis faoin spriocdháta arna shocrú ag an gCoimisiún, déanfaidh an Coimisiún na céimeanna is gá chun a áirithiú go n-urramóidh an Ballstát a oibleagáidí faoin mír seo.

8. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mír 2.

Gach coinníoll arna bhunú ag na Ballstáit chun fhorlíonadh a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos le rialacha an Aontais maidir le tacaíocht a fháil ó CERT nó ó CETFT, beidh na coinníollacha sin infhíoraithe.

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a bhaint amach. Féadfaidh baint a bheith ag na rialacha sin leis an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta, na sprioc-amanna, an malartú faisnéise, na ceanglais maidir leis an uirlis mianadóireachta sonraí agus an fhaisnéis a bheidh le bailiú maidir le tairbhithe a shainaithint i ndáil leis na hoibleagáidí mar a leagtar amach iad i míreanna 1, 2 agus 4;

(b) an fógra agus an chumarsáid atá le déanamh ag na Ballstáit leis an gCoimisiún i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 5 agus 7.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 60*

*Rialacha maidir le seiceálacha atá le déanamh*

1. Áireofar sna córais bhainistíochta agus rialaithe arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 59 (2) seiceálacha córasacha lena ndíreofar inter alia ar na réimsí inar mó an riosca go ndéanfaí earráidí.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an leibhéal seiceálacha is gá chun na rioscaí do leasanna airgeadais an Aontais a bhainistiú go héifeachtach. Tógfaidh an t-údarás ábhartha a shampla de sheiceálacha as measc líon iomlán na n-iarratasóirí arb éard a bheidh ann, nuair is iomchuí, cuid randamach agus cuid rioscabhunaithe.

2. Ní dhéanfar seiceálacha ar oibríochtaí a fhaigheann cabhair ó ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2021/1060 ach amháin ar leibhéal an chiste sealbhaíochta agus na gcistí sonracha, agus, i gcomhthéacs cistí ráthaíochta, ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag soláthar na n-iasachtaí nua foluiteacha.

Ní dhéanfar seiceálacha ar leibhéal BEI ná ar leibhéal institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102, ar gníomhartha iad atá riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar ar bhealach ceart éifeachtúil na seiceálacha agus go ndéanfar comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a fhíorú ar bhealach éifeachtúil comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach lena gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais, lena bhforlíonfar an Rialachán seo le rialacha maidir le ceanglais bhreise i ndáil le nósanna imeachta custaim, i gcás ina gceanglófaí amhlaidh le bainistiú cuí an chórais sin, agus go háirithe iad siúd a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimhir 952/2013.

4. Maidir le bearta dá dtagraítear sa reachtaíocht talmhaíochta, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na rialacha is gá d’fhonn chur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo, agus go háirithe:

(a) maidir le cnáib dá dtagraítear in Airteagal 4, an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/... [+], rialacha maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh;

(b) maidir le cadás dá dtagraítear i bhforoinn 2 de Roinn 3 de Chaibidil II de Theideal III de Rialachán (AE) 2021/...+, córas le haghaidh seiceálacha ar na heagraíochtaí idirchraoibhe formheasta;

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(c) maidir le fíon dá dtagraítear in Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, rialacha maidir le limistéir a thomhas, agus le seiceálacha agus rialacha lena rialaítear na nósanna imeachta airgeadais sonracha chun seiceálacha a fheabhsú;

(d) na tástálacha agus na modhanna atá le cur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach a shuí, agus úsáid nósanna imeachta tairisceana, le haghaidh idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach araon;

(e) rialacha eile maidir leis na seiceálacha atá le déanamh ag na Ballstáit i dtaca leis na bearta a leagtar síos i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

*Airteagal 61*

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair phoiblí*

I gcás ina mbainfidh an neamhchomhlíonadh le rialacha de chuid an Aontais nó rialacha náisiúnta maidir le soláthar poiblí, áiritheoidh na Ballstáit go gcinntear an chuid den chabhair nach bhfuil le híoc nó atá le tarraingt siar ar bhonn thromchúis an neamhchomhlíonta agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar difear do dhlíthiúlacht ná do rialtacht an idirbhirt ach suas go dtí an leibhéal den chuid sin den chabhair nach bhfuil le híoc ná atá le tarraingt siar.

*Airteagal 62*

*Clásal imchéimniúcháin*

Gan dochar d'fhorálacha sonracha dhlí an Aontais, déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha agus comhréireacha chun forálacha de dhlí an Aontais ar a bhfuiltear le dul timpeall a sheachaint agus chun a áirithiú nach ndeonófar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin reachtaíocht talmhaíochta i bhfabhar duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé suite ina leith gur go saorga, agus contrártha do chuspóirí na reachtaíochta sin, a cruthaíodh na dálaí is gá chun na buntáistí sin a fháil.

*Airteagal 63*

*Comhoiriúnacht idirghabhálacha chun críocha seiceálacha in earnáil an fhíona*

Chun críocha na hidirghabhálacha a chur i bhfeidhm in earnáil an fhíona dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, Roinn 4, de Rialachán (AE) 2021/...+, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na hidirghabhálacha sin comhoiriúnach leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo a mhéid a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) an córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

(b) na seiceálacha.

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 64*

*Urrúis*

1. Déanfaidh na Ballstáit, nuair a fhoráiltear amhlaidh le reachtaíocht talmhaíochta, iarratas ar urrús a thaisceadh agus ráthaíocht á tabhairt go n-íocfar suim airgid nó go bhforghéillfear í d'údarás inniúil mura gcomhlíonfar oibleagáid ar leith faoin reachtaíocht talmhaíochta sin.

2. Seachas i gcásanna force majeure, forghéillfear an t-urrús ina iomláine nó i bpáirt i gcás nach gcuirfear oibleagáid ar leith i gcrích nó mura gcuirfear i gcrích í ach go páirteach.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 lena bhforlíonfar an Rialachán seo le rialacha lena n-áiritheofar cóir neamh-idirdhealaitheach, cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta agus urrús á thaisceadh agus ar fíor an méid seo a leanas i leith na rialacha sin:

   (a) sonrófar leo an páirtí atá freagrach i gcás nach gcomhlíonfar oibleagáid;

   (b) leagtar síos leo na cásanna sonracha ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an ceanglas maidir le hurrús a tharscaoileadh;

   (c) leagtar síos leo na coinníollacha is infheidhme maidir leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir agus na coinníollacha chun an t-urrús sin a thaisceadh agus a scaoileadh;

   (d) leagtar síos leo na coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh i ndáil le réamhíocaíochtaí;

(e) leagtar amach leo na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na n-oibleagáidí dár taisceadh urrús, mar a fhoráiltear i mír 1, lena n-áirítear urrúis a fhorghéilleadh agus an ráta laghdaithe le cur i bhfeidhm nuair a scaoiltear urrúis le haghaidh aisíocaíochtaí, ceadúnais, tairiscintí nó iarratais ar leith, mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh oibleagáid arna cumhdach leis an urrús sin go hiomlán nó go páirteach, agus cineál na hoibleagáide, an méid maidir lenar sáraíodh an oibleagáid, an tréimhse thar an teorainn ama faoinar cheart an oibleagáid a chomhlíonadh agus an tráth faoinar tugadh an fhianaise gur comhlíonadh an oibleagáid, á gcur san áireamh.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis;

(b) na nósanna imeachta maidir le hurrús a scaoileadh;

(c) na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL II

## Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe

*Airteagal 65*

*Raon feidhme agus sainmhínithe a bhaineann leis an gCaibidil seo*

1. Bunóidh agus oibreoidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe ('an córas comhtháite').

2. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite maidir le hidirghabhálacha limistéar-bhunaithe agus ainmhí-bhunaithe a liostaítear i gCaibidlí II agus IV de Theideal III de Rialachán (AE) 2021/...[+] agus leis na bearta dá dtagraítear i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

3. A mhéid is gá, úsáidfear an córas comhtháite ar mhaithe le bainistiú agus rialú na coinníollachta agus idirghabhálacha in earnáil an fhíona mar a leagtar síos i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/...+.

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

4. Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘iarratas geo-spásúil’ foirm iarratais leictreonach ina gcuimsítear feidhmchlár teicneolaíochta faisnéise atá bunaithe ar chóras faisnéise geografaí lena gcuirtear ar chumas tairbhithe dáileachtaí talmhaíochta an ghabhháltais mar a shainmhínítear iad i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/..+. agus na limistéar neamhthalmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith a dhearbhú ó thaobh spáis de;

(b) ciallaíonn ‘córas faireacháin limistéir’ nós imeachta maidir le breathnóireacht, rianú agus measúnú rialta córasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cleachtais talmhaíochta ar limistéir thalmhaíochta trí bhíthin sonraí satailíte ó na satailítí Sentinel de chuid chlár Copernicus nó sonraí eile dar luach atá comhionann ar a laghad;

(c) ciallaíonn ‘córas chun ainmhithe a shainaithint agus a chlárú’ an córas chun ainmhithe talún ar coimeád a shainaithint agus a chlárú a leagtar síos le Cuid IV, Teideal I, Caibidil 2, Roinn 1 de Rialachán (CE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

(d) ciallaíonn ‘dáileacht talmhaíochta’ aonad, arna shainmhíniú ag Ballstáit, de limistéar talmhaíochta arna chinneadh i gcomhréir le) hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2021/...+;

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

1 Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

(e) ciallaíonn ‘córas faisnéise geografaí’ córas ríomhaireachta atá in ann faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha a ghabháil, a stóráil, a anailísiú agus a thaispeáint;

(f) ciallaíonn ‘córas éilimh uathoibríoch’ córas iarratais le haghaidh idirghabhálacha limistéar-bhunaithe nó ainmhí-bhunaithe ina bhfuil na sonraí a theastaíonn ón rialtas maidir le limistéir nó ainmhithe aonair a n-éilítear cúnamh ina leith ar a laghad ar fáil i mbunachair sonraí ríomhairithe oifigiúla arna mbainistiú ag an mBallstát agus go gcuirtear na sonraí sin ar fáil don tairbhí i gcás inar gá sin.

*Airteagal 66*

*Eilimintí den chóras comhtháite*

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sa chóras comhtháite:

(a) córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

(b) córas iarratais geo-spásúil agus, i gcás inarb infheidhme, córas iarratais ainmhí-bhunaithe;

(c) córas faireacháin limistéir;

(d) córas chun tairbhithe idirghabhálacha agus beart dá dtagraítear in Airteagal 65(2) a aithint;

(e) córas rialaithe agus pionóis;

(f) i gcás inarb infheidhme, córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú;

(g) i gcás inarb infheidhme, córas chun ainmhithe a aithint agus a chlárú.

2. Soláthrófar, leis an gcóras comhtháite, an fhaisnéis atá ábhartha maidir le tuairisciú ar na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/...+.

3. Oibreoidh an córas comhtháite ar bhonn bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografaí agus cumasófar leis malartú agus comhtháthú na sonraí idir na bunachair sonraí leictreonacha agus na córais faisnéise geografaí. I gcás inarb ábhartha, leis an gcóras faisnéise geografaí, beifear in ann na sonraí a mhalartú agus a chomhtháthú ar an gcaoi sin, ar sonraí iad faoi dháileachtaí talmhaíochta i gcriosanna faoi chosaint agus i limistéir ainmnithe atá teormharcáilte agus a bunaíodh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/…+, amhail limistéir Natura 2000 nó limistéir atá i mbaol níotráite de réir bhrí Airteagal 2, pointe (k), de Threoir 91/676/CEE[1]ón gComhairle, chomh maith leis na gnéithe den tírdhreach faoi na dálaí maithe talmhaíochta agus comhshaoil a shainítear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/…+ nó a chumhdaítear leis na idirghabhálacha a liostaítear i dTeideal III, Caibidlí II agus IV den Rialachán sin.

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

1 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

4. Gan dochar d'fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis an gcóras comhtháite a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún cabhair a lorg ó chomhlachtaí nó daoine speisialaithe chun bunú, faireachán agus oibriú an chórais chomhtháite a éascú, go háirithe d'fhonn comhairle theicniúil a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta a mbeidh gá leo chun an córas comhtháite a bhunú agus a oibriú i gceart agus, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, tabharfaidh siad an cúnamh frithpháirteach is gá chun críocha na Caibidle seo.

*Airteagal 67*

*Sonraí a choinneáil agus a roinnt*

1. Taifeadfaidh agus coinneoidh na Ballstáit aon sonraí agus doiciméadacht ar na haschuir bhliantúla a thuairiscítear i gcomhthéacs an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 54, agus ar an dul chun cinn a thuairiscítear i dtreo spriocanna mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach CBT agus ar a ndéantar faireachán i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (AE).2021/...[+].

Maidir leis na sonraí agus doiciméadacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus a bhaineann leis an mbliain féilire nó bliain mhargaíochta reatha agus leis na deich mbliana féilire nó margaíochta roimhe sin, beidh rochtain ar mhaithe le comhairliúchán orthu trí bhunachair shonraí an údaráis inniúil sa Bhallstát.

---

[+]. [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

Féadfar sonraí arna n-úsáid don chóras faireacháin limistéir a stóráil mar shonraí loma ar fhreastalaí lasmuigh de chóras na n-údarás inniúil. Coimeádfar na sonraí sin ar fhreastalaí go ceann trí bliana ar a laghad.

De mhaolú ar an dara fomhír, ní cheanglófar ar na Ballstáit a chuaigh isteach san Aontas sa bhliain 2013 nó níos déanaí a áirithiú go mbeidh na sonraí ar fáil ar mhaithe le comhairliúchán ach ó bhliain a n-aontachais..

De mhaolú ar an dara fomhír, ní cheanglófar ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na sonraí agus an doiciméadacht a bhaineann leis an gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 66(1) ar fáil ar mhaithe le comhairliúchán ach ó dháta cur chun feidhme an chórais faireacháin limistéir.

2. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais a leagtar síos i mír 1 a chur i bhfeidhm ar an leibhéal réigiúnach ar choinníoll go bhfuil na ceanglais sin agus na nósanna imeachta riaracháin maidir le sonraí a thaifeadadh agus a rochtain deartha chun a bheith aonfhoirmeach ar fud chríoch an Bhallstáit agus chun gur féidir sonraí a chomhiomlánú ar an leibhéal náisiúnta.

3. Maidir leis na tacair sonraí arna mbailiú tríd an gcóras comhtháite agus atá ábhartha chun críocha Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] nó chun faireachán a dhéanamh ar bheartais an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit go roinnfear na tacair sonraí sin saor in aisce idir a n-údaráis phoiblí agus go gcuirfear ar fáil iad go poiblí ar an leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, tabharfaidh na Ballstáit rochtain ar na tacair sonraí sin do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí de chuid an Aontais.

---

1 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

4. Maidir leis na tacair sonraí arna mbailiú tríd an gcóras comhtháite atá ábhartha maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], áiritheoidh na Ballstáit go roinnfear iad saor in aisce leis an gCoimisiún (Eurostat), na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus, i gcás inar gá, na húdaráis náisiúnta eile atá freagrach as staidreamh Eorpach a tháirgeadh.

5. Teorannóidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar na tacair sonraí dá dtagraítear i mír 3 agus mír 4 i gcás ina ndéanfaí leis an rochtain sin dochar do rúndacht sonraí pearsanta, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

6. Cuirfidh na Ballstáit a gcórais ar bun sa chaoi is go n-áiritheofar leo go mbeidh rochtain ag tairbhithe ar na sonraí ábhartha uile a bhaineann leo maidir leis an talamh a úsáideann siad nó a bhfuil sé beartaithe acu a úsáid, chun cur ar a gcumas iarratais chruinne a chur isteach.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

*Airteagal 68*

*Córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta*

1. Is é a bheidh sa chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta córas faisnéise geografaí arna bhunú agus arna nuashonrú go rialta ag na Ballstáit ar bhonn orta-íomhánna aeróige nó spásúla, ag a bhfuil caighdeán aonfhoirmeach lena ráthaítear leibhéal cruinnis atá comhionann ar a laghad le cruinneas cartagrafaíochta ar scála 1:5 000.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta:

   (a) go n-aithneofar go sainiúil leis an gcóras gach dáileacht talmhaíochta agus aonaid talún ina bhfuil limistéir neamhthalmhaíochta a mheasann na Ballstáit a bheith incháilithe chun an chabhair le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/...[+] a fháil;

   (b) go mbeidh luachanna suas chun dáta ann maidir leis na limistéir a mheasann na Ballstáit a bheith incháilithe chun an chabhair le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 65(2) a fháil;

   (c) go gcumasófar leis logánú ceart na ndáileachtaí talmhaíochta agus na limistéar talmhaíochta a bhfuil íocaíocht éilithe ina leith.

3. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí nó, dá uireasa sin, iarrfaidh an Coimisiún orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

*Airteagal 69*

*Córas iarratais gheo-spásúil agus ainmhí-bhunaithe*

1. A mhéid a bhaineann leis an gcabhair le haghaidh idirghabhálacha limistéar-bhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(2) agus arna cur chun feidhme faoi Phleananna Straitéiseacha CBT, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfear isteach iarratas trí bhíthin foirm iarratais geo-spásúil arna soláthar ag an údarás inniúil.

2. A mhéid a bhaineann leis an gcabhair le haghaidh idirghabhálacha ainmhí-bhunaithe dá dtagraítear in Airteagal 65(2) agus arna cur chun feidhme faoi Phleananna Straitéiseacha CBT, ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfear isteach iarratas.

3. Réamhlíonfaidh na Ballstáit na hiarratais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo leis an bhfaisnéis ó na córais dá dtagraítear i bpointe (g) d’Airteagal 66(1) agus in Airteagail 68, 70, 71 agus 73 nó ó aon bhunachar sonraí poiblí ábhartha eile.

4. Féadfaidh na Ballstáit córas éilimh uathoibríoch a bhunú agus a chinneadh cé na hiarratais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chumhdófar leis.

5. Má chinneann Ballstát córas éilimh uathoibríoch a úsáid, bunóidh sé córas a chuirfidh ar chumas an riaracháin íocaíochtaí a dhéanamh leis na tairbhithe de bhun na faisnéise atá ann cheana sna bunachair sonraí ríomhairithe oifigiúla. I gcás go ndearnadh athrú, ba cheart an fhaisnéis atá ann cheann a fhorlíonadh le faisnéis bhreise, i gcás inar gá sin, chun an t-athrú sin a chumhdach. Dearbhóidh an tairbhí an fhaisnéis atá ann cheana agus aon fhaisnéis bhreise a bheidh ar fáil tríd an gcóras éilimh uathoibríoch.

6. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais iarratais gheo-spásúil i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí nó, dá uireasa sin, iarrfaidh an Coimisiún orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42.

Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

*Airteagal 70*

*An córas faireacháin limistéir*

1. Bunóidh agus oibreoidh na Ballstáit córas faireacháin limistéir, a bheidh oibríochtúil ón 1 Eanáir 2023. Mura féidir an córas a imlonnú ina iomláine ón dáta sin mar gheall ar theorainneacha teicniúla, féadfaidh na Ballstáit an rogha a dhéanamh oibriú an chórais sin a chur ar bun agus tús a chur leis de réir a chéile, agus soláthar faisnéise do líon teoranta idirghabhálacha agus do na hidirghabhálacha sin amháin. Mar sin féin, faoin 1 Eanáir 2024, beidh córas faireacháin limistéir i ngach Ballstát lánoibríochtúil.

2. Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht an chórais faireacháin limistéir i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bhunú ar leibhéal an Aontais.

   I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sa chóras, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí nó, dá uireasa sin, iarrfaidh an Coimisiún orthu plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42.

   Cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil mheasúnachta agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.

*Airteagal 71*

*Córas chun tairbhithe a aithint*

Ráthófar leis an gcóras chun céannacht gach tairbhí de na hidirghabhálacha agus na bearta dá dtagraítear in Airteagal 65(2) a thaifeadadh gur féidir gach iarratas a chuireann an tairbhí céanna isteach a aithint amhlaidh.

*Airteagal 72*

*Córas rialaithe agus pionóis*

Bunóidh na Ballstáit córas rialaithe agus pionóis dá dtagraítear in Airteagal 664(1), pointe (e). Déanfaidh na Ballstáit, trí na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí arna dtarmligean acu, seiceálacha riaracháin ar bhonn bliantúil ar an iarratas ar chabhair agus ar na héilimh ar íocaíocht chun dlíthiúlacht agus rialtacht i gcomhréir le hAirteagal 59(1), pointe (a), a fhíorú. Déanfar na seiceálacha sin a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair agus féadfar iad a dhéanamh go cianda trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht.

*Airteagal 73*

*Córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú*

Faoin gcóras chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, beifear in ann na teidlíochtaí a fhíorú leis na hiarratais agus leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta.

*Airteagal 74*

*Cumhachtaí tarmligthe de chuid an Choimisiúin a bhaineann leis an gcóras comhtháite*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 ar gníomhartha iad atá riachtanach chun a áirithiú go ndéanfar an córas comhtháite dá bhforáiltear sa Chaibidil seo a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leas airgeadais an Aontais, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh leis an méid seo a leanas:

(a) rialacha maidir leis an measúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagail 68, 69 agus 70;

(b) rialacha maidir leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, an córas chun tairbhithe a aithint agus an córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú dá dtagraítear in Airteagail 68, 71 agus 73.

*Airteagal 75*

*Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagail 68, 69 agus 70*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm agus an t-ábhar agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:

(i) na tuarascálacha measúnaithe ar chaighdeán an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, caighdeán an chórais iarratais gheo-spásúil agus caighdeán an chórais faireacháin limistéir;

(ii) na gníomhaíochtaí ceartaitheacha dá dtagraítear in Airteagail 68, 69 agus 70;

(b) gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir leis an gcóras iarratais ar chabhair faoi Airteagal 69 agus an córas faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagail 70, lena n-áirítear paraiméadair an mhéadaithe a thiocfaidh ar líon na n-idirghabhálacha de réir a chéile faoin gcóras faireacháin limistéir.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL III

# Grinnscrúdú ar idirbhearta

*Airteagal 76*

*Raon feidhme agus sainmhínithe a bhaineann leis an gCaibidil seo*

1. Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha sonracha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála na n-eintiteas a fhaigheann íocaíochtaí nó a dhéanann íocaíochtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le córas maoinithe CERT nó ionadaithe na n-eintiteas sin, ('gnóthais') chun a fháil amach ar cuireadh chun críche idirbhearta atá mar chuid de chóras maoinithe CERT i ndáiríre agus an ndearnadh i gceart iad.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hidirghabhálacha atá cumhdaithe ag an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo agus ag Caibidil III de Theideal III de Rialachán (AE) 2021/...[+.]

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le liosta de bhearta nach n-oireann do rialuithe breise ex post trí dhoiciméid tráchtála a ghrinnscrúdú, de bharr a ndeartha agus a gceanglas rialaithe, agus dá bhrí sin, níl siad le bheith faoi réir grinnscrúdú den sórt sin faoin gCaibidil seo.

3. Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'doiciméad tráchtála' na leabhair, na cláir, na dearbháin agus na doiciméid tacaíochta, na cuntais, na taifid táirgthe agus cháilíochta agus an comhfhreagras a bhaineann le gníomhaíocht gnó an ghnóthais, mar aon le sonraí tráchtála, pé cló a bheidh orthu, lena n-áirítear sonraí a stóráiltear go leictreonach, a mhéid a bhaineann na doiciméid nó na sonraí sin go díreach nó go hindíreach leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1;

(b) ciallaíonn 'tríú páirtí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bainteach go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta arna ndéanamh ag CERT laistigh den chóras maoinithe.

---

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 77*

*Grinnscrúdú ó na Ballstáit*

1. Déanfaidh na Ballstáit grinnscrúdú córasach ar dhoiciméid tráchtála na ngnóthas, agus cuirfidh siad san áireamh na cineálacha idirbheart a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar le rogha na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu, a mhéid is féidir, éifeachtacht na mbeart chun neamhrialtachtaí a bhrath agus a chosc. Cuirfear san áireamh sa rogha, inter alia, an tábhacht airgeadais a bhaineann leis na gnóthais sa chóras sin agus le fachtóirí riosca eile.

2. I gcás inarb iomchuí, leathnófar an grinnscrúdú dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo chun daoine nádúrtha agus dlítheanacha a luaitear gnóthais leo a áireamh, agus chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a áireamh a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 78 a ghnóthú.

3. Déanfar an comhlacht nó na comhlachtaí atá freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm a eagrú ar bhealach a bheidh neamhspleách ar na ranna nó ar chraobhacha na rann atá freagrach as na híocaíochtaí agus as na seiceálacha grinnscrúdaithe a dhéantar roimh íocaíocht.

4. Maidir le gnóthais ar lú ná EUR 40 000 suim na n-admhálacha nó na n-íocaíochtaí, ní dhéanfar grinnscrúdú orthu i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach ar chúiseanna sonracha a bheidh le léiriú ag na Ballstáit ina bplean bliantúil rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 80(1).

5. Ní dhéanfaidh an grinnscrúdú a dhéanfar de bhun na Caibidle seo dochar do na seiceálacha a dhéanfar de bhun Airteagail 49 agus 50.

*Airteagal 78*

*Cros-seiceálacha*

1. Déanfar cruinneas na bpríomhshonraí atá faoi ghrinnscrúdú a fhíorú trí roinnt cros-seiceálacha a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inar gá, doiciméid tráchtála tríú páirtithe, atá oiriúnach do leibhéal an riosca atá i gceist, lena n-áirítear:

(a) comparáidí le doiciméid tráchtála soláthraithe, custaiméirí, iompróirí agus tríú páirtithe eile;

(b) seiceálacha fisiciúla, nuair is iomchuí, ar chainníocht agus ar chineál na stoc;

(c) comparáid le taifid na sreafaí airgeadais is bunús leis na hidirbhearta a dhéanann CERT laistigh den chóras maoinithe, nó atá mar thoradh orthu;

(d) seiceálacha, i ndáil le leabharchoimeád, nó taifid ar ghluaiseachtaí airgeadais lena léirítear, tráth an ghrinnscrúdaithe, gur doiciméid chruinne iad na doiciméid atá i seilbh na gníomhaireachta íocaíochta mar údar leis an gcabhair a íoctar leis an tairbhí.

2. I gcás ina gceanglófar ar ghnóthais taifid leabhair ar leith a choinneáil ar stoc i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, áireofar i ngrinnscrúdú na dtaifead sin, i gcásanna iomchuí, comparáid leis na doiciméid tráchtála agus, nuair is iomchuí, leis na cainníochtaí iarbhír atá i stoc.

3. I rogha na n-idirbheart atá le seiceáil, cuirfear an leibhéal riosca atá ann san áireamh ina iomláine.

4. Áiritheoidh na daoine atá freagrach as an ngnóthas, nó tríú páirtí, go soláthrófar na doiciméid tráchtála ar fad agus an fhaisnéis bhreise do na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú nó do na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son. Soláthrófar na sonraí a stóráiltear go leictreonach ar mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

5. Féadfaidh na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú, nó na daoine atá údaraithe chun é a dhéanamh ar a son, a cheangal go soláthrófar sleachta as na doiciméid nó cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 dóibh.

*Airteagal 79*

*Cúnamh frithpháirteach*

Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile, arna iarraidh sin, chun an grinnscrúdú, dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát inar íocadh nó ina bhfuarthas an tsuim atá i gceist, nó inar cheart í a bheith íoctha nó faighte;

(b) i gcás ina mbeidh gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát sin ina bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis is gá le haghaidh grinnscrúdaithe le fáil.

*Airteagal 80*

*Pleanáil agus tuairisciú*

1. Tarraingeoidh na Ballstáit suas pleananna rialaithe le haghaidh grinnscrúdú a bheidh le déanamh de bhun Airteagal 77 le linn na tréimhse grinnscrúdaithe ina dhiaidh sin.

2. Gach bliain, roimh an 15 Aibreán, cuirfidh na Ballstáit na nithe a leanas chuig an gCoimisiún:

   (a) a bplean rialaithe dá dtagraítear i mír 1 agus líon na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu mar aon lena miondealú de réir earnála ar bhonn na méideanna a bhaineann leo;

   (b) tuarascáil mhionsonraithe ar chur i bhfeidhm na Caibidle seo don tréimhse grinnscrúdaithe roimhe sin, lena n-áirítear torthaí aon ghrinnscrúdaithe arna dhéanamh faoi Airteagal 79.

3. Na pleananna rialaithe agus a gcuid leasuithe arna dtarraingt suas ag na Ballstáit agus arna seoladh chuig an gCoimisiún, cuirfidh siad chun feidhme iad, mura mbeidh a bharúlacha curtha in iúl ag an gCoimisiún do na Ballstáit laistigh d'ocht seachtaine.

*Airteagal 81*

*Rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis agus grinnscrúdú*

1. I gcomhréir leis na dlíthe ábhartha náisiúnta, beidh rochtain ag oifigigh an Choimisiúin ar na doiciméid ar fad a ullmhaítear don ghrinnscrúdú nó tar éis an ghrinnscrúdaithe a eagraítear faoin gCaibidil seo, agus ar na sonraí ar fad a choinnítear, lena n-áirítear na sonraí a stóráiltear sna córais próiseála sonraí. Ar iarratas, soláthrófar na sonraí sin trí mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Déanfaidh oifigigh de chuid na mBallstát na grinnscrúduithe sin dá dtagraítear in Airteagal 77. Féadfaidh oifigigh de chuid an Choimisiúin páirt a ghlacadh sa ghrinnscrúdú sin ach ní fhéadfaidh siad na cumhachtaí grinnscrúdaithe atá tugtha d’oifigigh na mBallstát a fheidhmiú. Mar sin féin, beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna is atá ag oifigigh na mBallstát.

3. Gan dochar d'fhorálacha Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2988/95, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (AE) 2017/1939, i gcás ina bhfágfar le forálacha náisiúnta a bhaineann le nósanna imeachta coiriúla nach féidir ach le hoifigigh atá ainmnithe go sonrach sa dlí náisiúnta gníomhartha áirithe a dhéanamh, ní ghlacfaidh oifigigh an Choimisiúin, ná oifigigh an Bhallstáit iarrthaigh, páirt sna gníomhartha sin. Ar chaoi ar bith, ní ghlacfaidh siad páirt, go háirithe, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine i gcomhthéacs dhlí coiriúil an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu, áfach, ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin.

*Airteagal 82*

*Cumhachtaí cur chun feidhme maidir le grinnscrúdú ar idirbhearta*

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Caibidle seo agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) feidhmíocht an ghrinnscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 77 i ndáil le gnóthais, ráta agus amscála an ghrinnscrúdaithe a roghnú;

(b) feidhmíocht an chúnaimh fhrithpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 79;

(c) ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 80(2), pointe (b), agus aon fhógra eile atá ag teastáil faoin gCaibidil seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL IV

# An córas rialaithe agus pionóis riaracháin maidir le coinníollacht

*Airteagal 83*

*An córas rialála le haghaidh coinníollachta*

1. Cuirfidh na Ballstáit córas ar bun d'fonn a fhíorú go gcomhlíonfaidh na catagóirí seo a leanas de thairbhithe na hoibleagáidí a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil I, Roinn 2, de Rialachán (AE) 2021/…[+]:

   (a) tairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Theideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE)2021/[+];

   (b) tairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí bliantúla i gcomhréir le hAirteagail 70, 71 agus 72 de Rialachán (AE)2021/...+;

   (c) tairbhithe a fhaigheann tacaíocht i gcomhréir le Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 nó Caibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Na Ballstáit a mbeidh Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/...[+] á chur i bhfeidhm acu, féadfaidh siad córas rialaithe simplithe a bhunú:

(a) do na tairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/...+ nó

(b) d'fheirmeoirí beaga, de réir mar a chinnfidh s na Ballstáit iad de bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/...+ nach gcuireann isteach ar íocaíochtaí den sórt sin.

I gcás nach gcuirfidh Ballstát Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/….[+] i bhfeidhm, féadfaidh sé córas rialaithe simplithe a bhunú d'fheirmeoirí le huasmhéid gabháltais nach mó ná 5 heicteár de limistéar talmhaíochta a dhearbhaítear i gcomhréir le hAirteagal 69(1).

3. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na córais rialaithe agus as an riarachán atá acu cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le coinníollacht.

Beidh na córais sin comhoiriúnach leis na córais rialaithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

4. Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú bliantúil ar na córais rialaithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i bhfianaise na dtorthaí a bhaintear amach.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin ata i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

5. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘ceanglas’ gach ceanglas reachtúil bainistíochta aonair faoi dhlí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/...+ laistigh de ghníomh dlí ar leith, agus atá éagsúil ó thaobh substainte de le haon cheanglas eile de chuid an ghnímh dlí chéanna;

(b) ciallaíonn ‘gníomh dlí’ gach ceann de na treoracha agus rialacháin aonair dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/...+;

(c) ciallaíonn ‘atarlú neamhchomhlíonta’ neamhchomhlíonadh an cheanglais nó an chaighdeáin chéanna níos mó ná uair amháin laistigh de thréimhse leanúnach trí bliana féilire, ar choinníoll gur cuireadh neamhchomlíonadh roimhe seo in iúl don tairbhí agus, i gcás inarb ábhartha, go raibh an deis aige na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an comhlíonadh roimhe seo a leigheas.

6. Chun a n-oibleagáidí rialaithe a leagtar síos i míreanna 1 go 4 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) áireoidh na Ballstáit sa chóras rialaithe seiceálacha ar an láthair chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe na hoibleagáidí a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil I, Roinn 2, de Rialachán (AE) 2021/+;

---

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(b) féadfaidh siad, ag brath ar na ceanglais, caighdeáin, gníomhartha dlí nó réimsí coinníollachta atá i gceist, úsáid a bhaint as na seiceálacha, lena n-áirítear seiceálacha riaracháin, arna ndéanamh faoi na córais rialaithe is infheidhme maidir leis an gceanglas, caighdeán, gníomh dlí nó réimse coinníollachta, ar choinníoll go bhfuil éifeachtacht na seiceálacha sin comhionann, ar a laghad, leis na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) féadfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as cianbhraiteacht nó as an gcóras faireacháin limistéir nó as teicneolaíochtaí ábhartha eile lena dtugtar cúnamh dóibh chun na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh;

(d) bunóidh siad an sampla rialaithe le haghaidh na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a) atá le déanamh gach bliain ar bhonn anailíse riosca:

(i) a chuirfidh san áireamh struchtúr feirme, agus a mbeidh feidhm ag fachtóirí ualaithe ina leith, an riosca bunúsach de neamhchomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, rannpháirtíocht tairbhithe sna seirbhísí comhairleacha feirme dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/...[+],

(ii) beidh comhpháirt randamach san áireamh iontu, agus

(iii) soláthrófar an sampla rialaithe a chumhdóidh ar a laghad 1 % de na tairbhithe a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo;

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(e) a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí coinníollachta i ndáil le Treoir 96/22/CE ón gComhairle[1], measfar go gcomhlíonfar ceanglas an ráta íosta a leagtar síos i bpointe (d) den mhír seo le cur i bhfeidhm leibhéil shonraigh samplála de phleananna faireacháin;

(f) féadfaidh siad a chinneadh, agus an córas rialaithe simplithe dá dtagraítear i mír 2 á úsáid, an fíorú ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a eisiamh ó na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear sa phointe sin, i gcás inar féidir a léiriú nach bhféadfadh cásanna de neamhchomhlíonadh ag na tairbhithe lena mbaineann iarmhairtí suntasacha a bheith acu maidir le cuspóirí na ngníomhartha dlí agus na gcaighdeán lena mbaineann a bhaint amach.

*Airteagal 84*

*Córas pionós riaracháin maidir le coinníollacht*

1. Bunóidh na Ballstáit córas lena bhforáiltear do phionóis riaracháin a chur i bhfeidhm ar thairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 83(1) den Rialachán seo nach gcomhlíonfaidh, aon tráth den bhliain féilire lena mbaineann, na hoibleagáidí a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil I, Roinn 2, de Rialachán (AE) 2021/…[+].

---

[1] Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar ß-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

Ní bheidh feidhm ag na pionóis riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír ach amháin más rud é gur toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann, agus i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha breise seo a leanas nó an dá cheann díobh:

(a) go mbaineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí;

(b) go mbaineann an neamhchomhlíonadh leis an ngabháltas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (AE) 2021/...+[ nó limistéir eile arna mbainistiú ag an tairbhí lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna.

Maidir le limistéir foraoise, áfach, ní bheidh feidhm ag na pionóis riaracháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás nach n-éileofar aon tacaíocht i leith an limistéir lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 70 agus 71 de Rialachán (AE) 2021/...+.

2. Ina gcórais na bpionós riaracháin dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) áireoidh na Ballstáit rialacha maidir le cur i bhfeidhm na bpionós riaracháin i gcásanna ina n-aistreofar an talamh talmhaíochta, nó gabháltas talmhaíochta, nó cuid de, le linn na bliana féilire lena mbaineann nó le linn na mblianta lena mbaineann; beidh na rialacha seo bunaithe ar shannadh cóir cothrom an dliteanais le haghaidh neamhchomhlíontaí i measc aistreoirí agus aistrithe;

---

+[ + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(b) féadfaidh siad a chinneadh, d'ainneoin mhír 1, gan pionós riaracháin a chur i bhfeidhm in aghaidh an tairbhí in aghaidh bliana féilire nuair is ionann an pionós agus EUR 100 nó níos lú; cuirfear an tairbhí ar an eolas, áfach, faoi thoradh an neamhchomhlíonta agus faoin oibleagáid gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh don todhchaí;

(c) forálfaidh siad nach bhforchuirfear aon phionós riaracháin sna cásanna seo a leanas:

(i) is é is cúis leis an neamhchomhlíonadh force majeure nó imthosca eisceachtúla i gcomhréir le hAirteagal 3;

(ii) is é is cúis leis an neamhchomhlíonadh ordú ó údarás poiblí.

Chun críche na chéad fhomhíre, pointe (a), ciallaíonn 'aistriú' aon chineál idirbhirt arb é is toradh dó nach bhfuil an talamh talmhaíochta nó an gabháltas talmhaíochta, nó cuid de, ar fáil a thuilleadh don aistreoir;

3. Ní bheidh aon tionchar ag cur i bhfeidhm pionóis riaracháin ar dhlíthiúlacht ná ar rialtacht an chaiteachais a bhfuil feidhm aige ina leith.

*Airteagal 85*

*Na pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm agus a ríomh*

1. Na pionóis riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 84, cuirfear i bhfeidhm iad trí laghdú nó eisiamh a dhéanamh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a liostaithe in Airteagal 83(1) agus a dheonaítear nó atá le deonú don tairbhí lena mbaineann i dtaca le hiarratais ar chabhair a chuir an tairbhí sin isteach nó a chuirfidh sé isteach le linn na bliana féilire ina n-aimsítear an neamhchomhlíonadh. Ríomhfar na laghduithe nó na heisiaimh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar sa bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh. Mar sin féin, nuair nach féidir an bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh a chinneadh, áfach, déanfar na laghduithe nó na heisiaimh a ríomh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar é le linn na bliana féilire ina n-aimsítear an neamhchomlíonadh.

   Chun na laghduithe agus na heisiaimh sin a ríomh, cuirfear san áireamh déine, forleithne, buaine nó atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta a braitheadh. Is éifeachteach, comhréireach agus athchomhairleach a bheidh na pionóis riaracháin a fhorchuirfear.

   Is bunaithe ar na rialuithe a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 83(6) a bheidh na pionóis riaracháin.

2. Is é a bheidh sa laghdú, mar riail ghinearálta, 3 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. I gcás nach mbeidh aon iarmhairtí ag an neamhchomhlíonadh, nó nach mbeidh ach iarmhairtí neamhshuntasacha aige, chun cuspóir an chaighdeáin nó an cheanglais lena mbaineann a bhaint amach, ní chuirfear aon phionós riaracháin i bhfeidhm.

Bunóidh na Ballstáit sásra feasachta chun a áirithiú go gcuirfear tairbhithe ar an eolas faoi neamhchomhlíonadh a bhraitear agus faoi bhearta ceartaitheacha a d’fhéadfadh a bheith le déanamh. Áireofar sa sásra freisin na seirbhísí sonracha comhairleacha feirme dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/...[+,] a bhféadfadh sé go mbeadh sé éigeantach do na tairbhithe a mbíonn rannpháirteach iontu.

4. I gcás ina n-úsáideann Ballstát an córas faireacháin limistéir dá dtagraítear i bpointe c d'Airteagal 66(1), pointe (c), chun cásanna neamhchomhlíonta a bhrath, féadfaidh sé a chinneadh laghduithe céatadáin níos ísle a chur i bhfeidhm ná iad siúd dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo.

5. I gcás ina mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha ag neamhchomhlíonadh chun cuspóir an chaighdeáin nó an cheanglais lena mbaineann a bhaint amach, nó más neamhchomhlíonadh é ina mbeidh baol díreach don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe, beidh céatadán an laghdaithe níos airde ná an céatadán dá bhforáiltear i gcomhréir le mír 2.

6. I gcás ina leantar den neamhchomhlíonadh céanna nó ina dtarlaíonn sé uair amháin laistigh de thrí bliana féilire as a chéile, is é a bheidh i gcéatadán an laghdaithe, mar riail ghinearálta, 10 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. Measfar gur cásanna neamhchomhlíonta d’aon ghnó iad atarluithe breise an neamhchomhlíonta chéanna gan cúis réasúnaithe ag an tairbhí.

---

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

I gcás neamhchomhlíonadh d'aon ghnó, is é a bheidh i gcéatadán an laghdaithe 15 % ar a laghad de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

7. Chun cothrom na Féinne a áirithiú dona Ballstáit agus éifeachtacht, comhréireacht agus éifeacht athchomhairleach na bpionós riaracháin faoin gCaibidil seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha mionsonraithe maidir leis na pionóis sin a chur i bhfeidhm agus a ríomh.

*Airteagal 86*

*Méideanna mar thoradh ar na pionóis riaracháin maidir le coinníollacht*

Féadfaidh na Ballstáit 25 % de na méideanna atá mar thoradh ar na laghduithe agus na n-eisiamh dá dtagraítear in Airteagal 85 a choinneáil.

# CAIBIDIL V

# An córas rialaithe agus pionóis riaracháin maidir le coinníollacht

*Airteagal 87*

*An córas rialála le haghaidh coinníollachta*

1. Bunóidh na Ballstáit córas lena bhforáiltear maidir le pionóis riaracháin a chur i bhfeidhm ar thairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/...[+] nach gcomhlíonfaidh na rialacha maidir le coinníollacht shóisialta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

   Chuige sin, bainfidh na Ballstáit úsáid as a gcórais rialaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i réimse na reachtaíochta sóisialta agus fostaíochta agus as na caighdeáin saothair is infheidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe na cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/...[+] agus i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 nó i gCaibidil IV de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013, na hoibleagáidí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/...[+].

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin sa dhoiciméid PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

2. Áiritheoidh na Ballstáit deighilt shoiléir freagrachtaí idir na húdaráis nó na comhlachtaí atá freagrach as an reachtaíocht shóisialta agus fostaíochta agus na caighdeáin saothair is infheidhme a fhorfheidhmiú, ar thaobh amháin, agus na gníomhaireachtaí íocaíochta ar an taobh eile, arb é an ról atá ag na gníomhaireachtaí íocaíochta íocaíochtaí a dhéanamh agus pionóis a chur i bhfeidhm faoin sásra coinníollachta sóisialta.

*Airteagal 88*

*Córas pionós riaracháin maidir le coinníollacht shóisialta*

1. Faoin gcóras dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 87(1), an chéad fhomhír, tabharfar fógra don ghníomhaireacht íocaíochta uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad faoi chásanna neamhchomhlíonta i gcás ina bhfuil cinntí in-fhorfheidhmithe déanta ina leith sin ag na húdaráis nó ag na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 87(2). Áireofar san fhógra sin measúnú agus grádú ar dhéine, forleithne, buaine nó atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta lena mbaineann. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as aon chóras náisiúnta grádaithe smachtbhannaí saothair is infheidhme chun an measúnú sin a dhéanamh. Leis an bhfógra don ghníomhaireacht íocaíochta, déanfar eagrú inmheánach, cúraimí agus nósanna imeachta na n-údarás agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 87(2)a urramú

Ní thabharfar fógra don ghníomhaireacht íocaíochta ach amháin i gcás inar toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann; agus i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha breise seo a leanas nó an dá cheann díobh:

(a) go mbaineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí;

(b) go mbaineann an neamhchomhlíonadh leis an ngabháltas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (AE) 2021/…[+] nó limistéir eile arna mbainistiú ag an tairbhí lonnaithe laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna.

2. Ina gcórais na bpionós riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 87 (1), déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad a chinneadh, gan pionós riaracháin a chur i bhfeidhm in aghaidh an tairbhí in aghaidh na bliana féilire nuair is ionann an pionós agus EUR 100 nó níos lú, cuirfear an tairbhí ar an eolas, áfach, faoi toradh an neamhchomhlíonta agus faoin oibleagáid gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh don todhchaí;

(b) forálfaidh siad nach bhforchuirfear aon phionós riaracháin sna cásanna seo a leanas:

(i) i gcás inarb é force majeure is cúis leis an neamhchomhlíonadh;

(ii) is é is cúis leis an neamhchomhlíonadh ordú ó údarás poiblí.

3. Ní bheidh aon tionchar ag cur i bhfeidhm pionóis riaracháin ar dhlíthiúlacht ná ar rialtacht an chaiteachais a bhfuil feidhm aige ina leith.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

*Airteagal 89*

*An pionós riaracháin a chur i bhfeidhm agus a ríomh*

1. Na pionóis riaracháin, cuirfear i bhfeidhm iad trí laghdú nó eisiamh a dhéanamh ar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí a liostaítear in Airteagal 83(1) agus a dheonaítear nó atá le deonú don tairbhí lena mbaineann i dtaca le hiarratais ar chabhair a chuir an tairbhí sin isteach nó a chuirfidh sé isteach le linn na bliana féilire ina n-aimsítear an neamhchomhlíonadh. Ríomhfar na laghduithe nó na heisiaimh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar sa bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh. Mar sin féin, nuair nach féidir an bhliain féilire inar tharla an neamhchomhlíonadh a chinneadh, áfach, déanfar na laghduithe nó na heisiaimh a ríomh ar bhonn na n-íocaíochtaí a deonaíodh nó a dheonófar é le linn na bliana féilire ina n-aimsítear an neamhchomhlíonadh.

   Agus na laghduithe agus na heisiaimh sin á ríomh, cuirfear san áireamh déine, forleithne, buaine nó atarlú agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta a cinneadh, i gcomhréir leis an measúnú ó na húdaráis nó ó na comhlachtaí forfheidhmithe inniúla dá dtagraítear in Airteagal 87(2). Is éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a bheidh na pionóis riaracháin a fhorchuirfear.

   Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha ábhartha Airteagal 85(2), (5) agus (6) maidir le cur i bhfeidhm agus ríomh na bpionós riaracháin.

2. Chun cothrom na Féinne a áirithiú dona Ballstáit agus éifeachtacht, comhréireacht agus éifeacht na bpionós riaracháin faoin gCaibidil seo, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha mionsonraithe maidir leis na pionóis sin a chur i bhfeidhm agus a ríomh.

# TEIDEAL V
# FORÁLACHA COITEANNA

## CAIBIDIL I
## Faisnéis a tharchur

*Airteagal 90*

*Faisnéis a chur in iúl*

1. Mar aon lena n-oibleagáidí cumarsáide de bhun Rialachán (AE) 2021/...[+], cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún an fhaisnéis, na dearbhuithe agus na doiciméid seo a leanas:

(a) i gcás gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus comhlachtaí comhordaithe ainmnithe agus creidiúnaithe:

(i) a ndoiciméad creidiúnaithe,

---

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

(ii) a bhfeidhm (gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó comhlacht comhordaithe ainmnithe agus creidiúnaithe),

(iii) i gcás inarb ábhartha, tarraingt siar a gcreidiúnaithe;

(b) i gcás comhlachtaí creidiúnaithe:

(i) a n-ainm,

(ii) a seoladh;

(c) i gcás bearta a bhaineann le hoibríochtaí atá á maoiniú ag CERT agus CETFT:

(i) dearbhuithe caiteachais, a mbeidh feidhm iarratas íocaíochta leo freisin, arna síniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó ag an gcomhlacht comhordaithe ainmnithe agus creidiúnaithe agus an fhaisnéis is gá ag gabháil leo;

(ii) maidir le CERT, meastacháin ar a riachtanais airgeadais, agus, maidir le CETFT, nuashonrú ar dhearbhuithe caiteachais measta a thíolacfar le linn na bliana agus dearbhuithe caiteachais measta na bliana airgeadais ina dhiaidh sin;

(iii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite dá dtagraítear i dTeideal IV, Caibidil II. Eagróidh an Coimisiún cruinnithe leis na Ballstáit chun tuairimí faoin gceist sin a roinnt.

*Airteagal 91*

*Rúndacht*

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún gach beart is gá chun go n-áiritheofar rúndacht na faisnéise a chuirtear in iúl nó a fhaightear trí bhíthin cigireachta agus trí bhíthin na mbeart um imréiteach cuntas arna gcur chun feidhme faoin Rialachán seo.

   Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 maidir leis an bhfaisnéis sin.

2. Gan dochar d'fhorálacha náisiúnta maidir le himeachtaí dlí, déanfar faisnéis a bhaileofar le linn an ghrinnscrúdaithe dá bhforáiltear i dTeideal IV, Caibidil III, a chosaint faoin rúndacht ghairmiúil. Ní chuirfear an fhaisnéis in iúl d'aon duine ach amháin dóibh sin nach mór, de bharr a gcuid dualgas sna Ballstáit nó in institiúidí an Aontais, eolas a bheith acu uirthi chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

*Airteagal 92*

*Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le faisnéis a tharchur*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm, an t-ábhar, na heatraimh, na sprioc-amanna agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:

(i) dearbhuithe caiteachais agus meastacháin chaiteachais agus na nuashonruithe orthu, lena n-áirítear ioncam sannta,

(ii) dearbhú bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta,

(iii) tuarascálacha deimhniúcháin na gcuntas,

(iv) ainmneacha agus sonraí na ngníomhaireachtaí íocaíochtaí creidiúnaithe, na ngníomhaireachtaí comhordaithe ainmnithe agus creidiúnaithe agus na ngníomhaireachtaí deimhniúcháin ainmnithe,

(v) socruithe maidir le caiteachas arna mhaoiniú ag CERT agus CETFT a chur san áireamh agus a íoc,

(vi) fógraí maidir leis na coigeartuithe airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit i dtaca le hidirghabhálacha forbartha tuaithe,

(vii) faisnéis maidir leis na bearta arna ndéanamh de bhun Airteagal 59;

(b) na socruithe lena rialaítear malartuithe faisnéise agus doiciméad idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus cur chun feidhme córas faisnéise lena n-áirítear cineál, formáid, agus ábhar na sonraí atá le próiseáil ag na córais sin agus na rialacha comhfhreagracha maidir le stóráil sonraí;

(c) na fógraí ó na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir le faisnéis, doiciméid, staidrimh agus tuarascálacha, mar aon leis na sprioc-amanna agus na modhanna lena dtabharfar an fógra sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL II

# Úsáid an euro

*Airteagal 93*

*Prionsabail ghinearálta*

1. Sloinnfear agus íocfar in euro na méideanna a thugtar sna cinntí cur chun feidhme ón gCoimisiún lena gceadaítear Pleananna Straitéiseacha CBT, méideanna na ngealltanas agus na n-íocaíochtaí ón gCoimisiún, méideanna an chaiteachais a dhearbhaítear nó a dheimhnítear, agus méideanna atá i ndearbhuithe caiteachais de chuid na mBallstát.

2. Sloinnfear in euro na praghsanna agus na méideanna atá socruithe i reachtaíocht talmhaíochta.

Deonófar nó baileofar na praghsanna agus na méideanna sin in euro i gcás na mBallstát a bhfuil an euro glactha acu agus san airgeadra náisiúnta i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

*Airteagal 94*

*An ráta malairte agus an t-imeacht feidhme*

1. Na praghsanna agus na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 93(2), comhshófar iad ina n-airgeadra náisiúnta trí bhíthin ráta malairte i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

2. Is é a bheidh san imeacht feidhme don ráta malairte:

(a) cur i gcrích foirmiúlachtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin i gcás méideanna arna mbailiú nó arna ndeonú le linn trádáil le tríú tíortha;

(b) an t-imeacht trína ngnóthaítear cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta i ngach cás eile.

3. I gcás ina ndéanfar íocaíocht dhíreach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/...[+] le tairbhí in airgeadra nach é an euro é, comhshófaidh na Ballstáit méid na cabhrach sloinnte in euro isteach ina n-airgeadra náisiúnta ar bhonn an ráta malairte is déanaí arna shocrú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar deonaíodh an chabhair ina leith.

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcásanna a mbeidh údar cuí leo, an comhshó a dhéanamh ar bhonn mheán na rátaí malairte arna socrú ag BCE le linn na míosa roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar deonaíodh an chabhair ina leith. Socróidh agus foilseoidh na Ballstáit a roghnóidh an rogha sin an meánráta sin roimh an 1 Nollaig den bhliain sin.

4. Maidir le CERT, agus a ndearbhuithe caiteachais á dtarraingt suas acu, déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu an ráta malairte céanna a d'úsáid siad chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe nó chun ioncam a fháil, a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis na himeachtaí feidhme sin agus maidir leis an ráta malairte atá le húsáid. Cinnfear an t-imeacht feidhme sonrach agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

(a) coigeartuithe ar an ráta malairte a bheith infheidhme go hiarbhír a luaithe is féidir;

(b) cosúlacht na n-imeachtaí feidhme i gcás oibríochtaí analógacha arna ndéanamh faoin eagraíocht mhargaidh;

(c) comhtháthú sna himeachtaí feidhme le haghaidh na bpraghsanna agus na méideanna éagsúla a bhaineann leis an eagraíocht mhargaidh;

(d) infheidhmitheacht agus éifeachtacht na seiceálacha ar chur i bhfeidhm rátaí malairte oiriúnacha.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialacha maidir leis an ráta malairte is infheidhme nuair a tharraingítear suas dearbhuithe caiteachais agus nuair a thaifeadtar oibríochtaí stórála poiblí i gcuntais na gníomhaíochta íocaíochta.

*Airteagal 95*

*Bearta cosanta agus maoluithe*

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéanfar cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a choimirciú i gcás inar dóchúil go gcuirfidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin i mbaol. Ní fhéadfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a mhaolú ó na rialacha atá ann cheana ach ar feadh tréimhse ama atá fíor-riachtanach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

Déanfar Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. I gcás inar dóchúil go gcuirfidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann le hairgeadra náisiúnta cur i bhfeidhm dhlí an Aontais i mbaol, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le maoluithe ón gCaibidil seo, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát teicnící neamhghnácha malartaithe, amhail rátaí éagsúla malairte, nó ina n-oibreoidh an tír comhaontuithe babhtála;

(b) i gcás ina mbeidh airgeadraí ag na Ballstáit nach bhfuil luaite ar mhargaí airgeadraí eachtracha oifigiúla nó i gcás inar dóchúil go mbeidh saobhadh trádála ann de bharr threocht na n-airgeadraí sin.

*Airteagal 96*

*An euro á úsáid ag Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu*

1. Má chinneann Ballstát nach bhfuil an euro glactha aige an caiteachas a thagann as reachtaíocht talmhaíochta a íoc in euro seachas ina airgeadra náisiúnta, déanfaidh an Ballstát bearta chun a áirithiú nach mbeidh buntáiste córasach ag baint le húsáid an euro i gcomparáid le húsáid an airgeadra náisiúnta.

2. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta atá beartaithe dá dtagraítear i mír 1 sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Ní bheidh feidhm ag na bearta go dtí go gcuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát a chomhaontú ina leith.

# CAIBIDIL III

## Tuairisciú

*Airteagal 97*

*An tuarascáil airgeadais bhliantúil*

Faoi 30 Meán Fómhair gach bliain tar éis na bliana buiséadaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil airgeadais ar riar CERT agus CETFT le linn na bliana buiséadaí roimhe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.

# CAIBIDIL IV

## Trédhearcacht

*Airteagal 98*

*Faisnéis maidir le tairbhithe a fhoilsiú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar liosta ex-post de thairbhithe CERT agus CETFT ar bhonn bliantúil chun críocha Airteagal 49 (3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus i gcomhréir le míreanna 2, 3, agus 4 den Airteagal seo, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis faoi ghrúpaí ina mbíonn na tairbhithe rannpháirteach, i gcomhréir le hAirteagal 59(4) den Rialachán seo, arna bhforáil dóibh ag na tairbhithe sin i gcomhréir le hAirteagal 59(4) den Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 49(3) pointí (a), (b), (d) go (j) agus (l) agus Airteagal 49(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le tairbhithe CETFT agus CERT, i gcás inarb ábhartha. Beidh cur i bhfeidhm Airteagal 49(3), pointe (e), den Rialachán sin teoranta do chuspóir na hoibríochta. Beidh feidhm ag Airteagal 49(3), pointe (k), den Rialachán sin maidir le CETFT.

3. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘oibríocht’ beart, earnáil nó cineál idirghabhálacha;

(b) ciallaíonn "costas iomlán na hoibríochta" suimeanna na híocaíochta a chomhfhreagraíonn le gach beart, earnáil nó cineál idirghabhálacha arna maoiniú ag CERT nó CETFT a fhaigheann gach tairbhí sa bhliain airgeadais lena mbaineann. A mhéid a bhaineann leis na híocaíochtaí a chomhfhreagraíonn do na cineálacha idirghabhálacha arna maoiniú ag CETFT, comhfhreagraíonn na méideanna a fhoilseofar leis an maoiniú poiblí iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht an Aontais agus an ranníocaíocht náisiúnta araon;

(c) ciallaíonn ‘táscaire suímh nó geoshuíomh don oibríocht’ an bhardasacht ina bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ina bhfuil sé cláraithe agus, más ann dó, an cód poist nó an chuid de lena sainaithnítear an bhardasacht.

4. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 49(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2021/1060 ar fáil ar shuíomh gréasáin amháin. Beidh an fhaisnéis sin ar fáil go ceann dhá bhliain ón dáta a fhoilseofar den chéad uair í.

Ní fhoilseoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 49(3), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2021/1060 más ionann méid na cabhrach a fhaigheann tairbhí in aon bhliain amháin agus EUR 1 250, nó má tá sé níos lú ná sin.

*Airteagal 99*

*Tairbhithe a chur ar an eolas faoi fhoilsiú sonraí a bhaineann leo*

Cuirfidh na Ballstáit na tairbhithe ar an eolas go bpoibleofar sonraí a bhaineann leo i gcomhréir le hAirteagal 98 agus go bhféadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta agus fiosrúcháin de chuid an Aontais agus na mBallstát na sonraí sin a phróiseáil chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2016/679, a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, cuirfidh na Ballstáit na tairbhithe ar an eolas maidir lena gcearta faoin Rialachán sin agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.

*Airteagal 100*

*Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le trédhearcacht*

Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm, lena n-áirítear an nós cur i láthair de réir birt, earnála, nó cineál idirghabhála, agus amscála an fhoilsithe dá bhforáiltear in Airteagail 98 agus 99;

(b) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Airteagal 99;

(c) an comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).

# CAIBIDIL V
# Sonraí pearsanta a chosaint

*Airteagal 101*

*Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint*

1. Gan dochar d'Airteagail 98, 99 agus 100, baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun a n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe, iniúchta agus faireacháin faoi seach faoin Rialachán seo a dhéanamh agus, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar síos i dTeideal II, Caibidil II, i dTeideal III, Caibidilí III agus IV, i dTeideal IV agus Teideal V, Caibidil III, agus chun críoch staidrimh, agus ní phróiseálfaidh siad na sonraí sin ar bhealach neamh-chomhoiriúnach leis an gcuspóirí sin.

2. I gcás ina bpróiseálfar sonraí pearsanta chun críoch faireacháin agus meastóireachta faoi Rialachán (AE) 2021/...[+,] agus chun críoch staidrimh, beidh siad anaithnid.

[+,] [+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin sa dhoiciméid PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

3. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725. Go háirithe, ní stórálfar na sonraí sin i bhfoirm ina mbeifear in ann ábhair sonraí a aithint go ceann tréimhse níos faide ná is gá chun na gcríoch a bailíodh iad nó a phróiseálfar a thuilleadh iad, agus na tréimhsí íosta coinneála a leagtar síos i ndlí an Aontais is infheidhme agus sa dlí náisiúnta is infheidhme á gcur san áireamh.

4. Cuirfidh na Ballstáit na hábhair sonraí ar an eolas go bhféadfaidh comhlachtaí náisiúnta agus comhlachtaí de chuid an Aontais a sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus sa mhéid sin go bhfuil sé de cheart acu leas a bhaint as na cearta cosanta sonraí dá bhforáiltear le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

# TEIDEAL VI
# GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 102*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse seacht mbliana ó ... [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 54(4), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 54(4), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105 a chúlghairm ag aon tráth. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos faide anonn a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula ndéanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh sé i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun`Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 54(4), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 103*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste ar a dtabharfar “Coiste na gCistí Talmhaíochta” cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

   Chun críocha Airteagail 11, 12, 17, 18, 23, 26, 32, 39 to 44, 47, 51 go 55, 58, 59, 60, 64, 75, 82, 92, 95 agus 100, a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le hidirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha in earnálacha áirithe, idirghabhálacha forbartha tuaithe agus comheagrú na margaí, tabharfaidh an Coiste um na Cistí Talmhaíochta, Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/...[+] agus an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 faoi seach, cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)).

# TEIDEAL VII
# FORÁLACHA DEIRIDH

*Airteagal 104*

*Aisghairm*

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Ar an taobh eile:

(a) Beidh feidhm fós ag Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99 agus 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013:

(i) maidir le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh scéimeanna tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 i ndáil leis an mbliain féilire 2022 agus roimhe sin;

(ii) le haghaidh bearta arna gcur chun feidhme faoi Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh 1144/2014 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(iii) le haghaidh na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 5(6), an chéad mhír, pointe (c) agus in Airteagal 5(7) de Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1+] maidir le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh d'oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tar éis an 31 Nollaig 2022 agus go dtí deireadh na scéimeanna cabhrach sin; agus

(iv) a mhéid a bhaineann le CETFT i ndáil le caiteachas arna thabhú ag na tairbhithe agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta i gcreat chur chun feidhme clár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

(b) Beidh feidhm fós ag Airteagal 69 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh scéimeanna tacaíochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus i gcreat cur chun feidhme clár forbartha tuaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus bearta eile faoi CBT a leagtar síos i dTeideal II, Caibidil I de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a chuirtear chun feidhme roimh an 1 Eanáir 2023;

---

1 Rialachán (AE) 2021/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L …).

\+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin sa dhoiciméid PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD)) agus cuir isteach san fhonóta lena bhaineann uimhir, dáta ghlactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin sin.

(c) Leanfaidh Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith aige maidir le hioncam a dhearbhaítear i gcreat cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 27/2004 ón gCoimisiún[1];

(d) Beidh feidhm fós ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla dá dtagraítear in Airteagal 155(2) de Rialachán (AE) 2021/...[+]. D'ainneoin sin, beidh feidhm ag Airteagal 31 den Rialachán seo maidir leis an gcaiteachas a dtugtar fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 155(2) de Rialachán (AE) 2021/...+,agus chun na críche sin measfar gur cineál idirghabhála é.

2. Forléireofar tagairtí don rialachán aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo, do Rialachán (AE) 2021/…[+] agus do Rialachán (AE) Uimh 1308/2013 agus déanfar iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil san Iarscríbhinn.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 27/2004 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2004 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe idirthréimhseacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maoiniú ag Roinn Ráthaíochta CETRT do bhearta forbartha tuaithe i bPoblacht na Seice, san Eastóin, sa Chipir, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Ungáir, i Málta, sa Pholainn, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic (IO L 5, 9.1.2004, lch. 36).

+. + IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD))

*Airteagal 105*

*Bearta idirthréimhseacha*

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 102, ar gníomhartha iad atá riachtanach chun aistriú rianúil a áirithiú ó na bearta dá bhforáilítear i Rialachán (AE) Uimh 1306/2013, dá dtagraítear in Airteagal 104 den Rialachán seo, go iad siúd a leagtar síos sa Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le maoluithe ó na rialacha, agus breisithe ar na rialacha, dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

*Airteagal 106*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2023.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 16 maidir le caiteachas a dhéanfar ón 16 Deireadh Fómhair 2022 a mhéid a bhaineann le CERT,

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 | - | - |
| Airteagal 2 | Airteagail 2 agus 3 | – | - |
| Airteagal 3 | Airteagal 4 | – | - |
| Airteagal 4 | Airteagal 5 | – | - |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 | - | - |
| Airteagal 6 | Airteagal 7 | - | - |
| Airteagal 7(1), (2) agus (3) | Airteagal 9 | - | - |
| Airteagal 7(4) agus (5) | Airteagal 10 | – | – |
| Airteagal 7(6) | – | – | – |
| Airteagal 8 | Airteagal 11 | - | - |
| Airteagal 9 | Airteagal 12 | – | - |
| Airteagal 10 | Airteagal 37, pointe (a) | - | - |
| Airteagal 11 | Airteagal 44(1) | – | - |
| Airteagal 12 | – | Airteagal 15(1), (2) agus (4) | - |
| Airteagal 13(1) | – | Airteagal 15(3) | - |
| Airteagal 13(2) and (3) | – | – | – |
| Airteagal 14 | – | – | - |
| Airteagal 15 | – | – | - |

+ IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin i ndoiciméad PE-CONS 64/21 (2018/0216 (COD))

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 16 | Airteagal 14 | – | - |
| Airteagal 17 | Airteagal 20 | – | - |
| Airteagal 18 | Airteagal 21 | – | - |
| Airteagal 19 | Airteagal 22 | – | - |
| Airteagal 20 | Airteagal 23 | - | - |
| Airteagal 21 | Airteagal 24 | - | - |
| Airteagal 22 | Airteagal 25 | - | - |
| Airteagal 23 | Airteagal 26 | - | - |
| Airteagal 24 | Airteagal 15 | – | - |
| Airteagal 25 | Airteagal 16 | - | - |
| Airteagal 26 | Airteagal 17 | - | - |
| Airteagal 27 | Airteagal 18 | - | - |
| Airteagal 28 | Airteagal 19 | – | - |
| Airteagal 29 | – | – | |
| Airteagal 30 | Airteagal 36 | – | |
| Airteagal 31 | Airteagal 27 | - | |
| Airteagal 32 | Airteagal 28 | - | |
| Airteagal 33 | Airteagal 29 | - | |
| Airteagal 34 | Airteagal 30 | - | |
| Airteagal 35 | Airteagal 31 | – | |
| Airteagal 36 | Airteagal 32 | - | |

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 37 | Airteagal 33 | - | |
| Airteagal 38 | Airteagal 34 | - | |
| Airteagal 39 | Airteagal 35 | – | |
| Airteagal 40 | Airteagal 38 | – | |
| Airteagal 41 | Airteagal 39 | – | |
| Airteagal 42 | – | - | |
| Airteagal 43 | Airteagal 45 | - | |
| Airteagal 44 | Airteagal 43(1) | - | |
| Airteagal 45 | Airteagal 46 | - | |
| Airteagal 46 | Airteagal 43(2) agus Airteagal 47 | – | |
| Airteagal 47 | Airteagal 49 | - | |
| Airteagal 48 | Airteagal 50 | | |
| Airteagal 49 | Airteagal 51(1) agus (2) | - | |
| Airteagal 50 | Airteagal 51(3) agus Airteagal 52 | – | |
| Airteagal 51 | Airteagal 53 | – | |
| Airteagal 52 | Airteagal 55 | – | |
| Airteagal 53 | – | - | |
| Airteagal 54 | – | - | |
| Airteagal 55 | Airteagal 56 | - | – |
| Airteagal 56 | Airteagal 57 | - | – |

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 57 | Airteagal 58 | – | – |
| Airteagal 58 | Airteagal 59 | - | – |
| Airteagal 59 | – | - | – |
| Airteagal 60 | Airteagal 62 | - | – |
| Airteagal 61 | Airteagal 63 | – | – |
| Airteagal 62 | Airteagal 60 | – | – |
| Airteagal 63(1) an chéad fhomhír, (2)-(5) | – | – | – |
| Airteagal 63(1) an dara fomhír | Airteagal 61 | - | – |
| Airteagal 64 | – | - | – |
| Airteagal 65 | – | - | – |
| Airteagal 66 | Airteagal 64 | - | – |
| Airteagal 67 | Airteagal 65 | – | – |
| Airteagal 68 | Airteagal 66 | - | – |
| Airteagal 69(1), an chéad fhomhír | Airteagal 67(1), an dara fomhír | - | – |
| Airteagal 69(1), an dara fomhír | – | – | – |
| Airteagal 69(1), an tríú fomhír | Airteagal 67(1), an ceathrú fomhír | – | – |
| Airteagal 69(2) | Airteagal 67(2) | – | – |
| Airteagal 70 | Airteagal 68 | - | – |

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 71 | Airteagal 73 | – | – |
| Airteagal 72 | Airteagal 69 | – | – |
| Airteagal 73 | Airteagal 71 | – | – |
| Airteagal 74(1) | Airteagal 72 | - | – |
| Airteagal 74(2), (3) agus (4) | – | – | – |
| Airteagal 75 | Airteagal 44(2), (3) agus (5) | - | – |
| Airteagal 76 | Airteagal 74 | - | – |
| Airteagal 77 | – | - | – |
| Airteagal 78 | Airteagal 75 | – | – |
| Airteagal 79 | Airteagal 76 | - | – |
| Airteagal 80 | Airteagal 77(1), (2) agus (5) | - | – |
| Airteagal 81 | Airteagal 78(1), (2) agus (3) | - | – |
| Airteagal 82(1) agus (2) | Airteagal 78(4) agus (5) | – | – |
| Airteagal 82(3) agus (4) | – | – | – |
| Airteagal 83(1) | Airteagal 79 | – | – |
| Airteagal 83(2) agus (3) | – | – | – |
| Airteagal 84(1), (2) (3) agus (4) | Airteagal 80 | – | – |
| Airteagal 84(5) | – | – | – |
| Airteagal 84(6) | Airteagal 77(4) | – | – |

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 85(1),(3) agus (4) | - | - | – |
| Airteagal 85(2) | Airteagal 77(3) | – | – |
| Airteagal 86(1) | Airteagal 80(2), pointe (b) | - | – |
| Airteagal 86(2) | – | – | – |
| Airteagal 87 | Airteagal 81 | - | – |
| Airteagal 88 | Airteagal 82 | - | – |
| Airteagal 89 | – | - | Airteagal 90a |
| Airteagal 90 | – | - | Airteagal 116a |
| Airteagal 91 | – | Airteagal 12 | – |
| Airteagal 92 | – | Airteagal 12 | – |
| Airteagal 93 | – | Airteagal 12 | – |
| Airteagal 94 | – | Airteagal 14 | – |
| Airteagal 95 | – | - | – |
| Airteagal 96 | Airteagal 83 | – | – |
| Airteagal 97 | Airteagal 84 | - | – |
| Airteagal 98 | – | - | – |
| Airteagal 99 | Airteagal 85 | - | – |
| Airteagal 100 | Airteagal 86 | – | – |
| Airteagal 101(1) | – | – | – |
| Airteagal 101(2) | Airteagal 85(7) | – | – |
| Airteagal 102 | Airteagal 90 | – | – |

| Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 | An Rialachán seo | Rialachán (AE) 2021/...+ | Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 |
|---|---|---|---|
| Airteagal 103 | Airteagal 91 | - | – |
| Airteagal 104 | Airteagal 92 | - | – |
| Airteagal 105 | Airteagal 93 | - | – |
| Airteagal 106 | Airteagal 94 | - | – |
| Airteagal 107 | Airteagal 95 | – | – |
| Airteagal 108 | Airteagal 96 | - | – |
| Airteagal 109 | Airteagal 97 | - | – |
| Airteagal 110 | – | Airteagal 128 | – |
| Airteagal 111 | Airteagal 98(1), (2) agus(3) | - | – |
| Airteagal 112 | Airteagal 98(4) | – | – |
| Airteagal 113 | Airteagal 99 | – | – |
| Airteagal 114 | Airteagal 100 | – | – |
| Airteagal 115 | Airteagal 102 | – | – |
| Airteagal 116 | Airteagal 103 | – | – |
| Airteagal 117 | Airteagal 101 | – | – |
| Airteagal 118 | – | – | – |
| Airteagal 119 | Airteagal 104 | – | – |
| Airteagal 119a | - | – | – |
| Airteagal 120 | Airteagal 105 | – | – |
| Airteagal 121 | Airteagal 106 | – | – |
| Iarscríbhinn I | – | – | – |
| Iarscríbhinn II | – | Iarscríbhinn III | – |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn | – | – |